

Stíl na Réaltaí gan a mbuiséad
L. 16



Pióráideacht na linne seo
L. 18



Conall Ó Móráin
L. 13

Nuacht Litríochta
L. 23





Breandán Ó Buachalla, 1936-2010 L. 5


ISSN 2009-3055

# Gaelscéal

Ag Cothú Phobal na Gaeilge

€1.65 (£1.50)
Uimh. 10

28.05.2010


# Éisc na hÉireann do mhuintir na hÉireann

**Le Treasa Bhreathnach**

Ó MHÍ Iúil ar aghaidh ní amháin go mbeidh iascairí na tíre ag iascach farraigí na tíre ach beidh siad á nglanadh ina ndiaidh.

Tá 100 iascaire, idir bháid chladaigh agus trálaeir, ag glacadh páirte i scéim bainistíochta timpeallachta chun farraigí na tíre a chaomhnú do thionscail iascaireachta na tíre agus do thodhchaí an tionscail úd. Is scéim í seo atá forbartha le cheithre bliana anuas ag tionscail iascaigh na tíre agus Bord Iascaigh Mhara ag iarraidh branda a chruthú - "Éisc na hÉireann do mhuintir na hÉireann."

Deir Frank Fleming, iascaire ar leis ' Providence 2' in Iarthar Chorcaí, agus ball de bhord na Scéime Bainistíochta Timpeallachta, "Tá iascairí na tíre ag brú na scéime seo ar aghaidh ar feadh cheithre bliana anois, mar go bhfuil muid ar fad ag iarraidh go mbeidh tionscail iascaigh na hÉireann caomhnaithe dúinn féin agus d'iascairí na todhchaí."

Caithfidh iascairí na tíre atá ag iarraidh páirt a ghlacadh sa scéim cloí le coinníollacha Diana, idir bheith ag tabhairt a gcuid dramhaíola abhaile leo agus ghlanadh na farraigí a iascann siad ina ndiaidh.

Beidh an scéim ag cruthú inrianaitheachta (traceability) d'éisc sa chaoi is go mbeifear in ann a fháil amach cén bád a thóg an t-iasc atá tú a ithe le do chuid sceallóga.

Beidh córas clibeanna i bhfeidhm d'iascairí na scéime faoina mbeidh tú in ann dul chuig a suíomh idirlín chun eolas a fháil ar an mbád a thóg an t-iasc atá tú a ithe.

*ar lean ar leathanach 21*

# "Ní féidir le haon eagras maireachtáil ar scéim amháin"

**Le Treasa Bhreathnach**

NÍOR glacadh le dhá mholadh de chuid na n-eagraíochtaí bunmhaoinithe Gaeilge i samhail nua maoinithe Fhoras na Gaeilge, agus "Is é an trua nár glacadh leo," a deir Janet Muller, príomhfheidhmeannach Pobal. Mhol na naoi n-eagraíocht déag go mbeadh bunmhaoiniú dá gcuid ag leanúint ar aghaidh ar feadh tréimhse trí bliana, rud nach bhfuil san áireamh i samhail nua maoinithe an Fhorais. Mhol siad chomh maith go mbeadh croímhaoiniú ar fáil do na heagraíochtaí Gaeilge uile sa tír agus go mbeadh na heagraíochtaí ansin in ann iarratas a dhéanamh ar chiste maoinithe do thionscadail áirithe.

*ar lean ar leathanach 2*

## Seanadóir Soineanta

GRIANGHRAF: MARK STEDMAN/PHOTOCALL IRELAND



An Seanadóir David Norris atá ag iarraidh ar mhuintir na hÉireann tabhairt faoi na bioráin chniotála ar mhaithe le feachtas nua Age Action 'The Innocent Big Knit'. Tá sé i gceist na mílte hataí beaga a chniotáil chun airgead a bhailiú don charthanacht. Measann Age Action gur cailleadh 2,000 duine aosta breise i mbliana de bharr an drochgheimhreadh. Breis eolais ag www.innocentdrinks.ie/thebigknit.

**BLÚIRÍNÍ**

### Cuireadh do cheannairí Iosrael agus na Palaistíne

TÁ Príomhaire Iosrael Netanyahu i ndiaidh glacadh le cuireadh ó Barack Obama bualadh leis sa Teach Bán Dé Máirt. Thug Obama cuireadh d'Uachtarán na Palaistíne Mahmoud Abbas bualadh leis freisin, ach níl dáta socraithe go fóill. Seo an chéad uair don dá cheannaire bualadh leis ó thús na gcainteanna síochána indíreacha i mí Aibreáin.(MNíE)

### Deireadh le meáin Mugabe?

TÁ ceadúnais faighte ag sé nuachtán phríobháideacha sa tSiombáib faoi choimisiún neamhspleách bunaithe chun leasuithe a dhéanamh ar mheáin chumarsáide na tíre. Ó 2003, nuair a chuir an tUachtarán Mugabe deireadh leis an nuachtán deireanach neamhspleách, an Daily Mail, ní raibh ach nuachtán amháin Stáit á mhaoiniú ag muintir na tire, The Herald. Beidh an chéad cheann de na nuachtáin nua á fhoilsiú taobh istigh de choicís.


| | |
|---|---|
| RÉIGIÚNACH | 8 |
| TUAIRIMÍ | 12 |
| CÚRSAÍ SAOIL | 16 |
| GNÓ | 18 |
| COMHSHAOL | 20 |
| BEATHA | 22 |
| OIDEACHAS | 26 |
| MIONFHÓGRAÍ | 28 |
| SPÓRT | 29 |

# 1 NUACHT NÁISIÚNTA

## Sioscadh Síneach idir Airí

IS sa tSín a bhí an tAire Gnóthaí Eachtracha Micheál Martin an tseachtain seo agus is ann a dúirt sé gur mhaith leis go mbeadh an tSínis mar ábhar i gcuraclam an Teastais Shóisearaigh.

Dar le Ruairí Quinn ó pháirtí an Lucht Oibre "Ba cheart don Aire Gnóthaí Eachtracha agus don Tánaiste Máire Ní Chochláin labhairt lena chéile ós rud é gur dhúirt sí liomsa ar an 20ú Aibreán nach raibh aon phleananna aici Mandairínis a bheith mar chuid den Teastas Sóisearach."

Dar leQuinn, ba cheart d'Éirinn athbhreithniú a dhéanamh ar an cheist seo ós rud é gurb í an tSín ceann de na geilleagair is mó fás i láthair na huaire. Beidh Quinn ag ardú na ceiste ag an Dáil an tseachtain seo chugainn. Beidh an tAire Martin ag filleadh abhaile óna thuras cúig lá inniu. (TB)

## Cearta fostaíochta inimircigh á n-éileamh ag an MCRI

TÁ an eagraíocht náisiúnta do chearta inimircigh, an MCRI, ag eagrú léirsiú poiblí lasmuigh d'oifig an Aire Batt O'Keefe i mBaile Átha Cliath, ar an dara lá de mhí an Mheithimh. Tá olc ar lucht an MCRI mar gheall nach bhfuil an tAire ag tabhairt airde orthu agus iad ag éileamh cearta do dhaoine le ceadúnas fostaíochta a bhfostóirí a athrú más mian leo. Maíonn an eagraíocht nach féidir le hinimircigh drochchoinníollacha oibre a fhágáil, mar gheall ar an gcóras ceadúnas atá ann faoi láthair. Beidh an léirsiú ag tosú go luath i ndiaidh meán lae. (MNíE)

## Moill ar phlean an Fheidhmeannais maidir le Comhairlí an Tuaiscirt

NÍ bheidh laghdú ag teacht ar an líon comhairlí i dTuaisceart Éireann go dtí 2015, a d'fhógair an tAire Timpeallachta Edwin Poots inné. Tá naoi milliún punt caite go dtí seo ar ullmhúcháin do na hathruithe seo. Sa bhliain 2008, shocraigh Feidhmeannas Thuaisceart Éireann líon na gcomhairlí sa Tuaisceart a laghdú d'os cionn 50%, agus chonacthas é mar fhianaise gurbh fhéidir leis an DUP agus Sinn Féin teacht ar aontú lena chéile. Anois agus moill curtha ar an bplean, is cosúil go mbeidh toghcháin 2011 bunaithe ar 26 comhairle agus ní aon chomhairle déag mar a bhí beartaithe. (MNíE)



**(Ó chlé go deas) Áine Ní Dhroighneáin agus Eimear Ní Chonaola ag Gradaim Chumarsáide an Oireachtais i gcomhar le Gala. Bhuaigh Eimear, Nuacht TG4, Pearsa Teilifíse na Bliana ag na gradaim.** GRIANGHRAF – SHANE O'NEILL, FENNELL PHOTOGRAPHY

## Gan tásc ná tuairisc

### na céadta páistí ar iarraidh ó chúram an Stáit

**Le Meadhbh Ní Eadhra**

CHUAIGH 419 páiste a bhí faoi chúram an Stáit ar iarraidh idir 2002 agus 2009, dar le Tuarascáil Bhliantúil nua Amnesty International. Tá sé ráite ag an eagraíocht gur páistí iad seo a bhí gan tacaíocht gan tearmann, agus go bhfuil an figiúr sin i ndiaidh ardú go 450 páiste ó dheireadh 2009.

"Shínigh Rialtas na hÉireann an Coinbhinsiún um Chearta an Linbh fiche bliain ó shin agus tá sé thar am don rialtas tosaíocht pholaitiúil a thabhairt do pháistí agus a gcearta a chur i mBunreacht na hÉireann," a dúirt urlabhraí ón eagraíocht. Tarraingíonn an tuairisc aird freisin ar an líon ard páistí atá in ionaid mheabhairshláinte do dhaoine fásta sa tír seo. Sa bhliain 2008, cuireadh 245 páiste go dtí na hionaid seo, agus cé go bhfuil laghdú tagtha ar an bhfigiúr sin anois, deir Amnesty International nach bhfuil "leithscéal ar bith" ann go mbeadh páistí in ionaid nach bhfuil oiriúnach dóibh.

## "Ní féidir le haon eagras maireachtáil ar scéim amháin"

*ar lean ó leathanach a haon*

"Cé go raibh jab iontach doiligh ag an Fhoras agus go bhfuil feoil fós le cur ar chreatlach na samhala nua maoinithe" a deir Janet, "caithfidh siad é seo a dhéanamh taobh istigh de mhí agus is tréimhse an-ghairid é sin chun na cinntí cearta a dhéanamh agus comhairleoireacht a ghlacadh ó na heagraíochtaí Gaeilge."

D'fhoilsigh Foras na Gaeilge a samhail nua maoinithe d'eagrais Ghaeilge bhunmhaoinithe Dé Céadaoin seo caite agus faoin tsamhail seo tá sé i gceist acu a gciste €8 milliún a chur ar fáil do gach eagras Gaeilge sa tír, seachas na heagrais a bhí bunmhaoinithe roimhe seo amháin. Tá sé i gceist go mbeidh scéimeanna á bhforbairt ina mbeidh eagrais in ann iarratas a dhéanamh ar mhaoiniú faoi scéim áirithe. Is iad na seacht scéim atá i gceist ná: Scéim Raidió Áitiúil, Scéim na nEalaíon, Scéim Oideachais, Scéim Tacaíochta Teaghlaigh, Scéim Cumasaithe Pobal, Scéim Óige agus Scéim Abhcóideachta agus Taighde. Tá sé i gceist ag Foras na Gaeilge bainistíocht feidhmíochta agus monatóireachta a bhunú a bheidh ag díriú ar thorthaí na dtionscadal maoinithe faoi na scéimeanna áirithe. Ní bheidh maoiniú á dhéanamh ar eagraíochtaí ina n-iomláine a thuilleadh ach beidh tionscadail faoi leith á maoiniú, is é sin an costas incháilithe agus ceadaithe agus cé nach mbeidh tuarastal fostaithe á mhaoiniú a thuilleadh is féidir tuarastal oibrithe a lua sa bhuiséad do thogra faoi leith.

Cé go gcuireann Lorcán Mac Gabhann, ceannasaí Ghlór na nGael, fáilte roimh dheireadh nahéiginnteachta a bhain le próiseas athstruchtúraithe maoinithe na n-eagras bunmhaoinithe, deir sé "táim sásta go mbeidh Glór na nGael ann i bhfoirm éigin amach anseo ach an mbeidh seachtar foirne againn?" Deir sé chomh maith go bhfuil a lán oibre fós le déanamh chun mionsonraí le haghaidh samhail nua maoinithe d'eagraíochtaí Gaeilge Fhoras na Gaeilge a oibriú amach. "Ní thuigim cad atá chomh difriúil sin idir an t-iarratas atá á dhéanamh againn faoi láthair agus iarratas ar mhaoiniú scéime" arsa Lorcán. Is comhairleoir neamhspleách ar chúrsaí teanga é Dónall Ó Riagáin a bhí bainteach leis an Chairt Eorpach do Theangacha Réigiúnacha nó Mionlaigh agus dar leis "Tá sé thar am ag na heagraíochtaí Gaeilge a gcuid oibre a scrúdú is a réasúnú, .i. a gcuid oibre a mheas agus a athroinnt. An mó eagraíocht Ghaeilge atá ag plé leis an aos óg? Nár leor dream amháin, é dírithe ar an aos óg amháin agus a chuid oibre comhordaithe? An mó dream atá ag soláthar ranganna/cúrsaí Gaeilge? Ach níl aon fhoras múinte teanga proifisiúnta againn dála an Alliance Française nó an Goethe Institut! Ach iad féin a atheagrú, beidh ról an-tábhachtach ag na heagraíochtaí amach anseo. Ach mura ndéanann ……?!"

Is cúis mhór imní do Chomhar na Múinteoirí Gaeilge na hathruithe atá fógartha ag Foras na Gaeilge, a deir a stiúrthóir Anna Davitt, "agus níl na himpleachtaí soiléir dúinn ó thaobh cúrsaí fostaíochta go fóill."

Deir Liam Ó Cuinneagáin, stiúrthóir teanga Oideas Gael, faoin athstruchtúrú maoinithe "Tá súil agam go gcuirfidh sé seo le torthaí fiúntacha ar chaiteachas agus ar an taobh eile nach mbeidh deireadh le haon eagraíocht atá ag déanamh obair mhaith. Beidh ar an Fhoras an dá thaobh den scéal a mheá go cúramach."

Deir Dónall Ó Riagáin chomh maith "Ba chóir do na heagraíochtaí a bheith ag lorg airgid ó fhoinsí seachas an Státchiste - bailiúcháin, crannchuir, pátrúnacht ghnó. Táid ró-spleách ar an stát. D'fhéadfadh Rialtas éigin 'an phlocóid a tharraingt' agus bheidís in umar na haimléise. Sa chomhthéacs seo, molaim an smaointeoireacht taobh thiar d'Fhondúireacht na Gaeilge Teo."

Is eagraíocht í Fondúireacht na Gaeilge Teo. atá ag brath go huile is go hiomlán, go dtí seo, ar mhaoiniú a bhailiú ó fhoinsí príobháideacha dá gcuid tograí. Deir Breandán Mac Cormaic, príomhfheidhmeannach Fhondúireacht na Gaeilge Teo., "Dá mbeadh togra idir lámha ag Fondúireacht na Gaeilge Teo. i gcomhpháirt le heagraíocht eile, ní bheadh aon fhadhb againn glacadh le hairgead stáit chomh fada is go mbeadh maoiniú príobháideach i gceist chomh maith chun go mbeadh neamhspleáchas cinntithe."

Is toradh é an t-athstruchtúrú ar eagraíochtaí bunmhaoinithe ag Foras na Gaeilge ar threoir a fuair an Foras ón gComhairle Aireachta Thuaidh/ Theas ar an 2ú Nollaig 2009. Is é an spriocdháta atá acu chun é sin a dhéanamh ná 30 Meitheamh na bliana seo. Tá sé i gceist ag Foras na Gaeilge scéim amháin phíolótach a rith ó Eanáir 2011. Níl an scéim faoi leith roghnaithe acu go fóill agus tá sé i gceist acu chomh maith go mbeidh an tsamhail maoinithe nua curtha i bhfeidhm ina hiomláine faoi mhí Bealtaine 2011.

**Gaelscéal**

**Trevor Ó Clochartaigh**
Bainisteoir Tionscadail
00353-91-536201
trevor.oclochartaigh@gaelsceal.ie

**Patricia Ní Chonghaile**
*Comhordaitheoir Táirgíochta*
00353-91-536201
patricia.nichonghaile@gaelsceal.ie

**Ciarán Dunbar**
*Eagarthóir*
00353-91-536201
ciaran.dunbar@gaelsceal.ie

**Treasa Bhreathnach**
*Soláthróir Ábhair*
00353-91-536201
treasa.bhreathnach@gaelsceal.ie

**Gráinne McElwain**
*Soláthróir Ábhair*
00353-91-536201
grainne.mcelwain@gaelsceal.ie

**Meabh Ní Eadhra**
*Soláthróir Ábhair*
00353-91-536201
meabh.nieadhra@gaelsceal.ie

Le cabhair ó: Foras na Gaeilge

Baineann Gaelscéal úsáid as Gaelspell agus Ceart, bogearraí a chabhraíonn le litriú agus gramadach na Gaeilge, www.cruinneog.com

# Ciorruithe ar chaiteachas poiblí an Tuaiscirt

le hAnton Mac Cába

TÁ ciorruithe ar leibhéal na gceann a gearradh ó dheas ag bagairt ar chaiteachas poiblí an Tuaiscirt. Dé Luain, d'fhógair rialtas nua na Breataine go bhfuil ciorruithe £128 milliún – nó 1.6% d'iomlán an chaiteachais phoiblí – le cur i bhfeidhm. Tá sé ina rogha ag an bhFeidhmeannas na ciorruithe a chur i bhfeidhm i mbliana, gan iad a chur i bhfeidhm go dtí an bhliain seo chugainn, nó cuid a chur i bhfeidhm i mbliana agus an chuid eile a chur i bhfeidhm an bhliain seo chugainn.

Tá na ciorruithe seo sa bhreis ar £367 milliún a d'fhógair rialtas an Lucht Oibre mí Eanáir. Thug an Príomh-Aire David Cameron le fios roimh an toghchán a raibh i ndán don Tuaisceart. Agus é ag labhairt le Jeremy Paxman ar an BBC, dúirt sé: "I dTuaisceart Éireann tá sé soiléir go maith – agus glacann beagnach gach páirtí leis seo – go bhfuil méid an stáit éirithe ró-mhór."

Tá 32% orthu siúd atá ag obair ó thuaidh fostaithe san earnáil phoiblí. Mar sin, tá an-impleachtaí don Tuaisceart ag dearcadh seo an Phríomh-Aire. As measc ranna an Fheidhmeannais, is ag an Roinn Sláinte atá an buiséad is mó d'iomlán an chaiteachais a bhfuil an Feidhmeannas freagrach as. Tá sé ina chogadh dearg idir Sammy Wilson, Aire Airgeadais agus comhalta den DUP, atá ag iarraidh smacht a choinneáil ar gach sórt caiteachais, agus Michael McGimpsey, Aire Sláinte agus comhalta den UUP, atá ag iarraidh buiséad s'aige a chosaint. Tá imní ar earnáil na Gaeilge, agus go háirithe ar earnáil na Gaelscolaíochta, mar gheall ar na ciorruithe seo. Cé nár oibríodh amach an dóigh go gcuirfear na ciorruithe i bhfeidhm, glactar leis go ndéanfar ciorrú ar chaiteachas caipitil. Ag an bhomaite, tá 22 Gaelscoil ann. Tá 10 gcinn sa bhreis atá mar aonaid i scoileanna Béarla. Ní ionann agus an chuid eile d'earnáil an oideachais, tá líon na ndaltaí in earnáil na Gaelscolaíochta ag fás. Tá méadú thart ar 33% ann le sé bliana anuas. Ar an 22 Gaelscoil, níl ach triúr ar tógadh foirgnimh nua fána gcoinne.

Bheadh ciorruithe ina n-ábhar buairimh ag Seán Ó Coinn, Príomh-Fheidhmeannach Chomhairle na Gaelscolaíochta: "Tá naonúr déag i mbotháin, nó i scoileanna mar ar imigh an scoil Bhéarla. Tá caighdeán na drochchóiríochta níos measa in earnáil na nGaelscoileanna ná san earnáil Bhéarla." Tá Gaelscoileanna nua beartaithe don Bhaile Méanach, do Léim an Mhadaidh agus don Chill Caoil. Tá imní ar Ó Coinn nach gceadófar iad de bharr costaisí.

# Cás an tí a d'imigh as radharc

le hAnton Mac Cába

DÉANFAR achomharc sa Chúirt Uachtarach ar cheann de na cásanna cúirte ba dhrámatúla dar éisteadh riamh i nDún na nGall, cás an tí a d'imigh gan tasc ná tuairisc ó Oileán Thoraí.

I mí na Samhna anuraidh d'ordaigh an Ardchúirt do Phatrick Doohan, úinéir Óstán Thoraí, damáistí €46,000 a dhíol leis an scannánaí Neville Presho. I 1993 dódh teach Presho, a sheas idir Óstán Thoraigh agus an fharraige. Ansin leagadh na ballaí thar thréimhse bhliana. Rialaigh an Breitheamh Ó Murchú gur tochaltóir Doohan a leag.

San Fhógra Achomhairc deir John I. Cannon, dlíodóir Doohan, go ndeachaigh an Breitheamh Ó Murchú amú ó thaobh an dlí "is gur thug sé claonbhreith a bhí glan in éadan na fianaise os a chomhair." Ba cheart don bhreitheamh éileamh Presho a dhíbhe mar gur scrios tine an teach an 14ú Eanáir 1993, ach nár eisíodh an toghairm iomlánach go dtí an 3ú Eanáir 2006.

Deimhníodh i mí Mheán Fómhair 1994 go raibh dúlagar dépholach ar Presho, galar atá air ó shin: "... shocraigh an Breitheamh léannta nach raibh an gearánaí in ann cúram a dhéanamh dá chuid gnóthaí dlí i ngeall ar é a bheith mímheabhrach nó faoi mhíchumas ar feadh na tréimhse uile. ... Bhí an bheirt síciatraí a thug fianaise sa Chúirt don ghearánaí agus do na cosantóirí ar aon fhocal go raibh tréimhsí normálta idir na taomanna éagsúla den dúlagar dépholach a bhí ar an ngearánaí." Sa bhreithiúnas, labhair an Breitheamh ar cheilt agus ar chiúnas bhunadh Thoraí nuair a chuir na Gardaí ceisteanna orthu.

"Léiríonn an Breitheamh léannta claonadh gan chúis i gcoinne an chéad chosantóra, claonadh atá gan bhunús..." dar le Cannon.

Séanann Doohan an rialú gur tochaltóir s'aige a scrios ballaí an tí: "Go sonrach, thug an Breitheamh léannta Ardchúirte breithiúnas a bhí trína chéile; bréagnaíonn sé é féin i dtaobh roinnt cinntí agus déanann sé cinntí i gcoinne na gcosantóirí in éagmais fianaise inchreidte ar bith chun tacú leis na cinntí sin." Bhraith an Breitheamh an iomarca ar fhianaise imthoisceach a bhí suas le 12 bhliain d'aois "sa chás gur bréagnaíodh iad ag fianaise dhíreach ar ghlac an Breitheamh léannta léi."

**"Léiríonn an Breitheamh léannta claonadh gan chúis i gcoinne an chéad chosantóra, claonadh atá gan bhunús..."**

Bhí na damáistí a bhronn an Breitheamh "iomarcach." Bronnadh praghas tí nua i dToraigh ar Presho. Chuaigh an Breitheamh amú "nuair a bhunaigh sé praghas tí nua ar Oileán Thoraigh ar phraghsanna tithe ar an mórthír..." dar leis an chosantóir.

Ní fios cén t-am a n-éistfidh an Chúirt Uachtarach an t-achomharc.

## Aidhmeanna fostaíochta Mheabhairshláinte Éireann

Le Meadhbh Ní Eadhra

REÁCHTÁLADH comhdháil bhliantúil Meabhairshláinte Éireann i nGaillimh an deireadh seachtaine seo caite agus bhí os cionn 175 duine i láthair ag an ócáid, rud nach raibh Príomhfheidhmeannach na heagraíochta, Brian Howard, ag súil leis.

"Bhíomar neirbhíseach faoin gcomhdháil i mbliana mar gheall nach raibh cinnteacht ar bith ann go bhfreastalódh mórán daoine uirthi, go háirithe le cúrsaí eacnamaíochta mar atá siad."

Eagraíocht 26 contae atá in MHI, agus bunaíodh eagraíocht neamhspleách, Meabhairshláinte Éireann Óg anuraidh. Dar le Brian Howard, bhí bearna an-mhór idir na daoine óga agus na daoine is sine san eagraíocht, agus bhí gá le deis a thabhairt don aois óg teacht le chéile agus a gcuid fuinnimh agus smaointe a chur in iúl. Theastaigh uathu go mbeadh a bhféiniúlacht féin ag na daoine óga. Tá sé d'aidhm ag MHI tionscadal fostaíochta a chur i bhfeidhm. Mhínigh an Príomhfheidhmeannach go bhfuil siad an-réalaíoch faoin tionscadal seo.

"Níl sé i gceist againn a rá go bhfostóidh muid daoine laistigh d'fhiche bliain ná raiméis éigin mar sin. Táimid ag iarraidh cabhrú le daoine an chéim sin idir traenáil agus fostaíocht a shárú. Táimid chun traenáil a chur ar fáil do dhaoine go dtí go bhfuil siad ag leibhéal ag a mothaíonn siad muiníneach go leor chun aghaidh a thabhairt ar an láthair oibre."

Tá go leor i gceist le togra mar seo agus beidh cainteanna ag tarlú idir MHI, Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte agus FÁS chun áiseanna traenála a shocrú agus chun pleananna a chur i gcrích amach anseo.

I láthair ag an gcomhdháil bhí lucht Jigsaw, ionad buail isteach do dhaoine óga atá lonnaithe ar Shráid Mhuire i nGaillimh. Labhair an painéal óige faoi conas mar atá ag éirí leo, bliain i ndiaidh dóibh na doirse a oscailt don phobal. Dúradar go mbaineann céatadán níos airde d'fhir óga úsáid as seirbhís Jigsaw ná mná. Tugann siad cúnamh proifisiúnta do dhaoine óga le fadhbanna ar bith a bhíonn acu, agus



**D'oscail Agri Aware agus Zú Baile Átha Cliath Feirm Chlainne an tseachtain seo le léiriú a thabhairt ar shaol na feirmeoireachta in Éirinn. Thóg sé dhá bhliain agus €1.5m le tógáil le tacaíocht ón IFA, FBD agus Bord Bia. Sa phictiúr tá an pearsa teilifíse Lorraine Keane le Ben Madigan agus Adrian Maffatt.** GRIANGHRAF: LEON FARRELL/PHOTOCALL IRELAND

Foras na Gaeilge

SCÉIM PHOBAIL GAEILGE
2011 – 2013

Fáiltíonn Foras na Gaeilge roimh iarratais ó ghrúpaí pobail don Scéim Phobail Gaeilge 2011-2013. Tríd an chlár seo maoineoidh Foras na Gaeilge gréasán Oifigeach Forbartha Gaeilge pobalbhunaithe le Clár Gníomhaíochtaí a chur i bhfeidhm laistigh den phobal, a dhéanann an Ghaeilge a chur chun cinn, a chothú agus a chaomhnú.

Tá an maoiniú á thairiscint ar feadh thrí bliana (**ó Eanáir 2011 go dtí Nollaig 2013**). Beidh glaoch amháin ar iarratais don scéim seo.

**Spriocdháta:**
Ní mór cóip chrua d'iarratais a bheith faighte **roimh 12.00** meán lae ar an **Aoine 18 Meitheamh 2010.**

TREOIRLÍNTE, FOIRM IARRATAIS & TUILLEADH EOLAIS

Scéim Phobail Gaeilge, Foras na Gaeilge,
Teach an Gheata Thiar, 2-4 Sr. na Banríona, Béal Feirste BT1 6ED
T: 048 (028) 90 890 970 R: spg@forasnagaeilge.ie

www.gaeilge.ie/spg11

# Stailc Ocrais Liam Hannaway thart ach é fós "i mbaol báis"

Le hAnton Mac Cába agus Meadhbh Ní Eadhra

D'ÉIRIGH an Poblachtach Liam Hannaway as a stailc ocrais i bPríosún Mhaigh gCabraí Dé Máirt, i ndiaidh 42 lá. Bhí sé i mbun na stailce mar nár ceadaíodh dó filleadh ar an sciathán Poblachtach sa phríosún, cé go luaitear leis an ngrúpa Saor Uladh é.

Ba é an Jim Auld, stiúrthóir ar an ghrúpa Community Restorative Justice (CRJ), a bhí i mbun cainteanna ar feadh breis is dhá lá dhéag thar cionn teaghlaigh Liam Hannaway. Deir sé gur chríochnaigh na cainteanna ar oíche an 25ú Meitheamh agus go raibh gach éinne sásta leis an toradh.

Ag labhairt dó faoina mhac Liam agus faoi chúinsí i bPríosún Mhaigh gCabraí, dar le Kevin Hallaway go bhfuil an córas ceannann céanna i bhfeidhm sna príosúin sna sé chontae is a bhí riamh.

"Níl i gceist ach cultacha difriúla á chaitheamh ag na hoifigigh," ar sé. "Tá Liam an-lag faoi láthair, i ndiaidh tréimhse fhada a chaitheamh ar stailc. Tá sé in ospidéal an phríosúin anois. Tá áthas an domhain orainn go bhfuil an stailc ocrais thart. É sin ráite, táimid iontach buartha faoi mar go bhfuil uireasa chroí aige agus tá sé i mbaol bháis anois mar gheall air sin agus ar cé chomh lag agus atá sé."

> **"Nuair a bhí mé ansin (ar chuairt) Dé Máirt seo caite, dúradh le triúr cuairteoir imeacht, nach raibh na cuairteanna ceadaithe, mar gur dhiúltaigh na cimí do nochtchuardach."**

Fá láthair, tá 32 cime Poblachtach ar agóid i bpríosún Mhaigh gCabraí. Baineann siad leis an Fíor-IRA, an tIRA Leanúnach, Saor Uladh agus an IRA. Tá siad uilig ar sciathán Poblachtach sa phríosún. Níl an 32 ag bearradh, nó ag gearradh a gcuid gruaige. Scrios cuid acu na doirtil agus an leithreas i gcillíní s'acu. Mar sin, gearradh uisce ón sciathán Poblachtach ar fad.

Deir Jim McAllister as Crois Mhic Lionnáin, athair duine de na cimí, go bhfuil an agóid ann mar go bhfuil siad faoi ghlas 23 uair sa lá.

Ní ligtear amach as a gcillíní iad muna bhfuil ar a laghad ceathrar bairdéir leo. Déantar nochtchuardach orthu go rialta; sin, caithfidh siad gach snáthaid éadaí a bhaint díobh le go ndéanfadh bairdéirí iad a chuardach. Tá cimí ag diúltú do chuairteanna ar an bhonn nach dtig leo cuairt bheith acu gan dul dhá uair faoi nochtchuardach – agus iad ag dul chun na cuairte, agus iad ag filleadh.

"Nuair a bhí mé ansin (ar chuairt) Dé Máirt seo caite, dúradh le triúr cuairteoir imeacht, nach raibh na cuairteanna ceadaithe, mar gur dhiúltaigh na cimí do nochtchuardach," ar seisean.

Tá Ombudsman na bPríosún anois ag fiosrú na ngearán a rinne na cimí.

## Cur deireadh leis an damba

GRIANGHRAF: MARK STEDMAN/PHOTOCALL IRELAND




**Léiríonn baill de 'Debt and Development Coalition Ireland' a gcuid míshástachta ceolmhar faoi thógáil an damba Gibe 3 san Aetóip, a d'fhéadfadh slí bheatha leath mhilliún duine a scriosadh. Tá aird dírithe ar Bhrian Lenihan & Silvio Berlusconi a bhfuil tionchar acu ar an togra. Sa phictiúr tá an t-amhránaí Clíona Cassidy, le Siobhan Ní Phiotáin (Brian Lenihan), agus Susan Hensel (Silvio Berlusconi).**

# Oiliúint d'Fhórsa Cosanta na hÉireann

Le Treasa Bhreathnach

Ó MHÍ Eanáir na bliana seo tá os cionn 50% d'fhórsaí cosanta na tíre tar éis tabhairt faoi chúrsa traenála nó oiliúna. Reáchtáladh os cionn 350 cúrsa ó thús na bliana agus ghlac 4,700 ball den 10,000 ball de na fórsaí cosanta uile páirt iontu. Deir an Captaen Pat O'Connor, leasoifigeach preasa na bhfórsaí cosanta "is bunchuid é an traenáil do na fórsaí cosanta."

Bhí 62 saighdiúir ag tabhairt faoi chúrsa foghlaim Gaeilge le seachtain anuas in Áras Uí Chadhain ar an gCeathrú Rua, Co. na Gaillimhe. Seo é an t-ochtú bliain déag a bhfuil saighdiúirí ag teacht chun Gaeilge a fhoghlaim ó Ollscoil na hÉireann, Gaillimh, cé gur ar an gCeathrú Rua a bhí siad lonnaithe le dhá bhliain anuas. Deir an Cornal JJ Reily gurb é an cuspóir atá acu ná an Ghaeilge a fhoghlaim san Arm, uasghrádú a dhéanamh ar úsáid na teanga, agus a ndualgais teanga faoin Acht Teanga a chomhlíonadh. Mar chuid den chúrsa Gaeilge bíonn oiliúint á cur ar na foghlaimeoirí ar maidin agus iad ag tabhairt faoi imeachtaí cultúrtha sa cheantar san iarnóin. Tá meascán de Ghaeilge á mhúineadh le linn an chúrsa seachtaine, idir bhunleibhéal, mheánleibhéal agus ardleibhéal na Gaeilge, agus tá roinnt de na saighdiúirí ag dul ar na cúrsaí Gaeilge seo ón uair a thosaigh siad 18 mbliana ó shin.

Mar chuid de shaol an tsaighdiúra bíonn taisteal i gceist, go minic níos faide i gcéin ná an Cheathrú Rua. I láthair na huaire tá timpeall is 120 duine lonnaithe thar lear le timpeall is scór acu sin fós lonnaithe i Sead, áit a raibh a bhfeachtas síochánaíochta deireanach acu. Tá dualgas ar an scór duine seo an trealamh uile atá fós fágtha i Sead a thabhairt abhaile, idir thrucailí, ghunnaí agus neart eile nach iad. Beidh turas 3,200km de dhíth orthu siúd agus iad ag taisteal ar bhóithre, ar eitleáin agus ar muir. Cé nach bhfuil a fhios ag an bhfórsa cosanta ag an bpointe seo cén uair ná cén áit a mbeidh a gcéad fheachtas síochánaíochta eile, tá siad cinnte go mbeidh 160 acu ag dul chun tréimhse 6 mhí a chaitheamh leis an 'Nordic Battle Group' i mí Eanáir 2011.

Tá 18 ngrúpa cogaidh san Eoraip a bhíonn ar róta cúltaca 6 mhí. Is iad na tíortha atá sa 'Nordic Battle Group' le hÉirinn ná an Fhionlainn, An Iorua, An Eastóin agus An tSualainn.

# Conradh na Gaeilge ag éileamh tráchtaireacht Ghaeilge ar imeachtaí saor-le-craoladh

Le Meadhbh Ní Eadhra

TÁ Conradh na Gaeilge ag éileamh go mbeidh tráchtaireacht Ghaeilge ann ar chéatadán de na himeachtaí spóirt saor-le-craoladh atá ar an liosta a mhol an tAire Éamon Ryan. Tugtar deis do thíortha an Aontas Eorpaigh imeachtaí áirithe a ainmniú mar 'mhórimeachtaí náisiúnta', agus má tá siad faofa ag Coimisiún na hEorpa, bíonn na himeachtaí sin le feiceáil saor in aisce ag pobal na tíre. Tá dualgas reachtúil ar an rialtas athbhreithniú a dhéanamh gach trí bliana ar an liosta sin. Tá sé molta ag an Aire Ryan go mbeidh Féile Cheltenham, Corn Heineken agus níos mó craobhacha iománaíochta agus peile ar an liosta nua.

Faoi láthair tá comhairliúchán poiblí ar bun ag an Aire agus leanfaidh sé seo ar aghaidh go dtí an 4 Meitheamh. Tá sé molta ag TG4 go mbeidh guth ag an bpobal agus ag go leor eagrais éagsúla maidir leis an scéim.

"Is leis an bpobal ar fad na spóirt a imríonn an pobal ar fad. Tá guth againn go léir agus tá sé an-tábhachtach go dtabharfadh daoine a dtuairim agus go nglacfadh daoine páirt sa phróiseas," a dúirt Pádhraic Ó Ciardha, Leas Phríomhfheidhmeannach TG4.

Maíonn TG4 gur liosta stuama agus ciallmhar atá molta ag an Aire agus gur cheart "freagra stuama agus ciallmhar" a thabhairt air.

Dar leis an Uasal Ó Ciardha, ní gá gur imeachtaí spóirt amháin a bheidh ar fáil ar na scáileáin saor in aisce.

"Níl monaplacht ag na heagrais spóirt ná ag na craoltóirí ar an scéim seo.

Deir sé sa dlí gur mórimeachtaí spóirt agus cultúrtha atá i gceist. Is fiú machnamh a dhéanamh air sin. Má bhreathnaíonn tú ar na liostaí ó thíortha eile, tá imeachtaí ceoil agus amhránaíochta agus rudaí den sórt sin ann, agus sílim go mb'fhéidir gur cheart do mhuintir na hÉireann a bheith ag smaoineamh air sin freisin."

Tá sé ráite ag Pádraig Mac Fhearghusa, Uachtarán Chonradh na Gaeilge, go bhfuil sé tábhachtach a chinntiú go ndéantar tráchtaireacht ar chéatadán ar leith de na himeachtaí seo inár dteanga dhúchais. Mhaígh sé go gcabhródh tráchtaireacht i nGaeilge ar chuid de na rásaí agus de na cluichí móra iománaíochta, peile agus rugbaí chun cumas sa teanga a iompú ina úsáid laethúil.

"Sprioc shuntasach den Straitéis 20 Bliain don Ghaeilge de chuid an Rialtais atá ansin," ar sé.

# Breandán Ó Buachalla, 1936-2010

*Ní haoibhinn cuach ba shuairc ar neoin*
*Táid fíorchoin uaisle ar uatha spóirt*
*Táid saoithe is sua i mbuairt is i mbrón*
*Ó scaoileadh uainn an buachaill beo*

TÁ laoch ar lár. Ba é Breandán Ó Buachalla mórscoláire a linne, an té ba mhó a chothaigh is a spreag na céadta is fiú na mílte mac léinn Gaeilge a raibh sé de phribhléid acu aithne phearsanta a chur air, bíodh sin is é ina léachtóir óg ollscoile in Ollscoil na Ríona i mBéal Feirste, nó ní ba dhéanaí is é ina Ollamh le Nua-Ghaeilge i gColáiste na hOllscoile, Baile Átha Cliath. Is fiú daoine nár mhúin sé riamh go pearsanta, bhíodar faoi chomaoin ag an mBuachallach trí mheán a chuid foilseachán, idir fhilíocht an ochtú haois déag a bhí curtha in eagar aige ó bhí sé ar fhoireann Institiúid Ard Léinn is é ina scoláire óg suas go dtí an t-eagrán d'fhilíocht Aogán Uí Raithille a foilsíodh dhá bhliain ó shin, 'sé sin gan trácht ar na tuiscintí géarchúiseacha údarásacha a chuir



sé ar fáil in iliomad aistí léannta agus ar ndóigh, ina mhórshaothar taibhseach Aisling Ghéar.

Fear ollscoile go smior ab ea Breandán Ó Buachalla ach más ea, fear pobail ab ea é leis. Bhí sé sásta i gcónaí léachtanna poiblí a thabhairt do phobal na Gaeilge- bhí sé lánpháirteach mar shampla sa chomóradh a deineadh ar Imeacht na nIarlaí cúpla bliain ó shin.

Thuig sé a thábhachtaí is a bhí an léann don bpobal is bhí sé réidh i gcónaí a chuid eolais is a chuid léargais a scaipeadh orthu san chomh fial flaithiúil is a dhein lena chuid mac léinn féin.

Níorbh ansa leis aon rud ach a bheith i láthair ag Scoil Merriman, mar shampla, ag glacadh páirt iomláin sna díospóireachtaí, ag teacht suas le seanchairde. Corcaíoch ab ea é a thug aghaidh siar ar Chorcha Dhuibhne cé go raibh cion thar na beartaibh aige ar Oileán Chléire is baint dá réir. Thuig sé go maith an tábhacht a bhain leis na Gaeltachtaí mar a thaispeáin sé is é ar dhuine de cheannairí an fheachtais chun scoil Dhún Chaoin a choimeád oscailte is í i mbaol a dúnta sna seascaidí. Duine ionraic ná raibh eagla air riamh seasamh ar son na nithe ar chreid sé go diongbháilte iontu ab ea Breandán Ó Buachalla. Sheas sé leis an gceart, le prionsabail, le caighdeáin.

Le blianta beaga anuas bhí sé ina Ollamh le Teanga is Litríocht na Gaeilge in Ollscoil Notre Dame, áit a bunaíodh an chéad Roinn Nua-Ghaeilge lasmuigh d'Éirinn faoina stiúir. Fear léinn, fear intleachta, fear pobail, ach thar aon rud eile fear teaghlaigh ab ea Breandán Ó Buachalla. Bris neamhghnách is ea a imeacht dá bhean chéile ionmhain Aingeal, dá chlann Brídóg, Clíona is Traolach, dá gharmhic Marcus, Cuán is Seán Óg, dá dheartháireacha, dá dheirfiúracha is dá mhuintir uilig. Cé gur cúis ollmhór bróin is ea cailliúint Bhreandáin Uí Bhuachalla, ní dhéanfar dearmad air. Mairfidh sé inár gcuimhne is inár gcroíthe is mairfidh a cháil ins na mílte focail óna pheann féin a d'fhág sé mar uacht againne agus ag na glúnta a thiocfaidh.

Ní bheidh a leithéid arís ann. Suaimhneas síoraí dá anam uasal.

*Bríona Nic Dhiarmada, Ollscoil Notre Dame*

## Saothar an Scoláire

NUAIR a dhéanfar breithiúnas amach anseo ar na réimsí is airde de léann na Gaeilge sa bhfichiú haois, is cinnte go mbeidh ainm Bhreandáin Uí Bhuachalla go hard i measc na scoláirí a mbeidh trácht orthu. Is cuid de dhioscúrsa an léinn anois a chuid tuairimí agus caithfear na tuairimí sin a chur san áireamh in aon díospóireacht scoláiriúil dá ndéanfar feasta.

Tá breis is daichead bliain ann ó d'fhoilsigh sé a chéad mhórshaothar, leabhar ceannródaíoch dar teideal I mBéal Feirste Cois Cuain (1968), inar rianaigh sé scéal na Gaeilge i mBéal Feirste idir deireadh an 18ú haois agus bás Roibeaird Mhic Ádhamh i dtús na bliana 1895. Léiriú suntasach eile ar an tsuim mhór a bhí aige in oidhreacht Ghaelach Chúige Uladh ab ea a dhá eagrán de shaothar filí as deisceart Uladh: Peadar Ó Doirnín - Amhráin (1969) agus Cathal Buí [Mac Giolla Ghunna] - Amhráin (1975).

Tháinig saothair iomadúla eile ó pheann Uí Bhuachalla le leithchéad bliain anuas a d'fhág rian suntasach ar léann na Gaeilge. Ní féidir, cheal spáis, ach gearrthagairt a dhéanamh do dhornán beag díobh anseo. An chéad cheann acu is gá a lua, ba pháipéar é dar teideal 'Na Stíobhartaigh agus an tAos Léinn: Cing Séamas' (1983). Foilsíodh é sna Proceedings of the Royal Irish Academy - an chéad mhír i nGaeilge dár foilsíodh riamh sa tsraith oirirc sin, a bhí ar bun le breis is céad bliain ag an am. San alt seo, léirigh sé spéis sa bhfeiniméan úd, an Seacaibíteachas, ar a scríobhfadh sé a ollsaothar lá ní b'fhaide anonn.

Beagnach tríocha bliain ó shin foilsíodh alt tathagach leis san iris Studia Hibernica 23-3 (1982-3) faoin teideal 'Annála Ríoghachta Éireann is Foras Feasa ar Éirinn: an comhthéacs comhaimseartha'. D'athraigh an t-alt sin an dearcadh coitianta ar an dá mhórshaothar Gaeilge úd de chuid an 17ú haois.

D'fhoilsigh Breandán Ó Buachalla lear mór míreanna ar chúrsaí teangeolaíochta, ag tosnú, i dtús na 1960í, le hailt ar Ghaeilge Chléire agus ag leanacht ar aghaidh le sraith alt ar ghnéithe de Ghaeilge Uladh. Rinne sé obair fhiúntach ar fhilí na Mumhan san 18ú haois - go háirithe ar Aogán Ó Rathaile (ar chuir sé atheagrán dá mhórdhánta amach trí bliana ó shin) - agus chuir sé atheagráin de shaothar filí éagsúla ar fáil in dhá imleabhar den tsraith Nua-Dhuanaire (1971 agus 1976). Dhá bhliain déag ó shin d'fhoilsigh sé leabhar beag dúshlánach dar teideal An Caoine agus An Chaointeoireacht (1998) ina ndearna sé 'athléamh ó bhonn' ar an mórdhán úd 'Caoineadh Airt Uí Laoghaire'.

Ach is é an saothar is mó agus is tábhachtaí dá chuid, mórshaothar a shaoil, an leabhar iontach úd, Aisling Ghéar: Na Stíobhartaigh agus An tAos Léinn, 1603-1788 (1996). Sa leabhar toirtiúil sin thug An tOllamh Ó Buachalla dúshlán na staraithe Béarla agus chinntigh sé nach féidir creidiúint ar bith a thabhairt feasta d'aon saothar ar stair na hÉireann sa 17-18ú haois nach gcuireann torthaí a chuidsean taighde san áireamh. Ní beag an chomaoin atá curtha aige ar léann na Gaeilge agus orthu siúd ar mian leo scéal na tíre seo ina iomláine a thabhairt chun solais agus a chur faoi bhráid na ndaoine, sa bhaile agus i gcéin. Leaba faoi ghradam i measc saoithe agus ollamh na nGael go raibh aige!

*Nollaig Ó Muraíle, Roinn na Gaeilge, Ollscoil na hÉireann, Gaillimh*

### I gCuimhne ar Bhreandán Ó Buachalla, Requiescat in Pace

*Béal Feirste cois cuain - achadh do phrofa i ngort na saíochta.*
*Réab tú comhla an tosta is thug glór don Chiúin-Mhac Ádhaimh.*
*Eagarthóireacht dánta is amhrán ina sruthán leanúnach gaoise,*
*Aisling ghéar a shoilsigh dúinn trí cheo na mblianta áir.*
*Nochtais rún an chaointe le faobhar do théagar-smaointe.*
*D'ólais deoch as tobar feasa nach dual dó triomach go brách.*
*Áitreabh in áras Dé go n-aimsír is go rabhair grianmhar.*
*Neadaigh síos i leaba naomh go síoraí socair grách.*

*Ciarán Ó Coigligh*
*21 Bealtaine 2010*

## Cuimhní an mhic léinn óig

IS thall i Meiriceá in Ollscoil Notre Dame sa bhliain 2007 a chuireas aithne ar an Oll. Breandán Ó Buachalla don gcéad uair. Bronnadh scoláireacht Fulbright bliana orm agus is i Notre Dame a lonnaíodh mé chun staidéar agus múineadh a dhéanamh ar feadh bliana. Sa chéad téarma bhí sé mar onóir agam freastal ar rang seimineáir dochtúireachta a bhí fé stiúir an Ollaimh Uí Bhuachalla. Ba iad an caoineadh agus an chaointeoireacht ábhair an tseimineáir agus ba é Caoineadh Airt Uí Laoire cnámh droma an chúrsa, nó i gcás an Bhuachallaigh, an uirlis chun na mic léinn a spreagadh chun anailíse agus machnaimh lasmuigh de ghnáthbhearnaí cúnga an téacs iomráitaigh agus ilphléite seo.

Labhair sé mar gheall ar an gcaoineadh le háthas agus dúil an fhir ealaíona, fé mar ná raibh sé ach léite aige le seachtain. Chuir sé síos ar an uair a leag sé a shúile ar Caoineadh Airt Uí Laoire don gcéad uair riamh agus é ina gharsún meánscoile i gCorcaigh.

Dúirt sé linn gur chuaigh sé abhaile tar éis scoile an lá san agus gur fhoghlaim sé é de ghlan mheabhair gach aon fhocal de agus go raibh sé mar ábhar iontais agus diamhrachta aige ó shin a leith. 'Ad fontes', a deireadh sé, an téacs, an bhun fhoinse a thuiscint ar dtúis, an t-ábhar a mheá tú féin agus ansan dul i ngleic leis an dtráchtaireacht a ghabhann leis le haigne oscailte ghéar.

Bhí slí aige chun misneach agus féinmhuinín an mhic léinn a mhúscailt. Bhí plé agus scagadh an ábhair á ghríosú aige sa rang, bhí slí mhánla aige chun tuairimí an mhic léinn a mhealladh uaidh agus iad a chur fé bhráid an ranga. Ní raibh duine riamh neamhcheart, ach b'fhéidir go raibh léamh eile ar rud nó go bhféadfadh sé cur led thuairim nó duine eile a tharrac isteach sa phlé. Ní raibh an focal deireanach riamh aige féin ná aige aon duine eile, bheadh an t-ábhar ar aghaidh na ndaoine go deo agus bheadh breis bóithre á gcur leis go deo.

Thuig sé é sin agus chuir sé i luí gaidhte ar a mhic léinn é. Dúirt sé linn uair go bhreá lena chroí an lá a thosnú le leabhar nua mar ná beadh a fhios agat cad iad na hiontaisí a ritheadh chugat fé dheireadh an lae, is mar an gcéanna a bhí an dá uair a chloig i rang an Bhuachallaigh. Nuair a bhí Breandán Ó Buachalla mar léachtóir agat, ní hamháin in sa rang a bhí sé i do mhúineadh ach gach aon uair a raghafá i ngleic leis an ábhar nó aon ábhar eile as san amach, an chuid eile de do shaol.

*Tomás L. Ó Murchú, mac léinn dochtúireachta i Roinn na Nua-Ghaeilge, Coláiste na hOllscoile, Corcaigh.*

GAELSCÉAL
Dé hAoine, 28 Bealtaine, 2010

# Tuilte i Lár na hEorpa

Le Diarmuid Johnson, sa Pholainn

'TÁ tubaiste nádúrtha tarlaithe sa Pholainn nach raibh a leithéid ann le 160 bliain,'. arsa an Príomh-Aire Donal Tusk i dtús na seachtaine. Meastar go bhfuil dochar luach 2.5 billiún Euro déanta. D'fhéadfadh a dhá oiread a bheith ann. Chuir an Warta thar bruach i gceantar Katowice.

Chuir an Wisła (Vistula) thar bruach i Kraków. Is é an scéal céanna é i mbailte beaga gan áireamh i ndeisceart na tíre. B'éigean do na mílte imeacht óna gcuid tithe. Scriosadh a raibh iontu. Tá an talamh chomh suaite in áiteacha 's nach mbeifear in ann tógáil ar bith a dhéanamh ann go ceann blianta fada.

Leath uisce ón Wisła seacht gcil-iméadar soir siar ón abhainn féin i gceantar Małopolska. Báthadh reilg i



mbaile Kielce: tá na cónraí ag éirí. Cuid de bhóithre na tuaithe, shílfeadh duine gur maidhm talún a chuir as a riocht iad seachas sruth uisce. Baineadh an t-éadan de chuid de na seanbhóithre, ach scuab na tuilte cuid de na mótarbhealaí nua chun slí chomh maith. Tá béim mhór ar thábhacht na mótarbhealaí seo mar is córas bóithre bunúsach go leor atá sa tír go fóill. Bhí súil dhá mhótarbhealach a chríochnú faoi 2012 nuair a bheas comórtas peile na hEorpa (Euro 2012) á imirt sa Pholainn.Caithfear athbhreithniú a dhéanamh ar an sprioc sin anois.

Bhí Caritas, an t-arm agus an Chrois Dhearg ag cuidiú leis na daoine i mbaile Sandomierz. Is faoiseamh do mhuintir na háite sin gur tháinig comhlacht Pilkington Automotive Poland slán. Fostaíonn Pilkington 2,000 duine sa gceantar ag déanamh gloine. Dea-scéal eile nach ndeachaigh an Wisła thar maol i Vársá ainneoin í a bheith 130 ceintiméadar os cionn an leibhéil éigeandála.

Agus níor bhearnaigh an tuile na sconsaí cosanta. Ach dúnadh 125 scoil sa phríomhchathair Dé Máirt, agus bhí na mílte daoine réidh de ló agus d'oíche lena gcuid árasán a fhágáil.

San iardheisceart, chuir an Odra thar bruach i Wrocław i gceantar Kozanów. I 1997 nuair a bhí tuilte móra sa Pholainn go deireanach, is iad muintir Kozanów is measa a d'fhulaing. Ach ní amháin nár neartaíodh na sconsaí cosanta go sásúil san áit sin ó 1997 i leith. Is amhlaidh a tógadh árasáin nua ar thalamh íseal in aice na habhann idir an dá linn.

'Ní tharlódh a leithéid seo dá bhfoghlaimeodh na polaiteoirí ceacht nuair a bhí tuilte ann go deireanach,' arsa Renata Davidson ó Davidson Consulting leis an Gazeta Wyborcza:. Dúirt sí nár cuireadh plean ginearálta ar bith i bhfeidhm fós maidir le neartú na mbruach ó bhí tuilte móra ann i 1997. Tá cáineadh mór sna meáin ar an easpa soláthair agus pleanála i gcoinne tuilte dá leithéid seo. Deirtear gur tugadh cluais bhodhar d'éileamh Bhord Uisce na tíre le hocht mbliana anuas le plean náisiúnta a chur i bhfeidhm. Sin le rá go bhfuil cuid den mhilleán ar an dá pháirtí, an PO agus an PiS araon.

Ach céard ba chúis leis an díle báistí a thit i lár na hEorpa an tseachtain seo caite? Is gnách tuilte i ndeireadh geimhridh nuair a bhíonn an sneachta ag leá sna sléibhte. Agus is minic tuilte i rith an tsamhraidh nuair a bhíonn báisteach thoirní ann de bharr teas mór. Ach is annamh a leithéid sa mBealtaine.

Ar an suíomh idirlíon oe24.at san Ostair, seo mar a leanas a míníodh an scéal: 'Brú an-íseal i réimse mhór spéire ba chúis leis [an díle], agus néalta móra aeir nach raibh ag gluaiseacht ach ar éigean'. Tharla seo go forleathan de réir nuacht oe24.at: 'Bhí tintreach agus toirneach agus báisteach thar a bheith trom ar fud an réigiúin ó thuaidh de na hAilp freisin,' arsa siad.

Is iad na hAilp agus Sléibhte na Cairpe an dá limistéar talún is airde i lár na hEorpa. Sléibhte na Cairpe an teorainn idir an Pholainn ó thuaidh, agus Poblacht na Seice, an tSlóvaic, an Ungáir agus an Rómáin ó dheas. Is sna sléibhte seo a éiríonn aibhneacha na Polainne agus cuid d'aibhneacha na Slóváice. Thit báisteach uafásach ó dheas de Shléibhte na Cairpe an tseachtain seo caite chomh maith, agus chuir abhainn na Moráive thar maol sa tSlóvaic. I Vienna féin ar bhruach na Danóibe, thit 52 lítear uisce in aghaidh an mhéadair chearnaigh in aon uair a' chloig amháin. Níor tharla a leithéid le leathchéad bliain. Bhí taoille tuile ar shráideanna na cathrach.

Tá ceist ann maidir le tionchar na hÍoslainne ar an aimsir i lár na hEorpa faoi láthair. Le coicís roimh an díle, nuair a bhí an smúid ag leathadh aniar aduaidh ó Eyjafjallajokull, bhí an teocht sa Pholainn 10 gcéim faoi mhéanteocht na Bealtaine, gan é ach 8 gcéim sa ló agus 5 chéim san oíche.

Gné amháin den fhuacht seo atá sa mbrú íseal. Agus nuair a bhí an spéir dúnta os cionn na sléibhte, is báisteach a bhí i ndán. Ach tá lucht eolaíochta ina dtost go fóill maidir le ceangal idir Eyjafjallajokull agus na tuilte: ní móide go gcruthófar ná go mbréagnófar an teoiric go réidh.

## Tá an chumhacht againn!

GRIANGHRAF: MARK STEDMAN/PHOTOCALL IRELAND




**An tAire Cumarsáide, Fuinneamh & Acmhainní Nádúrtha Eamon Ryan T.D., le Príomhfheidhmeannach an BSL Pádraig McManus, agus iad ag fógairt Meamram Comhthuisceana idir an Roinn, BSL, Mitsubishi Motors Corporation, MC Europe agus MMC Commercials leis an tionscal e-ghluaisteán a chur chun cinn sa tír seo. Seoladh scéim thrialach e-ghluaisteán idir Scoil Innealtóireachta Choláiste na Tríonóide agus an BSL chomh maith.**

## Toghchán Uachtaránachta na Polainne

Le Diarmuid Johnson

TÁ feachtas na huachtaránachta faoi lán tseoil sa Pholainn faoi láthair agus tá greim scrogaill ag géarchéim na haimsire ar an bhfeachtas céanna. Beirt iarrthóirí atá á lua leis an bpost: Bronisław Komorowski (PO), an té a ceapadh ina ionadaí uachtaráin tar éis tubaiste mór Smoleńsk (10.04), agus Jarosław Kaczyński (PiS), deartháir an iaru-achtaráin (†).

De réir na n-áireamh, tá tuairim 's 50% den vóta ag Komorowski faoi láthair, agus 30% ag Kaczyński.

'Cé acu ar maidhm bháite don PO a bheas sna tuilte seo,' arsa iriseoir de chuid an Gazeta Wyborcza, 'nó an dtiocfaidh Komorowski i dtír ar an toinn?' Ní fios. Maidir le Kaczyński, ní raibh smid as ó thús an fheachtais. Ráiteas polasaí níor eisigh sé fós. In agallamh sa bpáipéar Fakt Dé Sathairn (22.05), is ar chúrsaí pearsanta amháin a labhair sé. 'Más cleas atá anseo lena chéile comhraic a chur dá bhuille, is maith an cleas atá ann,' arsa Piotr Semka, colúnaí de chuid an pháipéir Rzeczpospolita. Má shíltear rialtas an PO - Tusk agus Komorowski - a bheith freagrach as an mí-ádh atá ag bualadh na tíre, beidh buntáiste ann don PiS.

Tá cruacheist eile á plé. Ó tharla na tuilte chomh dona, ar ceart éigeandáil náisiúnta a fhógairt? Dá ndéanfaí amhlaidh, chaithfí an toghchán a chur ar athló de réir an bhunreachta. De bharr tragóid Smoleńsk, d'fhágfadh sin go mbeadh an tír cúig mhí gan uachtarán. Má bháitear Vársá, is dóigh go bhfógrófar an éigeandáil.

Ach sin rud nach dócha anois mar tá an t-uisce ag trá. Má fhógraítear áfach, beidh cosc oibre ann; cosc ar stailceanna agus ar léirsithe; srian ar thráchtáil; smacht ar thrácht agus iachall ar dhaoine imeacht óna gcuid tithe ar ordú ó na húdaráis.

Tá muintir na Polainne tuirseach. Tá an tír ina cíor thuathail arís. Ní dhá ghéarchéim ach trí cinn atá ag dó na geirbe díobh: an tragóid i Smoleńsk, na tuilte móra, agus an chorraíl mhór eacnamaíochta sa Ghréig agus i limistéar an Euro, rud a bhfuil laghdú ar easportáil na Polainne dá bharr.

Ach tá cúnamh idirnáisiúnta le fáil. Tháinig trí fhoireann innealtóirí ón nGearmáin le huisce a phumpáil. Thug siad leo scoth an trealaimh. Tháinig foireann ó Phoblacht na Seice. Agus gheall an Rúis breis cúnaimh chomh maith céanna.

# 'Cabhlachán Saoirse' ar a bhealach go Gaza

**Le Danny Brown**

TÁ bagairt déanta ag Aire Gnóthaí Eachtracha Iosrael in éadan daoine as Éirinn atá ag taisteal i dtreo Ghaza ar bord an MV Rachel Corrie. Tá an bád, a ceannaíodh ag an ghluaiseacht Free Gaza, ar a bhealach go Gaza le lód earraí atógála don dúiche a loiteadh le linn ionsaithe Iosrael bliain go leith ó shin.

Seo an tríú huair go ndeachaigh dream as Éirinn i mbád chun tarrtháil mhuintir Ghaza ach bhí cúpla duine de na mairnéalaigh sa cheantar roimhe seo. Beidh na Teachtaí Dála Aengus Ó Snodaigh (Sinn Féin) agus Chris Andrews (Fianna Fáil) ar an bhád, chomh maith leis an Seanadóir Mark Daly (FF) as Ciarraí.

Tá Fiachra Ó Luain, a sheas sa toghchán do Pharlaimint na hEorpa, mar chuid d'fhoireann an Rachel Corrie fosta agus dúirt sé go bhfuil lúcháir air bheith i gcuideachta na bpolaiteoirí agus Mhairéid Maguire, a bhain duais Nobel don obair a rinne sí leis na Peace People sna Sé Chontae sna 70í.

Tá súil acu bheith i nGaza ag deireadh na míosa seo agus an trealamh atógála a bhronnadh ar mhuintir Ghaza.

Anuraidh, d'éirigh le dream eile dul isteach i nGaza i ndiaidh bheith coinnithe ar feadh tréimhse san Éigipt. An t-am sin, thug siad otharcharr agus cógais leo as Éirinn.

Fá láthair, tá 800 duine as 60 tír ag traenáil sa Mheánmhuir agus súil acu go mbainfidh siad Gaza amach an tseachtain seo chugainn.

Tá an Rachel Corrie ag iompar 550 tonna stroighne, 20 tonna páipéir, 25 tonna ábhar scoile agus 120 tonna ábhar agus trealamh leighis.

Tá cosc curtha ar na rudaí seo ag rialtas Iosrael dul isteach i gceantar Ghaza agus ar an Chabhlachán Saoirse, mar a thugtar ar na naoi long a bheas páirteach sa turas go Gaza. Dúirt rialtas Iosrael go ndéanfaidh siad cibé rud gur féidir leo a dhéanamh le stop a chur leis na longa teacht i dtír i nGaza agus go bhfuil spás sna príosúin acu don 800 duine atá ar na báid seo.

Tá sin cáinte ag Ambasadóir na hÉireann in Tel Aviv.

Dúirt Aengus Ó Snodaigh le Gaelscéal go raibh siad ag súil le críocha Ghaza a bhaint amach Dé hAoine d'ainneoin bhagairtí Iosrael.

"Tá muid á dhéanamh seo le taispeáint don domhan go bhfuil gnáthmhuintir Ghaza faoi léigear go mídhleathach ag rialtas Iosrael," a dúirt Ó Snodaigh, agus é ag caint i ndiaidh seisiún traenála.

Dúirt sé fosta go raibh gá le hidirbheartaíocht idir Iosrael agus rialtas na Palaistíne má bhí réiteach le teacht ar an scéal.

Tuairiscítear go bhfuil cabhlach Iosrael ar chleachtadh míleata amach as cósta Ghaza i láthair na huaire.

## Cearta chun Oibre

GRIANGHRAF: MARK STEDMAN/PHOTOCALL IRELAND




**Leirseoirí ag cur a gcuid míshástachta in iúl ag an mórshiúl 'Right to Work' Dé Máirt seo caite.**

# Cogaíocht Sráide in Kingstown

D'AINNEOIN cathanna gunnaí ar shráideanna Kingston inar maraíodh breis is 44 duine, níor éirigh le húdaráis na hIamáice teacht ar an tiarna drugaí Christopher "Dudus" Coke go fóill agus Gaelscéal ag dul i gcló. Níl na húdaráis cinnte go bhfuil sé fós sa tír fiú.

Tuigtear gur sibhialtaigh iad an chuid is mó de na daoine a cailleadh. Thosaigh an trioblóid an tseachtain seo caite tar éis do Phríomhaire na hIamáice, Bruce Golding, a dhearbhú go mbeadh sé ag iarraidh Coke a eiseachadadh go SAM, áit a bhfuil sé ag teastáil ar chúiseanna a bhaineann le smuigleáil drugaí is arm.

Tá idir shaighdiúirí agus phéas, le tacaíocht ó héileacaptair agus ó charranna armúrtha, páirteach sa bheart seo. Tá siad ag troid le lucht tacaíochta Coke atá armtha go maith. Tá sé á mhaíomh ag na péas in Iamáice go bhfuil dronganna drugaí ag teacht as gach cearn de na hoileáin chun páirt a ghlacadh sa troid ar son "Dudus," fear a dtugann siad "uachtarán" air.

Tá tacaíocht áirithe ag Coke sa cheantar Tivoli Gardens in Kingstown de bhrí go mothaíonn muintir na háite go bhfuil siad níos sábháilte faoina chúram ná mar a bheadh siad faoi údaráis an stáit agus tá an-bhrú ar rialtas Iamáice dul i ngleic le foréigean san oileán. Tá ceann de na rátaí dúnmharaithe is airde ar an domhan ag an tír.

Tá staid éigeandála i bhfeidhm sa chathair fá láthair agus tá an Roinn Gnóthaí Eachtracha ag moladh d'Éireannaigh gan taisteal ar bith nach bhfuil iomlán riachtanach a dhéanamh in Kingstown agus sa cheantar máguaird.

# Críoch thobann curtha le Comhaontú idir Tuaisceart agus Deisceart na Cóiré

**Le Meadhbh Ní Eadhra**

D'FHÓGAIR an Chóiré Thuaidh go rabhadar ag cur deireadh le comhaontú a chuireann bac ar mhuirchathanna idir Tuaisceart agus Deisceart na Cóiré maidin inné.

Tá an Chóiré Theas, Stáit Aontaithe Mheiriceá agus an tSeapáin ag iarraidh ar an Tuaisceart freagracht a ghlacadh as an ionsaí ar bhád an Cheonan, ach maíonn an Chóiré Thuaidh nach raibh baint ar bith acu leis an eachtra. Bhí gníomhaíochtaí míleata ar bun ag an gCóiré Theas ar chósta an iarthair inné a raibh mar aidhm acu cuidiú leis an arm aon ionsaithe ó fhomhuireáin (submarines) an Tuaiscirt a aithint. Tá sé ráite ag Pyongyang go gcuirfidh gníomhaíochtaí mar sin go bruach an chogaidh iad.

Tá smachtbhannaí i bhfeidhm ar an gCóiré Thuaidh ó mhí Bealtaine 2009 agus deir Clár Bia na Náisiún Aontaithe go mbeidh deireadh leis an mbia atá á sholáthar acu don Tuaisceart faoi dheireadh na míosa seo chugainn. Cé gur bhagair an Chóiré Thuaidh Dé Céadaoin gach ceangal a ghearradh leis an gCóiré Theas, tá ionad tionsclaíoch ón Deisceart, atá lonnaithe sa Tuaisceart, fós ag feidhmiú. Tá cónaí ar Sarah Lee, arb as Contae Chill Dara ó dhúchas di, in Seoul i nDeisceart na Cóiré, le seacht mbliana anuas. Thagair sí don ionad seo agus don suntas a bhaineann leis.

"Tá ionad tionsclaíoch an Kaesong ar cheann de na comharthaí dearfacha is mó a léiríonn an comhoibriú a bhí idir an dá thír go dtí le déanaí. Oibríonn suas le 100,000 duine ón tuaisceart ann."

Deir Sarah Lee go bhfuil an saol "ag dul ar aghaidh mar is gnáchh" in Seoul, ach braitheann sí go bhfuil cúis imní ann di féin agus dá clann, mar go bhfuil siad chomh gar sin don tuaisceart. Thagair sí do Kim Jong-il, Ceannaire na Cóire Thuaidh, agus dá iompar le déanaí. "Ní féidir a rá go cinnte nach n-ionsóidh sé muid. Tá sé as a mheabhair! Tá plean éalaithe agam agus na pasanna i mo phóca i gcónaí!" ar sí. "Ní bheadh a fhios agat ó bheith amuigh ar na sráideanna go bhfuil aon bhagairt ann. Tá taithí ag an bpobal ar an rud ar fad agus is iomaí duine a mheasann nach bhfuil aon difríocht idir an t-ionsaí ar bhád an Cheonan agus ionsaithe a tharla roimhe seo, cosúil leis an ionsaí ar eitilt KAL 858 i 1987, mar shampla."

ÚDARÁIS ÁITIÚLA CHONTAE CHORCAÍ

**Comhairle Contae Chorcaí & Comhairlí Baile Chóbh, Chionn tSáile, Chloich na Coillte, Sciobairín, Mhaigh Chromtha, Mhala, Eochalla, Mhainistir Fhear Maí, Mhainistir na Corann, Dhroichead na Bandan, Bheanntraí & An Phasáiste.**

**AIGHNEACHTAÍ Á LORG
DRÉACHT-SCÉIM Á hULLMHÚ
ACHT NA DTEANGACHA OIFIGIÚLA 2003**

Tá sé ar intinn ag Údaráis Áitiúla Chontae Chorcaí a ndara scéim a dhréachtú don tréimhse 2010-2013 de réir Alt 11 d'Acht na dTeangacha Oifigiúla 2003.

Tá chéad Scéim na nÚdarás Áitiúil seo a foilsíodh i 2007 ar láithreán gréasáin Chomhairle Contae Chorcaí www.corkcoco.ie

Le soláthar seirbhísí trí mheán na Gaeilge in Údaráis Áitiúla Chontae Chorcaí a fheabhsú tuilleadh glacfar le moltaí ó pháirtithe leasmhara anois ag: gaeilge@corkcoco.ie nó seol chuig: **An tOifigeach Forbartha Gaeilge, Comhairle Contae Chorcaí, Halla an Chontae, Bóthar Charraig Ruacháin, Corcaigh.**

Tá eolas faoi Chomhairle Contae Chorcaí agus a seirbhísí ar fáil ar www.corkcoco.ie.

Dáta deireanach d'aighneachtaí a bheith faighte: **5.00 i.n. ar an Aoine, 25 Meitheamh 2010**

**An tOifigeach Gaeilge, Comhairle Contae Chorcaí.**

# 2 NUACHT RÉIGIÚNACH

## CONNACHT NUACHT



Seoltar scéalta chuig: nuacht@gaelsceal.ie

## Ag Iomrá Lake Pontchartrain

**Le Treasa Bhreathnach**

TÁ an t-amhránaí ceol tíre, Danny O'Flaherty de bhunadh Chonamara, chun iomrá trasna an 24 míle de Lake Pontchartrain, New Orleans, SAM, chun airgead a bhailiú d'iomróirí na hÉireann. Tá sé i gceist go n-úsáidfí an t-airgead seo chun iomróirí a thabhairt go Louisiana chun deis a thabhairt dóibh a bheith in iomaíocht i nGeallta Domhanda na gCurrachaí . Is é an aidhm atá aige ná $500 in aghaidh an mhíle a bhailiú agus $12,000 uilig a bhailiú. Is é Danny duine de bhunaitheoirí 'Coiste Láir na gCurrachaí' a bhfuil sé mar aidhm acu rásaí na gcurrachaí a chur chun cinn. Tá rásaí na gcurrachaí ar siúl faoi láthair ó cheann ceann na tíre agus na foirne ar fad ag iarraidh an bua a bhaint amach chun an deis a fháil a bheith ag iomrá thar ceann na hÉireann sa Chorn Domhanda. Tá foireann ag dul sall go Louisiana ó 1984 agus is é anuraidh an chéad bhliain nach raibh a ndóthain maoinithe ag an gcoiste láir chun foireann Éireannach a chur chuig an gCorn Domhanda. Má tá suim agat deontas a thabhairt do Danny dá thuras, téigh chuig www.firstgiving.com/worldcupcurrachregatta

## Bás an cheoltóra aitheanta Martin Molloy

**Le Piaras Ó Raghallaigh**

TÁ ceantar an Mhala Raithní in Iarthar Mhaigh Eo agus na bailte mórthimpeall in éide bhróin de dheasca bhás tragóideach an phíobaire agus ceoltóir aitheanta Martin Molloy a bhí 58 bliain d'aois. Ba bhall den ghrúpa cáiliúil Molloy Brothers é. Bádh Martin a raibh féith na mbuanna aige nuair a thit sé san uisce ag céibh an Mhala Raithní ag an deireadh seachtaine.

Bhí Martin agus a dheartháireacha ag seinm le 45 bliain anuas. D'oibrigh an ceoltóir mar thiománaí do bhanc taistil AIB i gCathair na Mart. Bhí aithne fhorleathan air mórthimpeall Acla, an Líonáin agus Chluain Cearbán. Dúirt an Comhairleoir áitiúil Michael Holmes go gcuimhneofar go ceanúil ar an gceoltóir.

"B'fhear uasal é Martin. Ní raibh namhaid sa domhan aige. Bhain daoine an-sult go deo as a cheol. Bhí baint aige leis an Mulranny Pipe Band agus nuair a toghadh mé mar chomhairleoir bhí Martin ag seinm sa sráidbhaile," a dúirt Holmes.

## Béal an Mhuirthead réidh don Chomórtas Peile

**Le Piaras Ó Raghallaigh**

TÁ na hullmhúcháin deiridh á ndéanamh i mBéal an Mhuirthead an tseachtain seo le haghaidh chluichí ceannais náisiúnta Chomórtas Peile na Gaeltachta.Beidh na cluichí ar siúl ón 4 go 7 Meitheamh agus tá an club baile ag súil le breis is 10,000 duine ag an bhféile.

Tá an clubtheach nua, a chosain €1.8 milliún, tugtha chun críche chomh maith le páirc imeartha den scoth. Tá seastán nua á thógaint faoi láthair freisin. Meastar gurb é seo an deireadh seachtaine is gnóthaí don cheantar ina stair 74 bliain. Tá 25 foireann fir agus mhná ós na Gaeltachtaí éagsúla ag teacht chomh maith le foirne ó Bhéal Feirste agus ó Londain. mDúirt Cathaoirleach an Chlub, Seán Ó Gallchóir, go bhfuil chuile dhuine ag tnúth anois leis na cluichí. "Is iontach an rud é don chlub deis a fháil chun comórtas mór mar seo a eagrú," a dúirt sé.

Beidh neart imreoirí ó Dhún na nGall, Gaillimh, Corcaigh agus Ciarraí i láthair ag an bhféile chomh maith le sárimeoirí peile Mhaigh Eo Billy Joe Padden agus Chris Barret. Bhuaigh Béal an Mhuirthead an comórtas trí huaire, ba é 2006 an uair dheireanach a bhuaigh siad. Ba é 1987 an uair dheireanach a bhí na cluichí ceannais náisiúnta i mBéal an Mhuirthead.

Beidh neart imeachtaí eile á chur ar fáil do thurasóirí i gcaitheamh dheireadh seachtaine Chomórtas Peile na Gaeltachta. Beidh comórtas gailf Am-Am, siúlóidí staire, comórtas an Chailín Ghaelaigh, tráth na gceist, rásaí na gcurrach agus neart siamsaíocht eile ar fáil. Beidh ceol beo agus neart siamsaíocht eile d'óg agus d'aosta ar fáil. Le haghaidh breis eolais faoi na himeachtaí a bheidh ar súil, téigh ar www.clgbealanmhuirthead.com nó déan teagmháil le hIorras Domhain ar 097-81500.




**Micheál de Mordha Uachtarán an Oireachtais, Gary Desmond CEO Gala, Darach Ó Dubháin Príomh Aisteoir Na Cloigne (Buaiteoir don Aisteoir is Fearr) & Liam Ó Maolaodha Stiúrthóir, ag Gradaim Chumarsáide an Oireachtais**



**Keeva agus Leah Gibbons ag baint taitneamh as Féile na Tuaithe ag Músaem Náisiúnta na hÉireann, i bPáirc an Turlaigh i gCaisleán a' Bharraigh ag an deireadh seachtaine.** GRIANGHRAF: FINOLA REILLY

## Féile Mhótarbhád na Gaillimhe

**Le Treasa Bhreathnach**

DEN chéad uair riamh beidh féile mhótarbhád na Gaillimhe ar siúl thart timpeall chósta na Gaillimhe le croílár na féile féin i nDuganna na Gaillimhe ag tosú seachtain ón lá amárach. Is iad an cumann eagraithe céanna a thug an Volvo Ocean Race go Gaillimh atá taobh thiar den fhéile seo a mhealladh go Gaillimh.

Táthar ag súil go meallfar suas le 140,000 duine go Gaillimh agus beidh os cionn 50 imeacht éagsúil ar muir is ar talamh ar siúl i rith na féile 8 lá, agus iad ar fad saor in aisce. Beidh rásaíocht i gCuan na Gaillimhe le tráchtaireacht bheo le cloisteáil ar Bhóthar na Trá.

Ar an Luan fágfaidh na mótarbháid meá mór na Gaillimhe chun tús a chur lena rás timpeall na hÉireann a mhairfidh cúig lá agus ina bhfuil cúig staid.

Beidh sráidbhaile na féile ar Ché na mBreathnach ar dhuganna na Gaillimhe áit a mbeidh siamsaíocht ar siúl óna 10r.n. go dtí 10.30 gach oíche. Osclóidh ceolchoirm Mick Flannery an fhéile agus is é Declan O'Rourke a bheidh lár stáitse ar an Domhnach. Chomh maith leo siúd beidh deis agaibh éisteacht le scoth na gceoltóirí eile, mar The Black Magic Band, A Band Called Wanda, Cartoon Thieves, Joe Furey agus Crystal Swing.

## Fís 40 Bliain - Imagine!

**Le Treasa Bhreathnach**

OSCLÓFAR taispeántas 40 bliain de shaothar grianghrafadóireachta agus scannánaíochta Bob Quinn i Músaem Cathrach na Gaillimhe seachtain ón lá amárach. Tá os cionn cúig mhíle fichead de phictiúir tógtha ag Bob i gcaitheamh a thréimhse 40 bliain ag obair agus ina chónaí i gConamara.

Tá aitheantas náisiúnta agus domhanda bainte amach ag Bob Quinn le hos cionn 100 ábhar scannánaithe aige, idir scannáin, dhrámaíocht, chláir faisnéise agus saothair thrialacha agus iad go hiondúil dírithe ar Iarthar na hÉireann agus ar Chonamara go háirithe. Cuid dá scannáin ná The Atlantean Trilogy (1980-84), Poitín (1977), The Emigrants Dance (2000) agus Vox Humana (2008).

Beidh an taispeántas seo ar siúl go dtí an 12ú Iúil agus, tar éis an taispeántais, bronnfaidh Bob Quinn saothar an taispeántais ar Ollscoil na hÉireann, Gaillimh.

# Gradam bronnta ar LookWest.ie

BRONNADH gradam ar LookWest.ie don suíomh idirlín r-rialtais is fearr ag Gradam na nEagraíochtaí Idirlín Éireannacha i mbliana. Is éard atá i gceist le LookWest.ie ná fiontar de chuid Choimisiún Forbartha an Iarthair chun béim a leagan ar na buntáistí a bhaineann le bheith i do chónaí, ag obair agus ag déanamh gnó san Iarthar. Cuireann sé eolas ar fáil dóibh siúd atá ag smaoineamh ar bhogadh go dtí an tIarthar chomh maith.

Bhí bronnadh an ghradaim seo bunaithe ar vótaí ó ghrúpa saineolaithe ón tionscal chomh maith le vótaí ón bpobal. Úsáideann 20,000 duine an suíomh seo gach mí, idir iad siúd atá in Éirinn agus iad siúd atá thar lear. Is éard a dúirt an tAire Pat Carey faoin mbua seo, "Bíonn ról tábhachtach á ghlacadh ag LookWest.ie in obair Choimisiún Forbartha an Iarthair i leith forbairt réigiúndá chothrom a chruthú."

# Oscailt - Club Leabhar Bhaile Locha Riach

THÁINIG slua breá le chéile le haghaidh oíche oscailte Club Leabhar i mBaile Locha Riach le deireannas. Thosaigh an Club Leabhar go neamhfhoirmeálta Deireadh Fómhair '08 le dhá sheilf de leabhair in oifig 'Gaeilge Locha Riach' ach anois tá rogha breá fairsing acu agus beagnach 700 leabhar sa chnuasach ina bhfuil rogha breá ábhair le léamh.

Gan amhras, bhí cúis ceiliúrtha acu agus Leabharlann Bheag úrnua oscailte go foirmeálta acu. Is de bharr thacaíocht an phobail áitiúil, Glór na nGael, COGG, Coiste Gairmoideachais Chontae na Gaillimhe agus foilsitheoirí mar Coiscéim, Móinín agus Cló Iar-Chonnachta gur tháinig fás agus forbairt ar an Club Leabhar.

Gabhadh buíochas do John Hayes go speisialta a chuir ord is eagar ar an bhailiúcháin leabhar agus catalóg déanta chomh maith.

Ag oscailt na leabharlainne go hoifigiúil agus é ag labhairt ag an ócáid, dúirt Ré Ó Laighléis, údar agus foilsitheoir:

"Tá éacht nach beag déanta ag an Club Leabhar leabharlann bheag mar seo a oscailt don phobal. Is áis iontach do dhaoine bualadh isteach agus a rogha leabhar a thógáil, is spreagadh den scoth é do chách go bhfuil a leithéid de Club Leabhar gníomhach agus tá mé cinnte go dtógfar ar na clocha bunaithe seo."

Tá pleananna idir lámha ag an Club Leabhar taighde a dhéanamh ar chúrsaí léitheoireachta is scríbhneoireachta go háitiúil, freastal ar na héilimh sin trí cheardlanna a reáchtáil ar chaighdeáin is ar 'genré' éagsúla, oícheanta sóisialta a eagrú, aonaigh leabhar a reáchtáil agus leabhar bliana a fhoilsiú chomh maith.

Níl costas ar bith le bheith i do bhall sa Club Leabhar agus cuirtear fáilte roimh dhaoine buaileadh isteach agus leabhair a roghnú le páirt a ghlacadh.

Ar ndóigh, tá sé i gceist ag an chlub tógáil ar an leabharlann bheag atá ar fáil agus fáiltíonn siad i gcónaí roimh thacaíocht an phobail agus eile. Má tá leabhair Gaeilge ina luí ar sheilf sa bhaile, beidh an Club Leabhar breá sásta áit ar leith a chruthú dóibh sa Leabharlann Bheag.

Tuilleadh eolais: 091 870718

# Stampa Comóradh 100 Mháirtín Uí Dhireáin

Le Treasa Bhreathnach

SEOLFAIDH an tAire Coimirce Sóisialaí Éamon Ó Cuív stampa comóradh céad bliain ó rugadh Máirtín Ó Direáin de chuid 'An Post' inniu in Ionad Eoghanacht in Inis Mór.

Rugadh Máirtín Ó Direáin sa tSruthán in Inis Mór i 1910 agus i 1928 d'fhág sé an t-oileán chun dul ag obair leis 'An Post' i nGaillimh. Tá sé aitheanta mar 'poet laureate' neamhoifigiúil na tíre agus i measc a gcuid cnuasaigh chlúitigh bhí 'Ó Mórna agus Dánta eile' a d'fhoilsigh sé i 1957.

Bhí tionchar láidir ag oidhreacht, cultúr agus tírdhreach Árann ar a gcuid saothar. Fuair sé bás ina theach féin i mBaile Átha Cliath i 1988.

Tá 300,000 stampa comórtha coimisiúnaithe ag An Post, le portráid de Mháirtín Ó Direáin féin orthu le hInis Mór mar chúlra aige. Beidh a iníon Niamh Sheridan agus a sin-seanmhac Dean McCann i láthair ag an seoladh áit a mbeidh an sagart paróiste an tAth. Connla Delaney ag léamh cuid de shaothar próis agus filíocht Uí Dhireáin.




# LAIGHEAN NUACHT



Seoltar scéalta chuig: nuacht@gaelsceal.ie

## An Gael sa Pháil

Le Kate Fennell

# Dianchúrsa Gaeilge in Ionad Cultúrtha Áras Chrónáin

ANOCHT agus amárach, tá Áras Chrónáin ag tabhairt cuiridh do dhaoine gur mhian leo freastal ar dhianchúrsa Gaeilge san Ionad Cultúrtha i gCluain Dolcáin, BÁC 22. Tá siad ag cur ranganna ar fáil do 6 leibhéal dhifriúla, mar sin tá spas ann do ghlan-tosaitheoirí suas go dtí leibhéal líofa. Tosaíonn siad anocht ag 7-9i.n. agus leanann siad ar aghaidh amárach óna 10-6i.n. Ní chosnaíonn an cúrsa ach €35 le tae/caifé agus lón san áireamh. Glaoigh ar Bhrian ag 01 4574847 nó seol ríomhphost chuig gaeilge@araschronain.ie le tuilleadh eolais a fháil agus le clárú.

# Siúlóid go dtí na Trí Locha

MÁ leanann an dea-aimsir níl dabht ach go mbeidh Na Cnocadóirí sona sásta ar na sléibhte idir seo agus deireadh an tsamhraidh. Go deimhin, is féidir dul ag siúl leo ar an Domhnach beag seo, 30 Bealtaine, go dtí na Trí Locha i gCo. Chill Mhantáin. Is siúlóid mheánach idir 4 agus 5 huaire a' chloig atá i gceist, ag tosú ag Droichead Bhaile na Gaoithe ag 11.45r.n. Má theastaíonn síob ansin uait bí ag Oifigí BSL ar Shráid Mic Liam ag 10.30r.n. Agus ná dean dearmad go mbeidh turas treoraithe i nGaeilge ar siúl acu maidin amárach chuig an Casino i Marino i Mullach Íde ag 11.15r.n. ar chostas €2. Gach eolas ó www.cnocadóirí.com.



Ciarán Ó Cofaigh, Léiritheoir Na Cloigne lena dheirfiúr Bláthnaid Ní Chofaigh ag bronnadh 'Gradaim an Oireachtais'. Bhuaigh an tsraith 'Na Cloigne' a léirigh comhlacht Chiaráin, Rosg teo., duais don Sraithdhráma Teilifíse is Fearr

# Ceoltóirí Luimnigh san Ardchathair

AR an Máirt bheag seo beidh ceoltóirí cáiliúla de bhunús Luimnigh ag teacht go Baile Átha Cliath don oíche ceoil thraidisiúnta a eagraíonn an fliúiteadóir Conor Byrne, 'The County Sessions' sa Button Factory i mBarra an Teampaill ó 7.30i.n. ar aghaidh. Ag seinm ar an stáitse beidh Mick Hanly, Arty McGlynn, Tony O'Connell, Mickey Dunne agus aíonna speisialta eile. Tá áit suí do níos mó ná céad duine agus tá an-tóir ar na ticéid, mar sin is fearr iad a chur in áirithe roimh ré más féidir. Téigh chuig www.buttonfactory.ie le tuilleadh eolais a fháil nó glaoigh ar 01 670 9202.

# Seoladh cnuasach dánta le hAifric Mac Aodha

TA an-aithne ar Aifric Mac Aodha mar fhile, mar sin is dea-scéala é dá lucht leanúna go mbeidh seoladh dá chéad chnuasach dánta, atá foilsithe ag An Sagart, ar siúl san Eaglais Úinitéireach ar Fhaiche Stíabhna an Déardaoin seo, 3 Meitheamh ar 6.30i.n. Is í an tOllamh Maire Ní Annracháin ón gColáiste Ollscoile, Baile Átha Cliath a bheidh á sheoladh agus beidh ceol binn le cloisteáil ó Liam Ó Maonlaí.

Gach eolas ó Éigse Éireann ag www.poetryireland.ie nó 01 478 9974.



An Comh. Marie Baker, Cathaoirleach Chomhairle Contae Dhún Laoghaire-Ráth an Dúin (ar dheis), Helena McGorman, Stiúrthóir Páirceanna na Comhairle (ar clé), agus Ed Pettit, Seirbhísí Gailf Carr (i lár báire) ag oscailt oifigiúil Galfchúrsa Pháirc Mharlaí i Ráth Fearnáin, Co. Átha Cliath

**An bhfuil scéilín agat?** Ba mhaith linn freastal ar gach Gaeltacht is Gaelphobal sa tír. Má tá scéilíní nó nótaí áitiúla agaibh, cuirigí iad chuig an seoladh rphoist seo le bhur dtoil, **nuacht@gaelsceal.ie**, agus déanfaidh muid ár ndícheall iad a chur i gcló.

# MUMHAN NUACHT



Seoltar scéalta chuig: nuacht@gaelsceal.ie

## Bád i gcuimhne Bhriain le bronnadh ar lucht tarrthála

**le Seán Ó Loingsigh**

BRONNFAR bád nua tarrthála i gcuimhne mhac léinn ollscoile a cailleadh i dtionóisc bháite i gCathair Chorcaí anuraidh ar Aonad Cuardaigh agus Tarrthála Mhala i mBaile Bhúirne ar an nDomhnach seo. Cailleadh Briain Ó Tuama, 19 bliain d'aois, ó Bhaile Bhúirne in Abha na Laoi i mí na Samhna 2009, agus bunaíodh ciste i mbliana chun bád nua tárrthála a bhronnadh ar sheirbhís chuardaigh agus tarrthála Mhala a thug cabhair sa chuardach do Bhriain.

Ghlac a chlann, a ghaolta, a chairde líonmhara, mic léinn, agus an pobal i gcoitinne páirt in imeachtaí éagsúla le déanaí chun airgead a bhailiú do Chiste Bhriain Uí Thuama. Mar chuid den fheachtas bailithe airgid, bhí pacáil mhálaí in ollmhargadh i Maigh Chromtha, tráth na gceist i gcathair Chorcaí, maidin caifé i gCúil Aodha, agus ghlac suas le 100 duine páirt i leathmharatón ó Ghleann Garbh go Beanntraí, rás a bhuaigh a chol ceathair Joyce Wolfe ó Chorcaigh.

Iardhalta de Scoil Abán Naofa agus Coláiste Ghobnatan i mBaile Bhúirne ab ea Briain, agus d'imir sé peil leis an gcumann áitiúil Naomh Abán. Mac léinn sa dara bhliain i ndámh na ndán in Ollscoil Chorcaí ab ea é, agus bhí sé gníomhach sa Chuallacht, Cumann Gaelach na hollscoile.

Ábhar misnigh dá chlann agus do gach éinne go raibh aithne acu ar Bhriain is ea ciste Bhriain Uí Thuama, agus tá sé mar aidhm tacaíocht a thabhairt do thionscadail fhiúntacha eile amach anso chun a ainm a choimeád beo i measc an phobail.

Beidh an bád nua tarrthála le feiscint ar taispeáint an Domhnach seo le hais Óstán Ghobnatan i mBaile Bhúirne óna 10 r.n go 3.30 i.n., uair a bhronnfar é ar lucht Aonad Cuardaigh agus Tárrthála Mhala.



(Ó chlé go deas) Liam Ó Maolaodha, Stiúrthóir Oireachtas na Gaeilge, Dáithí Ó Sé, buaiteoir an ghradaim Gael-Réalta Gala 2010 agus Denise Lord, Bainisteoir Seirbhísí do Chustaiméirí le Gala ag Gradaim Chumarsáide an Oireachtais i gcomhar le Gala. GRIANGHRAF – CHRIS BELLEW, FENNELL PHOTOGRAPHY

**Corca Dhuibhne**

## Féile Scéalaíochta agus Amhránaíochta don Óige

BHÍ os cionn seasca scéalaí agus amhránaí óg páirteach sa tríú Féile Scéalaíochta agus Amhránaíochta don Óige a bhí ar siúl sa Mhúsaem i mBaile an Fheirtéaraigh le linn na seachtaine. Bronnadh buanchorn Oidhreacht Chorca Dhuibhne ar Sheán Ó Móráin (Scéalaíocht fé 15) agus ar Chaoimhe Blennerhassett (Amhránaíocht fé 15). Bronnadh buansciath (urraithe ag RTÉ Raidió na Gaeltachta) ar Chiadhra Ní Shé (Amhránaíocht fé 12) agus ar Gwendoline Lieb (Scéalaíocht fé 12). Thug Siobhán Ní Neachtain & agus Naoise Mac Gearailt an svae leo sa chatagóir fé 10. Bunaíodh Oidhreacht Chorca Dhuibhne tríocha bliain ó shin mar fhochoiste de Chomharchumann Forbartha Chorca Dhuibhne - ba dheas an ceiliúradh an fhéile seo. A bhuíochas d'Ealaín na Gaeltachta, a mhaoiníonn an tAmhránaí Cónaitheach, agus don Roinn Gnóthaí Pobail, Comhionannais agus Gaeltachta.



Cáit Máire & Seán Ó Móráin ó Arda Móir, Baile na nGall. Seán a bhuaigh an chéad áit sa Chomórtas Scéalaíochta fé16 i bhFéile Amhránaíochta agus Scéalaíochta don Óige i gCorca Dhuibhne an tseachtain seo.

## Aerfort na Sionainne go Bristol

BEIDH an tseirbhís idir aerfort na Sionainne agus Bristol ar ais arís roimh dheireadh 2010, de réir an Aire Cosanta Tony Killeen. Bhí trácht á dhéanamh ag an Aire ar litir ó Martin Moroney, Stiúrthóir an aerfoirt, ag rá "Is é seo an bealach is mó éileamh idir Éire agus Iarthar na Breataine agus tá an t-aerfort muiníneach go dtabharfar ar ais é." Ba fhreagairt é seo ar ghearáin a fuair Killeen ó thaistealaithe a d'úsáideadh an bealach seo go rialta sular cuireadh ar ceal é. (SG)

## Rás an Clipper

TÁ na hullmhúcháin ar bun don Rás Luamh Domhanda Clipper i gCathair Chorcaí, a bheidh ar siúl ar an Chéadaoin an 7ú Iúil i mbliana. Beidh an flít ag dul ó Chionn tSáile go Cathair Chorcaí ar an lá sin. Chun ceiliúradh a dhéanamh ar an ócáid seo beidh sráidbhaile rása déanta as Cé Ailbhe ar feadh trí lá, ó 10 r.n. go 10 i.n. Beidh bia, deoch agus stallaí ceirde le fáil, stáitse ceoil agus siamsa sráide don chlann ar fad. (SG)

## Ná meas an ceol leis an dteideal

**le Seán Ó Loingsigh**

DISGRACED NOTES atá mar theideal air ach ní haon náire é an ceol ar an dlúthdhiosca nua le Séamus Begley agus Tim Edey.

Caitheann an tionlacaí Tim as Kent Shasana an cairdín chuig an mboscadóir Ó Beaglaoich as Corca Dhuibhne sa phictiúr clúdaigh agus tá cuma air go mbéarfaidh Séamus greim air mar a dhéanann sé go daingean leis an gceol.

Sheol an Corcaíoch Con Fada Ó Drisceoil an dlúthdhiosca nua cois teorann Chorcaí agus Chiarraí i mBaile Bhúirne.

Bhí slua breá de mhuintir an cheoil i Múscraí i dtábhairne an Mhuilinn don seoladh agus thángadar ó chathair Chorcaí chun blaiseadh d'fháil de cheol na beirte.

Rinne an boscadóir agus an cumadóir amhrán Con tagairt do na leathanta a théadh sé féin agus a chairde 'ag iascaireacht' go Corca Dhuibhne 40 bliain ó shin, agus do na céilithe i Halla na Muirí mar a mbíodh Séamus ag seinnt.

"Aon oíche ná rabhamar ag marú aon bhreac bhí sólás amháin agamsa i gcónaí, bhíodh Séamus Begley ar an stáitse ag seinnt don gcéilí go léir," a dúirt Con.

Canann Séamus seacht n-amhrán ar an albam, cúig cinn acu as Gaeilge, agus tá a iníon Méabh ag canadh ina theannta, chomh maith le Shaun Davey agus Rita Conolly.

Seinneann a mhic Eoin agus Niall an consairtín agus an cairdín ar chúpla traic chomh maith, dhá pholca cumtha ag Eoin féin san áireamh.

"Is breá liom an chéad ghlúin eile a chloisint ag seinnt, ag cumadh portanna agus ag canadh," a dúirt Con Fada.

Tá mianach Chorcaí san albam - is as cathair Chorcaí do mháthair an ghiotáraí Tim Edey, agus tá an t-amhrán Cill Mhuire ann, chomh maith leis an Dripsey Polka, cumtha ag an gCorcaíoch Johnny McCarthy a bhí i láthair ag an seoladh.

Is ceoltóir ilchumasach é Tim Edey a chónaigh ar feadh tréimhse in áit dúchais na mBeaglaoch i mBaile na bPoc. Seinneann sé an pianó chomh maith leis an ngiotár ar an albam nua, agus léirigh sé a chumas ar an mbosca a thóg sé ar feadh tamaill ó Shéamus sa Mhuileann.

Bhí iar-leathbhádóir Shéamuis, Jim Murray, i láthair chun an giotár agus an cairdín a sheinnt chomh maith, é tagtha abhaile go Múscraí tar éis dó bliain a chaitheamh sa Nua-Shéalainn.

Chan a dheirfiúr Caitlín Ní Bheaglaíoch amhrán ag an seoladh agus tá poirt ar an dlúthdhiosca a fuair Séamus óna fear céile Donncha Ó Loingsigh ó Bhaile Bhúirne.

Beidh Séamus Begley agus Tim Edey le cloisint ar an 12 Meitheamh ag oíche cheoil i lárionad Séamus Ennis san Aill, mar a mbeidh siad i dteannta beirt des na Dubliners John Sheehan agus Barney McKenna.

## ULADH NUACHT



Seoltar scéalta chuig: nuacht@gaelsceal.ie

# Colmcille sa Ghleann

BEIDH an fhéile, Colm Cille sa Ghleann, ar siúl i nGleann Cholm Cille, Co Dhún na nGall, idir an Aoine 4ú agus an Domhnach 7ú Meitheamh i mbliana

Tabharfaidh an Dochtúir Seosamh Watson aoi-chaint na hócáide, “Colm Cille: dúchas an naoimh in Éirinn agus in Albain”. I measc na himeachtaí eile beidh ranganna Gaeilge na hAlban, siúlóidí, damhsa ar an sean-nós agus ceol, turas Cholmcille agus ceolchoirm.

Tá an fhéile urraithe ag Colmcille (Foras na Gaeilge) agus tá an sceideal iomlán ar fáil ag http://www.gleanncholmcille.com/colmcille.htm

# Craiceáilte Ar Ais Tigh Hiúdaí Dé Sathairn Seo

BEIDH an sárghrúpa ceoil as Cill Mhantáin, Mo Hat Mo Gheansaí, an damhsóir/ceoltóir Tura Aru Tura as an tSiombáib, agus na ceoltóirí áitiúla Bríd Ní Icí, Willy Mac Giolla Bhrighde, agus Niall Hackett i measc na gceoltóirí/siamsóirí ag Cabaret Craiceáilte na míosa seo (Dé Sathairn 29 Bealtaine) Tigh Hiúdaí, An Bun Beag, Gaoth Dobhair. Bhí an Cabaret ar chamchuairt náisiúnta le mí anuas, ag féilte cosúil le Pléaráca Chonamara agus Féile Oriel, i Muineachán, agus beidh lúcháir ar na ceoltóirí craiceáilte a bheith ar ais sa bhaile Dé Sathairn seo.

Tá seanaithne ag lucht leanúna an Chabaret ar Bhríd Ní Icí, as an Choiteann i nGaoth Dobhair, a chanann idir amhráin nua-aimseartha agus seanamhráin, agus ar Rí na nAmhrán as Doire Beaga, Liam (Willy Phadaí Jimmy) Mac Giolla Bhrighde, a bhfuil cóiriú úr déanta aige ar sheanamhráin Thír Chonaill. Beidh an sárcheoltóir uirlise, Niall Hackett (Consairtín/Bouzouki) ag tabhairt tionlacain do Bhríd agus Liam. D’éirigh go maith leis na ceoltóirí seo ar an Chamchuairt Chraiceáilte agus chan siad ag an Chabaret ag Féilte i mBéal Feirste, i Muineachán agus i mBaile Átha Cliath, chomh maith leis an Electric Picnic i gCondae Laoise.

Is deartháireacha iad Tadhg agus Oisín ó Áth na Fuinseoige i gCo. Chill Mhantáin. Tá ceol á scríobh agus á sheinnt acu faoin ainm Mo Hat Mo Gheansaí le cúpla mí anuas ach tá siad ag seinnt ceoil ar feadh na mblianta. Tá an bheirt acu oilte go clasaiceach agus idir an bheirt seinneann siad an pianó, an veidhlín, an chláirseach, an giotár agus na drumaí [agus cúpla rud eile anuas air sin!].

Bronnadh scoláireacht ar an bheirt acu le staidéar a dhéanamh in Acadamh Ceoil Ríoga na hÉireann, áit a bhfuil Oisín fós ag déanamh staidéir ar an gcláirseach.

Tá an-suim ag an bheirt sa Ghaeilge. D’fhreastail Tadhg ar Choláiste Ráithín i mBré, Co. Chill Mhantáin, áit a bhfuil Oisín fós ag staidéar. Chomh maith leis sin bronnadh scoláireacht Bhord na Gaeilge UCD ar Thadhg sa bhliain 2009/10. Chum Tadhg agus Oisín cúpla amhrán as Gaeilge agus, ina theannta sin, d’aistrigh siad liricí na n-amhrán coitianta is fearr leo chun blas Mo Hat Mo Gheansaí a chur orthu.

Le déanaí bhuaigh Mo Hat Mo Gheansaí comórtas ‘Cath na mBannaí’ ar Raidió Rí-Rá don amhrán nuachumtha as Gaeilge is fearr, i rith Sheachtain na Gaeilge 2010. Chomh maith leis sin sheinn siad beo ar an Mooney Show ar RTÉ Raidió 1 agus ar East Coast FM mar chuid de cheiliúradh Sheachtain na Gaeilge.

Tá Tadhg agus Oisín fós ag scríobh is ag déanamh taifeadadh ar a gcuid ceoil agus tá dóchas iontach ann dóibh sa todhchaí.

Beidh Tura Aru Tura ag tabhairt taispeántas damhsa Hip Hop/dhamhsa dúchasach na hAfraice agus ag canadh a chuid amhrán féin i nGaeilge agus i dteangacha dúchais s’aige féin ón tSiombáib san Aifric.

Fógrófar ceoltóirí eile inniu ar an chlár Rónán Beo ar Ráidió na Gaeltachta.

Beidh tús á chur leis an Chabaret ag 9.30i.n., Tigh Hiúdaí Bhig, An Bun Beag, Gaoth Dobhair Dé Sathairn seo, 29 Bealtaine. Bígí ann agus bígí craiceáilte!.

www.craiceailte.com,
www.myspace.com/mohatmogheansai,
www.youtube.com/mohatmogheansai



**Réamonn Ó Ciaráin, Gael Linn, Aoghán Ó Fearghail, Uachtarán Chomhairle Uladh, CLG, Pádraig Ó Baoighill, Antoine Ó Coileáin, Príomhfheidhmeannach Gael Linn ag Oíche Bhronnta Scoláireachtaí Gael Linn in Ard Mhacha.**



**Aoghán Ó Fearghail, Uachtarán Chomhairle Uladh, CLG, Brogan Mac Cathmhaoil, Coláiste Phádraig Ard Mhacha agus Antoine Ó Coileáin, Príomhfheidhmeannach Gael Linn**

# Míshásamh fá imeachtaí sna Rosaibh

**Le hEoin Mac Garvey**

TÁ míshásamh tagtha chun solas an tseachtain seo i nGaeltacht Thír Chonaill faoi imeachtaí sóisialta atá eagraithe don deireadh seachtaine saoire bainc amach romhainn.

Le breis is tríocha bliain tá Féile Anagaire á reáchtáil in Iarthuaisceart Thír Conaill ar an dáta céanna - deireadh seachtaine saoire bainc mhí Mheithimh - agus an dáta seo aitheanta fiú ag Fáilte Éireann.

Tá sé anois fógartha ag pobal an Chlocháin Leith - seacht míle ar shiúl - go bhfuil deireadh seachtaine mór ceol traidisiúnta eagraithe acusan don deireadh seachtaine céanna.

Tá dhá oiread oibre curtha isteach ag muintir Anagaire ag eagrú na Féile i mbliana dá bharr go bhfuil siad ag forbairt ionad pobail agus ag brath ar airgead ón fhéile le cuidiú leis sin.

Tuigtear do Gaelsceal go raibh sraith chruinnithe le roinnt míosa idir coistí éagsúla san iarthuaisceart le heagrú a dhéanamh ar imeachtaí do 2010. Is é an plean a bhí taobh thiar de seo nó le cinntiú go mbeadh an pobal ag comhoibriú lena chéile agus gan bheith ag reáchtáil imeachtaí i gceantar beag ag an am céanna.

Thug duine gnó as ceantar Anagaire, nach raibh sásta ainm bheith foilsithe, le fios Dé Céadaoin nach bhfuil siad sásta ar dhóigh ar bith. Dúradh linn go raibh féilire déanta suas ag cruinniú ait ar chur gach pobal eolas ar fáil do dhátaí na n-imeachtaí éagsúla.

"Tá seo ag teacht salach ar an réasún a cuireadh na cruinnithe ar bun agus na pobail bheith tugtha le chéile. Tá go leor deireadh seachtainí sa bhliain agus tá a fhios ag daoine le blianta go mbíonn Féile Anagaire a reáchtáil gach bliain ag tús mhá Meitheamh," a dúradh linn.

Beidh seisiún an Chlocháin Leith a reáchtáil ón 4ú - 6ú Meitheamh, agus Féile Anagaire ón 3ú go dtí an 7ú, rud a fhágas gan dabht nach mbeidh gantanas caitheamh aimsire san iarthuaisceart ar an deireadh seachtaine seo chugainn.

# Buille eile buailte ar an Chlochán Liath

**le hEoin Mac Garvey**

TÁ baile an Chlocháin Léith i dTír Chonaill le bheith fágtha fada go leor gan óstán de bharr gur thit an tóin as na comhráití a bhí ar bun le fear gnó de bhunadh Ghaoth Dobhair a bhfuil cónaí air i Londain.

Druideadh Óstán na Rosann roimh an Nollaig nuair a ceapadh glacadóir agus chaill scór go leith duine a bpostanna. Bhí bainiseacha curtha in áirithe ag daoine don samhradh seo chomh maith agus bhí orthu ionaid eile a aimsiú. Nuair a druideadh an t-óstán i mí na Samhna anuraidh bhí fiacha €1.4 milliún i gceist, €817,000 de sin le Banc Náisiúnta na hÉireann.

Bhí an t-óstán 48 seomra ar an mhargadh ar luach €1 mhilliún agus bhíothas ag dréim go mbeadh sé díolta le Micheál Mac Giolla Bhríde lá ar bith ach is cosúil nach mbeidh seo ag tarlú anois.

Thug urlabhraí thar ceann na nglacadóirí Friel Stafford le fios an tseachtain seo gur theip ar na comhráití agus go bhfuil an t-óstán ar ais ar an mhargadh ar luach €900,000.

De réir Jim Stafford tá roinnt dreamanna eile ag léiriú suime san óstán agus beidh siad ag dul i mbun cainteanna leo. Tá sé dóchasach go ndíolfar é mar óstán.

Bhí dóchas roinnt seachtainí ó shin go mbeadh an t-óstán oscailte arís do shéasúr an tsamhraidh ach tuigtear anois nach mbeidh seo indéanta. De bharr go bhfuil sé druidte anois le níos mó ná sé mhí tuigtear go mbeadh go leor oibre le déanamh taobh istigh lena chur ina cheart arís.

Mar a thuairiscigh muid roinnt seachtainí ó shin, bhí Féile Mháire an Chlocháin Léith i gcónaí ag brath ar an óstán d’imeachtaí agus is buille breise an scéala seo dóibh anois.

# 3 TUAIRIMÍ

# Ardán: An Straitéis 20 Bliain don Ghaeilge: an bhfuil sí chun tairbhe na Gaeltachta?

Le hÉamonn Mac Niallais, Urlabhraí Ghuth na Gaeltachta

Tá Dréachtstraitéis 20 Bliain don Ghaeilge uaillmhianach foilsithe ó mhí na Samhna seo caite agus is cinnte, má chuirtear na nithe uilig atá sa dréacht sin i bhfeidhm, go rachaidh sé chun sochair don teanga go ginearálta ar fud na tíre. Ach caidé faoin Ghaeltacht? An bhfuil an plean seo ag dul chun tairbhe don Ghaeltacht? Bhí sé soiléir ó na haighneachtaí a rinne muintir na Gaeltachta don Chomhchoiste Oireachtais i mí Feabhra go measann muintir na Gaeltachta go bhfuil laigeachtaí suntasacha sa dréachtstraitéis seo i gcás na Gaeltachta de agus go bhfuil neamart iomlán á dhéanamh ar an chainteoir dúchais go háirithe.

Tá an chuid Ghaeltachta den phlean bunaithe ar an Staidéar Cuimsitheach Teangeolaíochta ar Úsáid na Gaeilge sa Ghaeltacht (SCT) a foilsíodh i 2007. De réir an Staidéir sin, tá géarchéim teanga sa Ghaeltacht agus má leantar ar aghaidh le rudaí mar atá faoi láthair go mbeidh deireadh leis an Ghaeilge mar theanga phobail sa Ghaeltacht taobh istigh de 20 bliain.

"Is é tátal lom shuirbhé na ndaoine óga nach bhfuil ach idir 15 bliain agus scór bliain fágtha mar shaolré ag an nGaeilge mar theanga theaghlaigh agus phobail sa chuid is láidre den Ghaeltacht..." (SCT: l.27)

Mar sin, tá gá le gníomhú go práinneach ó thaobh na Gaeltachta de ach níl an phráinn sin le feiceáil nó fiú amháin luaite sa Straitéis. Níl na focla 'cainteoir dúchais' luaite fiú uair amháin sa 15,062 focal atá sa Straitéis. Chomh maith leis sin, tá cuid mhaith de mholtaí an Staidéir Teangeolaíochta seo nach bhfuil luaite go sonrach sa Dréachtstraitéis 20 Bliain.

Cén fáth ar chóir dúinn bheith buartha faoi seo? Tá sé ráite ag cuid mhaith daoine go measann siad go bhfuil an teanga ag dul ar gcúl sa Ghaeltacht agus ag dul chun tosaigh sa chuid eile den tír. Mar sin de, ba chóir dúinn ár n-iarrachtaí is mó a chur isteach ag tacú leis an Ghaeilge a chur chun cinn sa chuid eile den tír. Tá cuid den fhírinne sa ráiteas sin ach cén fhírinne atá ann? Cinnte tá gaelscoileanna ag dul chun cinn agus tá an t-aos óg ag fáil íomha nua-aimseartha agus 'cool' den teanga mar atá á chruthú ag leithéidí TG4 agus na láithreoirí le Gaeilge ins na meáin chumarsáide. Tá níos mo daoine ag úsáid a gcúpla focal Gaeilge agus d'fhéadfá a rá go bhfuil méadú tagtha ar líon na gcainteoirí Gaeilge sa tír.

Is cinnte gur athrú dearfach é sin agus go dtugann sé muinín do mhuintir na Gaeltachta.

Ach an bhfuil na cainteoirí nó foghlaimeoirí úra seo ag caint Gaeilge sa bhaile agus lena gcuid cairde? An bhfuil sé ar intinn acu a gclann a thógáil le Gaeilge agus pobail úra Ghaeilge a chruthú? Tá an Stát seo bunaithe ó bhí 1922 ann agus cé go ndearnadh cúpla iarracht níor bunaíodh aon phobal úr Gaeilge sa tír i rith an ama sin (taobh amuigh de Ráth Chairn ach is cainteoirí dúchais ón Ghaeltacht a bhí i gceist leis an lonnaíocht sin).



An bhfuil ábhar buartha anseo dúinn? Deirtear linn gurb é an dátheangachas an 'norm' anois agus gur féidir le daoine Béarla a labhairt sa bhaile agus Gaeilge ar scoil agus nach bhfuil aon rud mícheart leis sin. Cinnte níl aon rud mícheart leis ach an dtabharfaidh seo ár dteanga slán? Seo croí na ceiste dar liom féin; An bhfuil aon teanga bheo sa domhan inniu nach bhfuil á labhairt mar ghnáththeanga phobail agus teaghlaigh áit éigin?

Dar liom féin, ní féidir a rá go bhfuil. Cé a fhoghlaimíonn teanga muna bhfuil aon chainteoirí dúchais aici? Sin an fáth go bhfuil sé tábhachtach go mairfidh an Ghaeilge sa Ghaeltacht. Cé go bhfuil cuid mhaith lochtanna ar an Ghaeltacht, is í an t-aon áit sa tír ina maireann an teanga mar fhíortheanga phobail. Ach tá sí faoi bhrú ollmhór agus caithfear sin a aithint go soiléir sa Straitéis, rud nach bhfuil déanta go dtí seo. Mar a dúradh go minic ag cruinniú an Chomhchoiste i nGaillimh, is í an Straitéis seo an seans deireanach a bheas againn b'fhéidir leis an Ghaeltacht a shábháil.

Go dtí seo bhí an córas sa Ghaeltacht ag freastal ar chuile dhuine mar an gcéanna, idir chainteoirí dúchais agus fhoghlaimeoirí. Caithfear a aithint anois go bhfuil rudaí chomh holc sin go gcaithfear díriú isteach ar na riachtanais dhifriúla atá ag an dá ghrúpa. Deir an taighde uilig go gcaithfear cosaint a thabhairt don chainteoir dúchais mionteanga go dtí go mbeidh an teanga sealbhaithe mar is ceart aige/aici ag aois a 10/12.

Níl sin ag tarlú faoi láthair, rud a chiallaíonn go bhfuil na páistí sin atá á dtógáil le Gaeilge ag fágáil an bhaile agus ag dul isteach sa chóras agus á sóisialú tré Bhéarla ón chead lá mar go bhfuil páistí eile sa rang (an móramh de ghnáth) nach labhrann aon Ghaeilge. Tá tuismitheoirí ag gearán anois go bhfuil a gcuid páistí ag iompú ar an Bhéarla cé nár labhraíodh aon fhocal Béarla leo riamh sa bhaile. Ní hamháin sin ach tá cásanna ann go bhfuil teanga an bhaile iompaithe ag na páistí go dtí an Béarla. Níl an locht ar na múinteoirí, níl an locht ar na tuismitheoirí, níl an locht ar na páistí, tá an locht ar an dóigh a bhfuil an córas struchtúrtha faoi láthair agus caithfear sin a athrú.

Níl maitheas ann a bheith ag cur i gcéill faoi na fadhbanna seo níos mó. Caithfear iad a aithint go soiléir mar atá déanta sa Staidéar Cuimsitheach (2007) agus céimeanna misniúla a ghlacadh le dul i ngleic leo. Tá muidne ag moladh go láidir gur chóir glacadh leis na moltaí a rinneadh sa Staidéar sin le cuidiú le daoine a dteaghlaigh a thógáil le Gaeilge agus gnáthshaol a chaitheamh le Gaeilge. Cinnte, tá gá le hÚdarás le fócas láidir Gaeltachta le freastal ar fhorbairt bonneagair agus geilleagair na Gaeltachta ach tá géarghá le Bord Oideachais Reachtúil a bheidh freagrach as an chóras oideachais sa Ghaeltacht go hiomlán ón réamhscolaíocht ar aghaidh. Tá gá chomh maith le hIonaid Tacaíochta Teaghlaigh agus scéimeanna tacaíochta eile a dhíríonn ar pháistí ón bhreith in áit ó shé bliana ar aghaidh mar a dhéanann Scéim Labhairt na Gaeilge faoi láthair.

Is í an Ghaeltacht tobar na teanga go fóill agus is iad na teaghlaigh sin sa Ghaeltacht a thógann a gclann le Gaeilge croí na teanga. Ba chóir go mbeadh siad ag croílár aon Straitéis Náisiúnta don teanga. Tabhair an t-aitheantas sin dóibh.

*eolas@guthnag.com, WWW.GUTHNAG.COM*

**An bhfuil ábhar buartha anseo dúinn? Deirtear linn gurb é an dátheangachas an 'norm' anois agus gur féidir le daoine Béarla a labhairt sa bhaile agus Gaeilge ar scoil agus nach bhfuil aon rud mícheart leis sin. Cinnte níl aon rud mícheart leis ach an dtabharfaidh seo ár dteanga slán? Seo croí na ceiste dar liom féin; An bhfuil aon teanga bheo sa domhan inniu nach bhfuil á labhairt mar ghnáth-theanga phobail agus teaghlaigh áit éigin?**

## AR NA BLAGANNA



**Dialann Scott: Tuilleadh Stíle**
Chuaigh mé timpeall an tsiopa, ag amharc ar gach uile sórt de throscáin, ealaín agus sholas. B'é an difríocht mhór idir O'Hagan's agus IKEA ná an praghas. Is cosúil go bhfaigheann O'Hagan's a chuid earraí ón gcomhlacht Francach Ligne Roset ... Go tipiciúil don Fhrainc, tá an praghas go han-difriúil! ... bheadh sé dáinséarach domsa dul isteach chuig an siopa sin... le cárta creidmheasa.
http://dialannscott.blogspot.com/

**Smaointe Fánacha Aonghusa: Éisc, sceallóga agus Iodálaigh**
Tá sé tugtha faoi ndeara agam mar sin go bhfuil roinnt siopaí anois ag léiriú suaitheantas an Chumainn Éireannach sceallairí Iodálacha Traidisiúnta. Tá an 26ú Bealtaine ... fógartha ina Lá Náisiúnta Sceallóga agus Iasc acu... Is cuid dár n-oidhreacht é cinnte; agus b'iad na Gael iodálaigh cinnte an glúin is feiceálaí d'inimircigh agus mé ag fás aníos
http://aonghus.blogspot.com/

**Faoi Cheilt: An Nuacht is fearr**
Tá Guinness go maith dod' shláinte... agus tá saol na tuaithe go maith duit chomh maith...
Ba chóir dom filleadh ar Éireann go luath. (Níl Guinness deas le fáil anseo in aon áit!)
http://faoicheilt.blogspot.com/

**Cumann Scríbhneoirí Ura na Gaeilge: Ceardlann Scríbhneoireachta**
Le cúnamh ó Foras na Gaeilge, beidh ceardlann deireadh seachtaine ar siúl in Óstán Ghobnatan, Baile Bhuirne, le linn do Thionól na Mumhan de chuid Dháil na Mumhan den Chonradh a bheith ar siúl. Is féidir linne buntáiste a bhaint as léachtanna agus imeachtaí eile an Tionóil sin (saor in aisce).
http://scribhneoirioga.blogspot.com/

**Cín Lae Uí Reachtair**
Ceann de na rudaí is fearr faoin idirlíon is ea an chaoi a bhféadfaí teacht ar ghearrscannáin chomh héasca. Sa ghearrscannán ...caithfear rud éigin a rá i mbeagán focal... Tá do rogha rud de ghearrscannán ar fáil. Roinnt acu go holc is roinnt acu go maith.
http://tadenc.blogspot.com/

# Geallta Quinn ag bord na ngeall-ghlacadóirí is mó ar domhan



**Le Conall Ó Móráin**

De réir riarthóirí an chomhlachta árachais Quinn tá suas le 900 duine ag lorg iomarcaíocht dheonach agus fonn orthu an comhlacht d'fhágáil. Tá sé seo ag teacht salach go hiomlán ar na ceannlínte a scríobhadh nuair a fógraíodh go mbeadh dífhostaíocht i measc an 2,500 duine atá ar an bpárolla sa ngrúpa comhlachtaí.

De réir na gceannlínte "Deireadh an tSaoil" a bhí ann. Bheadh an Cabhán agus Fear Manach scriosta go heacnamúil agus go cultúrtha dá thoradh seo. Bhí agóidí sa bpríomhchathair faoi. Bhí ceisteanna sa Dáil agus i Stormont ag lorg míniú ar cén fáth nach raibh an rialtas ag tacú le Seán Quinn agus leis na poist luachmhara i réigiún nach bhfuil flúirse oibre de shórt an 'bhóna bháin.' Raic iomlán a bhí ann. Is orainne, gnáthdhaoine na tíre, a bhí an locht go raibh muid ag cur Seán Quinn as obair, ó dhoras, dá bhancbhriseadh, dá chéasadh de réir na meirgí a bhí dá n-iompar ar léirsithe ar dhá thaobh na teorann.

Ba é seo an fear céanna, Seán Quinn, a chur na geallta ba mhó riamh ag bord na ngeallghlacadóirí is mó ar domhan, an stocmhalartán. Bhí trí mhíle milliún Euro aige tráth. Theastaigh a thuilleadh uaidh. Bhris sé rialacha an rialtóra airgeadais maidir leis an mbealach ar rith sé an comhlacht aige. Cuireadh an fhíneáil ba mhó riamh air i gcomhair an tsóirt seo gnímh. Seo i bhfad sula ndearnadh iniúchadh ar an mhéid a bhí ag tarlú ag Anglo Irish.

Níor dhúirt sé le haon duine go raibh breis agus an ceathrú cuid d'Anglo Irish Bank ceannaithe aige, rud go raibh oibleagáid air é a déanamh. Chuir sé i bhfolach an gníomh seo. Nuair a chas an margadh ina choinne, agus nuair a bhí titim thubaisteach ar phraghas na scaireanna a bhí ceannaithe aige, bhí air cabhair a lorg ó dheichniúr de na daoine ba shaibhre sa tír ag an am, chun roinnt de na scaireanna seo a cheannach, in iarracht praghas na scaireanna a choimeád ard. Peaca eile.

Ar bharr an méid sin. Ní fios fós cé a cheadaigh é ach tugadh airgead ar iasacht don deichniúr, airgead nach mbeadh orthu a dhíol thar n-ais dá dtitfeadh praghas na scaireanna. Ach, áfach, bhí cead acu aon bhrabús a dhéanfaí ar na scaireanna seo a choimeád. Níor tharla a leithéid. Thit luach na scaireanna go dtí neamhní. Níor fhéad an banc a gcuid airgid d'fháil thar n-ais. Muidne, tusa agus mise, atá ag díol na gcéadta milliún Euro ar an gcaillteanas sin. Go raibh maith agat a Sheáin.

Ní maith le haon duine airgead a chailliúint. Tá mé cinnte nach maith le milliúnaithe a gcuid milliún a chailliúint ach an oiread. Chun greim a choimeád ar an seilbh a bhí tógtha ag Seán Quinn ar Anglo Irish Bank bhí air praghas na scaireanna a choimeád ard mar, mar a tharlaíonn go minic i ngnó, tugtar iasachtaí do dhaoine i gcoinne a gcuid sócmhainní. Ach, agus is gnáthrud é seo, beidh clásal sa chonradh idir an banc agus an té atá ag glacadh na hiasachta, má thiteann luach na sócmhainní is

**Ar bharr an méid sin. Ní fios fós cé a cheadaigh é ach tugadh airgead ar iasacht don deichniúr, airgead nach mbeadh orthu a dhíol thar n-ais dá dtitfeadh praghas na scaireanna. Ach, áfach, bhí cead acu aon bhrabús a dhéanfaí ar na scaireanna seo a choimeád. Níor tharla a leithéid. Thit luach na scaireanna go dtí neamhní. Níor fhéad an banc a gcuid airgid d'fháil thar n-ais. Muidne, tusa agus mise, atá ag díol na gcéadta milliún Euro ar an gcaillteanas sin. Go raibh maith agat a Sheáin.**



gnách don bhanc a thuilleadh airgead comhthaobhach a lorg. Na rialacha céanna atá ag stocbhróicéirí. Dá mhéad a thit praghas na scaireanna ar Quinn is ea is mó a bhí brú air. Dá mhéad brú a bhí air Quinn is ea is mó airgead a bhí le cur ar fáil aige. Ba é seo an ciorcal lochtach ba mhó riamh sa tír seo.

Nuair a bhíonn brú millteanach ar dhuine déanann siad rudaí uaireanta nach cóir dóibh a dhéanamh. Thit praghas scaireanna Anglo, níor oibrigh an tseift go gceannódh an deichniúr roinnt de na scaireanna, d'imigh ráfla thart i measc na gciorcal airgeadais sa chathair go raibh trioblóidí breise ag Anglo agus thit na scaireanna arís. Lorg stocbhróicéirí Quinn breis airgid uaidh. Tá an chuma ar an scéal gur thug sé 'iasacht' ghearrthéarmach dó féin as sócmhainní an chomhlachta árachais. Seo rud nach ndúirt sé leis an rialtóir agus sin an fáth gur chuir an rialtóir stop le roinnt den ghnó a bhí ar siúl ag Quinn i Sasana. Rud eile nach raibh soiléir sa mhéid a scríobhadh faoin chuid sin de ghnó Quinn ná go raibh sé ag díol árachais ar bhonn 'róshaor' nó, mar a deirtear, bhí sé ag ceannach sciar den mhargadh san Ríocht Aontaithe ionas go dtaispeánfaí go raibh an comhlacht fós ag fás go tapa. Ní mar a shíltear a bhítear. Níl Quinn i gceannas ar an gcomhlacht a bhunaigh sé a thuilleadh agus ceannófar i ndeireadh báire an comhlacht árachais.

Nuair nach raibh daoine cinnte faoi na ráflaí tharraing siad a gcuid airgid as an mbanc agus go tobann bhí ar an rialtas teacht i gcabhair ar Anglo Irish. Bhí an banc bancbhriste. Tharais achar ama, tá breis agus bliain caite ó tharla an méid sin, creid nó ná creid, bhí ar Anglo Irish scaoileadh le fostaithe agus tá an próiseas fós ag tarlú. Chaill an-chuid daoine in Anglo Irish a bpost de bharr Quinn. Ní luaitear iad siúd ag na léirsithe, léirsithe go bhfuil a fhios agam, mar gur dúradh liom go díreach é, a bhí eagraithe ag Seán Quinn féin agus ag an gcomhlacht cumarsáide poiblí atá aige, cé go ndeirtear liom go raibh na comhlairleoirí cumarsáide i gcoinne na léirsithe a eagrú. Chreid siad go mbeadh níos mo dochair ná tairbhe iontu.

Tá breis agus ceathrú milliúin duine gan phost faoi láthair agus ceantar an Iarthuaiscirt buailte go han-dona ag an dífhostaíocht. Ait sin go bhfuil an naoi gcéad duine sin sásta iomarcaíocht dheonach a lorg agus gan mórán seans ag a bhformhór post den sórt céanna d'fháil arís.

Nó b'fhéidir gur seo an fíorléirsiú, go bhfuil siad brean de Quinn?

# Cóstas Chois Fharraige?



**Le Bernie Ní Fhlatharta**

MEAS tú dá mbeadh an aimsir chomh maith agus a bhí sí le seachtain anuas i gcónaí an gcuirfeadh muid an focal 'cósta' roimh ainmneacha ceantar in aice leis an fharraige, mar shampla Cósta Chois Fharraige, Cósta Thrá Mhór?

Ach ní athrú ainm amháin a bheadh anseo dá mbeadh athrú ar an aeráid, bheadh athrú orainn ar fad mar thiocfaidh athrú ar an tír ar fad.

Samhlaigh Cois Fharraige, mar shampla, dá mbá 'Cósta' a bheadh ann, cosúil leis na Costas sa Spáinn. Bheadh feabhas mór curtha ag an Roinn Turasóireachta (bheadh roinn nua ann dar ndóigh agus Aire nua) ar gach uile thrá, beag agus mór. Bheadh orainn is dóigh gaineamh a thabhairt isteach ó thar lear le méid a chur ar na cladaí atá againn. Ní bheadh, níos mó, aon trá bheag inar féidir le daoine dul i bhfolach, agus faoi láthair tá neart acu scaipthe ar fud chósta na hÉireann.

Ansin, bheadh ré nua eile ag an tionscal tógála mar bheadh gá le i bhfad níos mó óstán agus árasán mar go mbeadh an-éileamh orthu ón líon mór turasóirí a thiocfadh, díreach cosúil leis an athrú a tháinig ar chósta na Spáinne os cionn 50 bliain ó shin.

Mar is cinnte tá tír s'againne chomh deas nó níos déise ná an Spáinn in bpáirteanna - an féidir na Beanna Beola a shárú in aon aimsir, grian nó báisteach?

Bheadh gá cinnte le cúpla bóthar mór - mótarbhealaí - leis na turasóirí a thabhairt ó aerfort go dtí na cóstaí nua seo.

Dá mbeadh an ghrian ag scairteadh anuas orainne anseo, ní fios cén sort turasóirí a mheallfaí anonn - na 'hens' agus 'stags' atá go mór le feiceáil ar an mór-roinn.

Tar éis cúpla bliain den tionscal seo, seans maith go socródh dream síos anseo (mar gheall ar an aimsir ach go mór mór mar gheall ar an daonra mór sa gceantar) a bheadh níos compordaí os comhair na cúirte, má thuigeann sibh mé .

Thiocfadh athrú ar chúrsaí pleanála mar go mbeadh na húdaráis ag iarraidh daoine a mhealladh. Muna mbeadh tú ag obair le turasóireacht ní bheadh aon suim agat fanacht anseo níos mó, sa gCósta nua.

Ach céard a tharlóidh don Ghaeilge? Meas tú an gcuirfidh sé fonn ar mhuintir na h-áite í a labhairt níos mó? Seans gor b'shin bealach amháin deighilt a chuir idir muidne agus na turasóirí.

Nó an é go gcaillfidh muid ár gcultúr agus teanga ar fad agus muid ag díriú ar an na Euros a bheadh fairsing go leor dá mbeadh muid san aeráid céanna leis an Spáinn.

Ach níl seans ar bith go dtarlóidh sé seo mar is dóigh go mbeidh an bhaisteach ar ais agus sibh á léamh seo!

# Eagarfhocal

Gaelscéal
An Chuasnóg, Baile Ard
An Spidéal,
Co. na Gaillimhe

## Níl an dara rogha ag rialtas Iamáice

IS olc an rud é go bhfuil sibhialtaigh ag fáil bháis in Kingstown na hIamáice mar gheall ar an ionsaí atá ar bun ag an Stát oifigiúil ar an stáitín neamhoifigiúil faoi smacht ag Christopher Coke. Ach fiú mura fíor ar chor ar bith na cúiseanna i gcoinne Coke, tá sé de cheart ag an rialtas dul i mbun an ionsaí seo.

Tá fadhb an fhoréigin as smacht ar fad agus caithfidh siad an tír ar fad a smachtú sula mbeidh siad in ann dul i ngleic leis an fhadhb agus le fadhb na ndrugaí a chruthaíonn é. Tá dílseacht i measc mhuintir Tivoli Gardens, an ceantar ina bhfuil Coke ina 'uachtarán', do Coke intuigthe go dtí pointe ar an ábhar gur féidir leis a bheith 'flaithiúil' leo agus 'cosaint' a thabhairt dóibh.

Caithfidh siad a thuiscint áfach go mbaineann na fadhbanna is mó atá acu le leithéidí Coke; ní féidir na fadhbanna sin a shárú go dtí go mbeidh an tír ar fad freagrach as an chumhacht shibhialta.

Tá ceisteanna le freagairt ag rialtas na hIamáice, áfach: cad chuige ar fhan siad chomh fada seo sula ndeachaigh siad i mbun an ghnímh seo?

## An Caighdeán Oifigiúil

CUIRTEAR fáilte roimh an chéad chomhairliúchán leis an bpobal ar an athbhreithniú ar an Chaighdeán Oifigiúil.

Cé go mbeidh gach duine a bheidh páirteach sa phróiseas ag iarraidh 'cothrom na féinne' dá gcanúint féin, táthar ag súil go mbeidh Gaeilge na hÉireann níos sláintiúla mar gheall ar an phróiseas seo is nach gceadófar gach uile dhifríocht idir na canúintí, rud a dhéanfadh dochar don Ghaeilge mar ghléas cumarsáide gairmiúil.

Táthar ag súil go ndéanfar an caighdeán a shoiléiriú is go mbeidh na foinsí éagsúla bunaithe ar an chaighdeán ar aon fhocal mar thoradh ar an phróiseas seo.

Cé go bhfuiltear ag súil le simplíocht, níor cheart an tsimplíocht sin a bhunú ar riachtanais an fhoghlaimeora ach ar ár riachtanais féin a scríobhann an Ghaeilge ar bhonn gairmiúil agus laethúil - iriseoirí, aistritheoirí, léachtóirí srl.

Tá an-obair roimh gach duine atá páirteach san obair seo agus guíonn muid gach rath orthu.

## Smaoineamh mór Declan O'Loan

DE ghnáth cuirtear 'an lárnachas daonlathach' i leith Shinn Féin seachas an SDLP ach ba thapa a cuireadh easaontas faoi chois sa pháirtí sin an tseachtain seo tar éis do Declan O'Loan, Ball Tionóil an SDLP i dTuaisceart Aontroma, a chur in iúl Dé Luain go raibh sé féin i bhfách le Páirtí Náisiúnach amháin ó thuaidh.

Cuireadh iachall air a ráiteas a tharraing siar is baineadh an ceangal aoireachta de Dé Máirt. Ba dhianphionós é seo do pholaiteoir a raibh an misneach aige an rud a bhí sé a smaoineamh a rá, rud annamh go leor i bpolaitíocht na linne seo. Ní neart go cur le chéile a deir an Ghaeilge agus d'fheadfá a rá go mbeadh láidreacht le páirtí náisiúnach amháin ó thuaidh.

Ní bheadh sé sláintiúil ó thaobh daonlathais de, áfach, ar an ábhar nach mbeadh aon rogha ag náisiúntóirí na Sé Chontae agus iad ag vótáil. Ní bheadh i gceist ach cuntas na gcaorach. Ní bheadh daoine ábalta vótáil do pholasaithe ná smaointe nach mbaineann leis an cheist náisiúnta iad.

B'fhearr an rud é dá dtiocfadh le Sinn Féin agus an SDLP 'comh-ardáin' a chruthú ar cheisteanna áirithe a bheadh ar leas an phobail.

Cur i gcás cúrsaí oideachais, is beag nach ionann seasamh an SDLP agus seasamh Shinn Féin ar an scrúdú aistriúcháin ach tá sé ina chnámh spairne pholaitiúil idir an dá pháirtí i gcónaí.

B'fhéidir le comh-ardán ar chúrsaí teanga a thaispeáint do na páirtithe aontachtacha go bhfuil dáiríreacht agus aontacht sa phobal náisiúnach ó thuaidh ar son na Gaeilge.

## Preasráitis as Gaeilge le bhur dtoil

FAIGHEANN muid preasráitis as Gaeilge ó dhá pháirtí pholaitiúla. Is iad an dís sin ná Sinn Féin agus Éirígí. Faigheann muid preasráitis as Béarla amháin ó na páirtithe eile.

Mar shampla, fuair muid preasráitis as Béarla amháin ó pháirtí an Lucht Oibre an tseachtain seo, fiú agus baint dhíreach ag an scéal leis an Ghaeilge.

Ní gá tuilleadh a rá.

Tá sé deacair do pháipéar a scríobhtar sa chéad teanga oifigiúil cothrom na féinne a thabhairt do gach páirtí nuair nach dtugann siad féin cothrom na féinne don Ghaeilge. Tá sé deacair gan aitheantas ar leith a thabhairt don dá pháirtí a chuireann ábhar ar fáil as Gaeilge dúinn.

Tá muid ag impí ar na páirtithe eile aitheantas mar is ceart a thabhairt do na meáin Ghaeilge agus cothrom na féinne a thabhairt do phobal na Gaeilge. Preasráitis as Gaeilge le bhur dtoil.

**www.gaelsceal.ie**

## Pléaráca ar an Idirlíon

Tá tuairiscí físe speisialta ar fáil ar shuíomh idirlín an nuachtáin seo, www.gaelsceal.ie, faoi Fhéile an Phléaráca agus faoin Cabaret Craiceáilte. Tugann Peigí Ní Chonghaile ó Phléaráca a cuid tuairimí maidir le maoiniú agus todhchaí na heagraíochta agus na Féile. In agallamh eile, déanann Rónán Mac Aodha Bhuí cur síos ar chúlra an Cabaret Craiceáilte agus feictear cuid den spraoi a bhí ag an Cabaret i gConamara an deireadh seachtaine seo caite.

Is féidir na tuairiscí físe seo a fheiceáil ar www.gaelsceal.ie ach dul chuig an 'seinnteoir físe'.

**CEIST** na Seachtaine

### Dearfach faoin Eoraifís

TÁ léitheoirí Gaelscéal dearfach faoi Éirinn a bheith ag glacadh páirte sa chomórtas Eoraifíse. Sa suirbhé ar líne a bhí ar ár suíomh, www.gaelsceal.ie, an tseachtain seo, léirigh 63% díobh gur fiú a bheith páirteach ann, 25% a dúirt nach fiú agus bhí 15% gan tuairim bealach amháin ná bealach eile.

Seans mar sin go mbeidh cuid mhaith de léitheoirí Gaelscéal i measc an 600 milliún duine a bheidh ag féachaint ar an chraobh cheannais as Oslo san oíche amárach.

### An fiú d'Éirinn páirt a ghlacadh sa chomórtas Eoraifise?




### An aontaíonn sibh le Foras na Gaeilge maidir le tacú le heagrais bhunmhaoinithe?

SCÉAL mór i saol na Gaeilge an tseachtain seo ná an t-athbhreithniú atá á dhéanamh ag Foras na Gaeilge ar an mbealach a bhfuil siad ag maoiniú na n-eagras Gaeilge. Tá cur síos ag tús Gaelscéal ar na socraithe atá déanta ag Bord an Fhorais chun an córas maoinithe do na heagrais a athrú.

Measann an Foras go mbainfidh an córas nua an úsáid is fearr as an airgead stáit a chuirtear ar fáil dóibh.

Tá daoine eile amhrasach go mbainfear d'éifeacht na n-eagraíochtaí a bhí bunmhaoinithe go dtí seo, mar go bhféadfadh leanúnachas na hoibre a bheith i gcontúirt.

Céard a cheapann tusa? Is féidir leat vóta a chaitheamh i suirbhé na seachtaine ar ár suíomh www.gaelsceal.ie agus tabharfaidh muid na torthaí daoibh in eagrán na seachtaine seo chugainn.

# Níl sé chomh héasca's a bhíodh sé ach...



Le Páidí Ó Lionáird



STOPAS ag caitheamh tobac ar an 1ú Aibreán 2008. Sea, Lá na nAmadán. Ní raibh aon fhadhb agam ag fágaint an nóis seacht mbliana fhichead seo i mo dhiaidh gan aon chúnamh ach mo thoil féin. Bhí sé ró-éasca b'fhéidir ach bhí sé geallta agam dom féin nach mbeinn ag caitheamh ag aois an dá scór agus, más ea, ní rabhas agus cúpla mí le spáráil agam.

Bhí am ann nuair a cheapas go rabhas dochloíte. Shíleas go bhféadfainn aghaidh a thabhairt ar rud ar bith fisiciúil agus go n-éireodh liom teacht slán ina dhiaidh. Agus an bhfuil 'fhios agat? Bhí an ceart agam ar feadh i bhfad. Ní raibh orm mórán a dhéanamh d'fhonn teacht aniar. Bhí sé sin go smior ionam. Is é sin go dtí gur shroicheas 30 bliain d'aois.

Measaim gur féidir liom é a mhíniú mar seo a leanas. Ag aois 30, theip ar na leaisticí agus ó aois 40 i leith, theip ar gach rud eile. Bhí imtharraingt an domhain ag tarrac gach rud a bhféadfadh sí greim a fháil air! Ní rabhas riamh i mo bhall de chlub aclaíochta, nó gym mar a deir siad, go dtí an fómhar seo caite. Ní bheinn fós ach gur léir dom go rabhas ag dul chun donais ó thaobh aclaíochta de. Saghas géarchéim mheán-aoise? B'fhéidir.

Agus na toitíní caite uaim agam, in áit an nóis sin, bheith ag ardú toitín chuig mo bhéal, thosnaíos ag ardú gach ní eile. Bia, tuilleadh beatha agus mar sin de. Níorbh fhada go mbeadh mo thoirt le feiceáil ag cách. Deirtear nach bhfuil aon áit le dul i bhfolach ar an dteilifís agus go gcuireann an ceamara 10 bpunt ort. Bhuel ní raibh aon cheamara de dhíth ormsa agus é sin ar fad i dteannta na scáileán leathan nua seo ar fad do mo mhéadú níos mó arís.

Níor bhraitheas faic níos fearr i ndiaidh na fags a chaitheamh uaim. Bhíos fós chomh gearranálach is a bhíos roimhe, leis an mbreis meáchain ag cur leis an bhfadhb. Chomh maith leis sin, bhí mo chuid alt ag tabhairt amach. Mo ghlúin dheas i ndiaidh gailf, mo ghualainn chlé i ndiaidh codlata agus mo chromán deas i ndiaidh gach gníomh eile. Nárbh fhearr dom na toitíní ná an phian seo? Is minic a chuireas an cheist seo orm féin agus ní le buille tabac.

**Níor bhraitheas faic níos fearr i ndiaidh na fags a chaitheamh uaim. Bhíos fós chomh gearranálach is a bhíos roimhe, leis an mbreis meáchain ag cur leis an bhfadhb. Chomh maith leis sin, bhí mo chuid alt ag tabhairt amach. Mo ghlúin dheas i ndiaidh gailf, mo ghualainn chlé i ndiaidh codlata agus mo chromán deas i ndiaidh gach gníomh eile. Nárbh fhearr dom na toitíní ná an phian seo?**

Le teann buartha fúm féin agus faoi mo shláinte, chuas i gcomhairle mo dhochtúra teaghlaigh O'Beirne. Mhol sé go hard na spéartha mé toisc an droch-nós sin bheith caite uaim agam agus d'eagraigh sé coinne le dochtúir comhairleach dom sa Chlinic. An tUasal Waldron. Fear uasal séimh, deisbhéalach. Mhol sé sraith gathanna a ghlacadh ag féachaint ar mo chromán; ceann acu dar teideal Arthrogram, saghas x-ghathaithe a ghlactar i ndiaidh instealladh dúigh caol díreach isteach san alt ar dtúis.

Dúirt sé liom gurb ait an scéal é dhá chnámh (cnámh na leise agus an peilbheas) bheith ag cuimilt in aghaidh a chéile gan aon chúis ar leith. D'iarras air an raibh aon seift mháinliachta a d'fheadfadh sé a dhéanamh lena stopadh? Mé a chur faoi scian, slis cnáimhe a bhaint le sábh agus an diabhal cuimilt seo a stopadh? Dúirt sé go bhféadfadh sé an toireasc a úsáid orm ceart go leor ach go rabhas tríocha bliain ró-óg.

Ar deireadh thiar thall, mhol sé dom snámh agus rothaíocht an oiread a d'fhéadfainn. Caithfidh mé a rá gur cheapas gur ag magadh a bhí sé agus é ag déanamh beag dem ghearán.

Ní haon Michael Phelps mise. Is gaire do ghrinneall ná dromchla mé nuair is ag snámh a bhím. Mar sin bhí sé in am an rothar a fheistiú agus dul ar dhiallait in airde. Níorbh fhada gur thugas rud éigin dochreidte faoi ndeara. Bhí an phian i mo chromán ag maolú. B'shin bliain ó shin agus táim ag rothaíocht ó shin. Níos mó seachtain i ndiaidh seachtaine. Más galar tógálach é, más géarchéim mheánaoise é, is cuma liom. Tá mo chromán ag obair mar a bhíodh. Táim fós ag ithe an iomarca agus is dócha ag ól an iomarca ach táim níos aclaí ná mar a bhíos le fada an lá.

Tionóladh dúshlán bliantúil "Croí" Dé Domhnaigh seo caite - turas mórthimpeall Loch na Coiribe, 120 ciliméadar ar fhaid (tá cuma níos fearr ar na cileaméadair ná na 75 míle). Ghlacas le cuireadh ó bheirt chairde - Setanta (comharsan agus comhghleacaí) agus Pádraic (comhthráchtaire ar an Tour de France) chun triail a bhaint as in ainneoin go bhfuil sé thart fá 50 ciliméadar lasmuigh de mo ghnáth-raon. Táimid fós slán agus ag súil leis an gcéad ócáid eile - Rothaíocht Chorr na Móna an mhí seo chugainn ar mhaithe le Cumann Diaibéitis an Iarthair. Bígí ag súil le cárta urraíochta uaim go luath! Anois ar ais ar an ndiallait domsa!

## SÚIL SIAR na Seachtaine

An Stoc, Bealtaine 1919

### An Saoghal

### Bolseibheachas

IS cosmhuil go raibh rud eigín bun os cionn leis an saoghal go raibh sé ina chionntsiocair leis an oiread sin fola a dhórtadh le n-a cheartú agus nach bhfuil sé i gceart an uair sin féin. B'fhéidir gur fada siar a bhí a ádhbhar ach tá a leigheas fós ar iarraidh.

An gliocas agus an beart leis an saoghal a shuidheadh nach bhféachfaí roimhe seo mar facthas don lucht feasa nach raibh sé a' luigheadh le réasún tá sé dhá fhéachaint anois. Tá bocht agus saidhbhir dhá ndéanamh comhthrom sa saoghal - an fear saidhbhir dhá chur anuas agus an fear bocht dá árdú. Dubhramar sa bpáipéar seo cheana go raibh na torainneacha a bhí idir na náisiúin dhá leagan agus na Críostaidhthe dhá leigean un a chéile i n-aon phobal amháin. Tá athrú eile ar siubhal cos ar chois leis an athrú sin, sé sin, saidhbhreas na tíre a roinnt comhthrom ar na daoine. Sin, mar dhóigh dhe, nach dtiocfadh le fear ar bith a rádh gur leis féin aon cheo, go raibh leath dhá raibh aige a' dul don don fhear ba goire dhó agus leath a raibh ag an bhfear sin a' tigheacht aige-san, an mhaoin ar fad a bheith roinnte gan tórainn ar bith a bheith ann ach na tréada a leigean un a chéile agus go mbu leis an tír mar a chéile an méid stuic agus áirnéise dhá mbeadh acu innti ar fad.

An t-ór a roinnt mar an gcéadna agus 'chuile shaidhbhreas. I n-áiteacha, séard a ghníos siad 'chuile bhlas dhá bhfuil ag lucht an tsaidhbhris a bhaint díobh agus na daoine bochta a árdú agus a gcur ina n-áit.

### An Roinnt


CHEAPFADH duine againn-ne go mb'aisteach an dligheadh é sin ach níl aon dligheadh ag imtheacht is taithneamhaighe leis an daoine a bhfuil sé ar bun acu ná é. Is dligheadh é a thaithneochadh le 'chuile dhuine ach leis an té a bhfuil réasúntacht cheana aige agus a chaillfeadh leis an roinnt. Is iomdha duine ina cheann sin ar mhaith leis fios a bheith aige cé mhéad a bhí ar a sheilbh agus dá mbu duine tíoghbhusach é a bheith a' cur ina cheann. Dá mbu duine fíreamhail un oibre é bu mhaith leis an méid a bheadh saothruighthe aige fanacht aige agus gan a bheith air é roinnt le leadaidhe nach ndéanfadh punt ar bith ach an rud a chinnfeadh air. Bheadh trioblóid mhór a' baint leis an roinnt agus beagán achrainn. An rud a shaothruigh duine go cruaidh agus go cneasda níor cheart a bhaint de ar aon sgéal. Ní bheadh fonn ar dhuine oibriú go cruaidh mur bhfágtaí an rud aige thar éis a shaothruighthe. Séard deir lucht oibre Shasana anois nach ceart go mbeadh fear cneasda ar bith i n-easnamh ruainne a bhéil. Is dócha nach ndéanfad sé cúis dó bheith cneasda, nár mhór dhó beagán oibre a dhéanamh i dteannta na cneasdachta. Ní bheithí ar aon intinn cé mhéad oibre bu cheart do 'chuile fhear a dhéanamh le go mbeadh riar a cáis ag an tír uilig.

### Athrú Mór

IS soiléar ar aon-chaoi go bhfuil athrú mór a' teacht - athrú chomh mór is nár facthas a leitheid sa tír seo ariamh, agus ní léar dhúinn a mhéid go fóill. Le congnamh Dé ní un dheiridh a rachas sé do na Gaedhil, ar do réir mar tá Sasana dá briseadh 'seadh bhéas Éire a'láidriú agus a' tigheacht ar a ceart féin. Do réir mar bhéas na hoibreacha móra thall a' cliseadh le uireasbhaidh tráchta agus le uireasbhaidh conganta seadh bhéas deis ag na hoibreacha beaga i bhfus a' dul un cinn. Agus ní le oibreacha amháin a rachas Éire un cinn ach le foghluim agus le Críostamhlacht, le áilleacht na tíre agus áilleacht intinne a daoine. Mar bhéas deis ag na hÉireannaigh nach bhfuil ag a lán tíortha eile. Mar tá tóir ar an bhfoghluim acu agus tóir ar an gCríostamhlacht. Tá subhailceas agus soineantacht ionntu agus caoimhe cáilidheachta acu seach's aon dream daoine, agus tá bárr áille ag Éirinn nach bhfuil ag aon tír. Cé'n éadáil sin ach an snas a bhéas uirthi nuair a bhéas sí ag éirghe arís nuair a bhéas a maolchnuic agus a maoileanna sléibhe fá bhrat coilleadh, tighteadh breágha ar bhord locha innti, an ghluaiseacht agus an siamsa, an ceol agus an t-aoibhneas a bhéas innti le linn na daoine a bheith a' déanamh go maith is iad deiseamhail.

# 4 CÚRSAÍ SAOIL

# Stíl na Réalta í gan a mbuiséad



Le Treasa Bhreathnach

Thug Sex and the City clú agus cáil do Patricia Field, is dóigh gurb í an stílí is cáiliúla ar domhan í nó is aitheanta ar aon nós. Deir Aisling Byrne, stílí a bhfuil an-chuid taithí aici ar féin a bheith ag obair le réaltaí móra Hollywood, Jennifer Aniston agus David Carrindine i measc eile "d'oscail Patricia Field an doras chun a bheith níos quirky agus 'haute couture' a chur le t-léine ó Pennys agus thaispeáin sí an nasc láidir atá idir na meáin chumarsáide agus faisean. Mar shampla má tá a lán scannán ó sheanré na pictiúrlainne feicthe agat feicfidh tú a lán faisin bunaithe air sin ag na seónna faisin."

Is i Luimneach a rinne Aisling Byrne a cuid traenála i bhfaisean cé nach raibh a cuid tuismitheoirí, a bhí sáite i saol na hamharclainne, ag iarraidh go rachadh sí isteach i bpost chomh héiginnte le faisean.

Tar éis di a bheith ag obair ar scannáin éagsúla cosúil le 'Marley and Me', 'Love and Hate' agus 'Na Cloigne', agus í ar tí tosú ar an tsraith nua de chuid RTÉ 'Raw', tá sí anois ag obair go leanúnach mar dhearthóir culaithe ar scannáin agus teilifís ar feadh 15 bliana.





Tar éis a bheith ag obair ar scannáin thug sí faoi deara go raibh an t-uafás éadaí fágtha aici agus nach raibh aon cheo go raibh sí in ann a dhéanamh leo, mar sin shocraigh sí siopa fruilithe feisteas a oscailt sa Spidéal. Anois tá an siopa sin aici chomh maith le 'swap shop' agus seomraí fuála áit a ritheann sí cúrsaí fuála agus tá sí ag cuardach suíomh i nGaillimh chun siopa seanéada í a bhunú.

Caimeonna
Miley Cyrus
Liza Minelli
Penelope Cruz
Mariah Carey
Heidi Klum

Ní amháin go bhfuil an oiread gnóthaí le bainistiú aici ach i mbliana rinne sí féin agus Roisín Lennon, atá bainteach leis an ngnó, cinneadh chun iompú ar ais ar an dearthóireacht faisin agus tá siad díreach tar éis a ndara líne faisin uathu a thaispeáint.

Is féidir stíl Sex and the City a fháil gan do chuid airgid uile a chaitheamh a deir Aisling, "D'fhéadfaí a rá gur taisce atá i bhfaisean ar do dhuine éigin eile í nuair nach mbíonn sí uait féin níos mó agus vice versa."

Tá swap shops ar fud na hÉireann anois le roghanna ollmhóra iontu ar phraghsanna an-réasúnta, nó ar ndóigh d'fhéadfaí do chuid éadaigh féin a shaincheapadh chun meall mór éadaí úra nua faiseanta a dhéanamh as an seanéadach atá agat cheana féin.

Stiúrann Sex and the City treochtaí faisin ach síleann Aisling go gcaithfear a bheith cúramach mar gheall ar chlaonta faisin, má bhreathnaíonn rud éigin iontach ar SJP nó Kristin Davis ní hé sin le rá go mbreathnóidh sé iontach ortsa.

Roinnt de na treochtaí faisin a shíleann sí a thiocfaidh ó Sex and the City 2 ná "an gúna beag bán, éadach priontáilte, fionnaidh, agus buataisí donna leathair go dtí an ghlúin agus móra donna leathair le bobailíní."

Bróga
Manolo Blahnik
Christian Louboutin
Brian Atwood

Deir Aisling go bhfuil siopaí cosúil le Pennys agus New Look iontach sa chaoi is gur féidir leat treocht aon uaire a cheannach agus do chuid airgid a chaitheamh ar rudaí a mhairfidh, cosúil le bróga, oiriúintí agus malaí. Deir sí chomh maith go bhfuil sé tábhachtach gléasadh i stíl atá feiliúnach do d'aois; más os cionn 40 bliain d'aois atá tú ná caith sciortaí atá ró-ghairid, ná barréidí atá ró-íseal.




**'Más os cionn 40 bliain d'aois atá tú ná caith sciortaí atá ró-ghairid, nó barréidí atá ró-íseal, má tá bingo wings agat clúdaigh iad'**

Má tá bingo wings agat clúdaigh iad; go bunúsach caith éadach a thaispeánann do chuid buaicphointí.

Mura bhfuil tú cinnte an bhfeileann faisean áirithe duit, úsáid do chuid cairde agus do chlann agus cur ceist orthu siúd chun an fhírinne a fháil.

# Sex and The City 2 an bhfuil siad ró-shean?



Le Treasa Bhreathnach



"Is maith liom m'airgead san áit gur féidir liom é a fheiceáil, crochta sa chófra," a deir Carrie sa tsraith, Sex and the City. Leis an dara scannán, Sex and the City le bheith sa phictiúrlann an deireadh seachtaine seo, dúirt stiúrthóir an scannán Micheal Patrick King, go raibh sé ag iarraidh go mbeadh an scannán seo in ann a bheith ina mhodh éalaithe dóibh siúd a chaitheann maireachtáil sa domhain réalaíoch i lár géarchéime eacnamaíocht. Mar sin rinne sé cinneadh go mbeadh an scannán iomarcach, go mbeadh sé cosúil leis na sean-scannáin Hollywood, agus go mbeadh níos mó loinnreach i gceist ná mar gheofá i do shiopa Swarovski áitiúil! Má ghlacann sibh leis gur scannán éalaithe é seo is féidir libh féin dul ar thuras go hAbú Daibí agus dearmad a dhéanamh ar do bhille gáis nó ar do chárta creidmheasa ar feadh cúpla uair an chloig ar a laghad.

As branda Sex and the City, tháinig na milliúnaithe. Tar éis na sraithe agus an scannán is milliúnaithe iad an ceathrar ban aisteoir, an stílí Patricia Field agus Candace Bushnell an scríbhneoir. Léiríodh cumhacht an bhranda nuair a luadar gnóthaí beaga áitiúla sa sraith agus tháinig dúbailt agus níos mó ar a ngnó. Mar sin féin, ní hé an t-airgead tús agus deireadh do shaoil agus, cinnte, d'fhéadfaí a rá go bhfuil droch-ghnéithe i gceist leis an chineál ratha seo, do na haisteoirí ar a laghad. Cé go bhfuil roinnt scannán déanta ag an gceathrar aisteoir ón uair a chríochnaigh an tsraith in 2004, ní féidir a rá go bhfuil ag éirí thar cionn lena nhairm roghnaithe taobh amuigh de bhranda Sex and the City. B'fhéidir go dtuigeann Sarah Jessica Parker é seo níos mó ná aon duine eile mar tá sí anois tar éis a fhógairt gur mhaith léi páirt Carrie a ghlacadh má dhéantar an prequel dona scannáin, sin Carrie mar a bhí sí mar dhéagóir, agus tá SJP anois 45 bliain d'aois! Bhí an tsraith, a bhí ar siúl ar feadh 6 bliana agus an chéad scannán molta ag roinnt feimineach don chumasú ban a rinne sé agus mar gheall gur shíl siad gur cabhair a bhí ann chun mná a chur ar comhchéim le fir. Tá na príomhaisteoirí uile anois ina gceathrachaidí seachas Cattrall atá 53. Ní bheadh barúil agat ar na haoiseanna óna bheith ag breathnú ar na póstaeir phoiblíochta agus i ndáiríre ní bhreathnaíonn Kim Cattrall cosúil léi féin ar chor ar bith. Cloisim sibh ag ceistiú cén t-uachtar aghaidhe atá á úsáid acu, ach dá mbeadh uachtar aghaidhe freagrach as gabhfainn féin amach ag siopadóireacht láithreach le mo sparán i mo láimh.

**SJP an t-aon duine le alt ina chonradh gan a bheith go hiomlán nochtaithe**

Ach, faraor, níl. Is oth liom a rá ach má tá sibhse ag iarraidh taoide an ama a chasadh, caithfidh tú bheith i do shaineolaí ar Photoshop. B'fhéidir go gceapann léiritheoirí an scannáin (duine acu ná SJP) gur féidir leo an dallamullóg a chuir orainn leis an méid úsáide atá bainte acu as Photoshop ach céard faoi theoiric an fheimineachais gur cheart glacadh leat féin mar atá? Céard faoi chumasú ban, cé go bhfuil ná mná sin anois níos sinne ná mar a bhí nuair a thosaigh siad an branda, an é nach bhfuil sé inghlactha a bheith álainn le haois?

**Buiséad $95 m**
**Páigh SJP $15m**
**Feisteas $10 m**

Ba é cumhacht feimineachas ceann de na héifeachtaí ba mhó ar tugadh moladh don tsraith Sex and the City mar gheall uirthi nuair a thosaigh sé ar dtús, ós rud é go ndearna sé saol gnéis na mban níos oscailte ach, é sin ráite, céard is feimineachas ann mura féidir a bheith compordach le haois?



**tá SJP anois tar éis a fhógairt gur mhaith léi páirt Carrie a ghlacadh má dhéantar an prequel dona scannáin, sin Carrie mar a bhí sí mar dhéagóir, agus tá SJP anois 45 bliain d'aois!**



# 5 TEICNEOLAÍOCHT & GNÓ

# Píoráideacht na linne seo

Fiosraíonn Diarmuid Ó Muirgheasa 'píoráideacht' ar líne agus na hiarrachtaí atá ar bun chun deireadh a chur le híoslódáil scannáin agus cheoil.

Tá íomhá áirithe a bhaineann le foghlaithe mara an 16ú agus 17ú haois, n'fheadar an nglaofá íomhá Disney air, ach cinnte is é a fheictear in Pirates of the Caribbean agus a leithéid. Ní dócha gur fhéach mairnéalaigh na linne sin orthu mar sin, áfach, agus is cinnte go bhfuil íomhá iomlán eile ag baint le lucht píoráideachta na Somáile sa lá atá inniu ann. Ní nach ionadh, mar sin, go bhfuil réimse tuairimí chomh leathan sin ag daoine i leith píoráideacht ar líne, idir cheol, scannáin, chláir theilifíse agus eile.

Tá mórán leithscéalta, agus cúpla argóint chiallmhar fiú, ag na píoráidí úd. Deir siad nach bhfuil siad sásta tacaíocht a thabhairt do na boic móra sna hearnálacha éagsúla atá freagrach as bannaí táirgthe a chur chun cinn in áit "fíor"-bhannaí, i measc mórán "peacaí" eile. Deir siad nach ndéanann na ceoltóirí aon airgead as díol ceoil ar aon nós (mar go dtagann formhór a n-ioncaim ó cheolchoirmeacha). Deir siad go bhfuil praghas ceoil ró-ard, mar go bhfuil i bhfad an-iomarca daoine lasmuigh de na ceoltóirí ag tógáil céatadán den phíóg.

**Dar le Chartier, is ionann cóip de scannán a íoslódáil agus dul isteach i siopa agus DVD a thógáil leat. D'fhéadfá a rá fiú, ó tharla go bhfuil gach seans ann go mbeidh suimeanna airgid timpeall $50,000 go $100,000 i gceist sna cásanna cúirte úd, go gceapann sé gurb ionann íoslódáil cóip de scannán agus Mercedes deas a ghoid. Is léir nach bhfuil cúlra sa dlí aige, nó bheadh an difríocht ar eolas go maith aige.**

Dar ndóigh, séanann na boic mhóra hargóintí ar fad atá acu, ach uaireanta déanann a n-argóintí níos mó dochair ná aon rud eile. Mar shampla, deir an RIAA ("Recording Industry Association of America") go bhfuil píoráideacht ceoil freagrach as caillteanas $12.5 billiún in aghaidh na bliana, agus go gcailltear os cionn 70,000 post dá bharr. Nuair a smaoiníonn tú nár cailleadh "ach" 40,000 post de bharr cliseadh Chrysler agus General Motors, agus go nglacann siad le gach íoslódáil mar dhíolachán caillte, chaithfeá na figiúirí sin a cheistiú (gan trácht ar éirim na ndaoine sin atá ag cur na bhfigiúirí sin chun cinn). Fiú más 'foghlaí' tú, gach seans go mbeadh comhbhá agat le foireann The Hurt Locker, scannán a bhfuair píoráidaithe a lámha air 5 mhí sular eisíodh ar dtús é. Bheadh comhbha agat leo, ó tharla gur thuill sé an méid is lú airgid d'aon scannán a bhuaigh Best Picture ag na Oscars riamh, agus b'fhéidir fiú go dtuigfeá cén fáth a bhfuil sé i gceist acu iarracht a dhéanamh an dlí a chur ar gach uile dhuine a d'íoslódáil i Meiriceá é. Ach fiú má ghlacann tú leis gur chailleadar an-chuid airgid mar gheall ar phíoráideacht (agus is fíor-deacair chruthú cé mhéad a chaill siad, nó má chaill siad in aon chor), is deacair a thuiscint cén fáth go bhfreagródh duine de léiritheoirí an scannáin, Nicolas Chartier, ríomhphost ag ceistiú an cinnidh a rinneadar, ag glaoch "moron" ar an té a scríobh chuige. Ní sin amháin, ach dúirt sé "Tá súil agam go mbeidh do chlann sa phríosún lá éigin mar gheall ar ghoid, ionas gur féidir leo an difríocht a fhoghlaim." Sílim go léiríonn an dá litir (www.tinyurl.com/33q2zd7) cén fáth go díreach go nglacann daoine seasamh chomh láidir sin ar son píoráideachta agus i gcoinne daoine cosúil le Chartier, agus fán easpa tuisceana atá ann freisin ar an difríocht idir goid agus sárú chóipchirt.



An bhfuil siad ag breathnú ort?

Dar le Chartier, is ionann cóip de scannán a íoslódáil agus dul isteach i siopa agus DVD a thabhairt leat. D'fhéadfá a rá fiú, ó tharla go bhfuil gach seans ann go mbeidh suimeanna airgid timpeall $50,000 go $100,000 i gceist sna cásanna cúirte úd, go gceapann sé gurb ionann íoslódáil cóip de scannán agus Mercedes deas a ghoid. Is léir nach bhfuil cúlra sa dlí aige, nó bheadh an difríocht ar eolas go maith aige.

Tá sé seo ar fad faoi chaibidil anois againn mar go bhfuil Eircom i ndiaidh teacht ar chomhréiteach leis an IRMA ("Irish Recorded Music Association"), agus polasaí acu anois éinne a chiontaítear faoi thrí as íoslódáil ábhar faoi chóipcheart go mídhleathach a dhínascadh go sealadach. Taobh amuigh d'aon cheist maidir le cé chomh hoiriúnach is atá dínascadh mar phionós (agus gach seans go ndéarfadh tromlach gur píonós réasúnta é i gcás fíor-chiontachta), ceann de na ceisteanna is mó a bheidh ag daoine ná cé na roghanna eile atá á gcur chun cinn? Lasmuigh de iTunes, cé mhéad siopa ceoil ar líne is féidir leat a ainmniú? Cé mhéad siopa a dhíolann scannáin nó cláracha teilifíse? Lasmuigh de Steam, cá háit ar féidir cluichí ríomhaireachta a íoslódáil go dleathach?

Agus sin an argóint is mó agus is ciallmhaire atá ag na píoráidithe - cuma cé mhéad ama a chaitheann an earnáil ag cur an dlí ar dhaoine, níl rogha dhleathach ann chun cláracha teilifíse nó scannáin a íoslódáil in Éirinn, agus cé go bhfuil maitheas éigin le iTunes agus an cúpla rogha eile atá ann do cheol agus cluichí, tá siad ar mhórán slíte fós taobh thiar de Napster na bliana 1999, agus cinnte BitTorrent an lae inniu. Gan trácht ar aon argóint eile, is deacair taobhú leis an earnáil nuair is cosúil gur cogadh i gcoinne na seirbhísí ar líne atá ann, seachas i gcoinne ceann de na seirbhísí mídhleathacha amháin.

## Do phróifíl Facebook poiblí?

CUIREADH athruithe ar shocruithe príobháideachais Facebook i bhfeidhm ar an gCéadaoin 26ú Bealtaine. Tarraingíodh aird ar chúrsaí príobháideachais an tsuímh shóisialta seo le déanaí.
Bhí éiginnteacht ann maidir le cé chomh poiblí agus atá an t-eolas a bhíonn ar leathanaigh Facebook.
Tá sé ráite ag bunaitheoir Facebook, Mark Zuckerberg, go bhfuil na socruithe nua níos simplí ná mar a bhíodh. Le cúpla mí anuas, tá Facebook i ndiaidh athruithe suntasacha a dhéanamh i dtaobh socruithe príobháideachais.
Tá os cionn leathchéad socrú éagsúil ag baint leis an bpolasaí príobháideachais faoi láthair.

## Oibrí eile básaithe i monarcha an iPhone

TÁ an deichiú hoibrí i ndiaidh bás a fháil agus iad ag obair sa chomhlacht déantúsaíochta Foxconn. Is in Foxconn a dhéantar an Apple iPhone a sholáthar. Thit an t-oibrí ó fhoirgneamh ard agus ní fios an timpiste, féinmharú nó eachtra a bhfuil amhras faoi, a bhí i gceist. Bunaíodh Foxconn sa bhliain 1988 agus is déantúsaí iad do Apple, Sony, Dell, Nokia agus comhlachtaí teicneolaíochta eile. Tá imní ann faoi láthair go bhfuil drochchoinníollacha oibre in Foxconn, le huaireanta fada oibre agus pá ró-íseal.

## EA Games i nGaillimh

Tá EA Games ag teacht go Gaillimh agus cruthófar timpeall 200 post nuair a bhunóidh siad ionad seirbhíse agus oibríochtaí in 2011.
Beidh ról ag an ionad nua i bhforbairt cluichí nua don chomhlacht clúiteach a bhfuil lear mór teideal acu cheana féin cosúil le FIFA, Dante's Inferno, agus Nascar. Níl suíomh roghnaithe go fóill don ionad nua, ach tá éagsúlacht mhór poist fógartha ag www.bioware.com/bioware_info/jobs/galway_jobs.

## 'Mod' Cowen



Mionsamhail de Bono agus Brian Cowen á nochtadh ag ócáid seolta ModNation Racers ar PlayStation 3. Tugann an cluiche seo cead duit do chuid carachtar, caranna agus traiceanna féin a chruthú agus iad a roinnt leis na milliún eile a bhíonn á imirt ar líne. Breis eolais ag www.modnation.com. GRIANGHRAF: MARK STEDMAN PHOTOCALL IRELAND

# Éisiuint chearta scairshealbhóirí Bhanc na hÉireann

**Le Conchúbhar Mac Con Carraige**

TÓGADH céim thábhachtach i dtreo bhiseach Bhanc na hÉireann nuair a fógraíodh eisiúint cearta scairshealbhóirí ar an 14ú Bealtaine agus léiríodh tacaíocht na scairshealbhóirí céanna nuair a vótáil tromlach mór i bhfabhar na tairisceana ar an 19ú.

Eisítear cearta scairshealbhóirí mar mhodh le caipiteal a chruinniú trí scaireanna nua a eisiúint agus a dhíol faoi lascaine; ceadófar méid áirithe a cheannach i gcoibhneas le do shealbhóireacht ar dháta áirithe.

Chun a bheith san áireamh don ofráil seo caithfear a bheith in úinéireacht ar ghnáth-scaireanna BOI ar an 20ú Bealtaine, agus ceadófar trí scaireanna nua a cheannach do gach péire i d'úinéireacht ar an dáta sin, ar chostas €0.55 an ceann, lascaine 64.1% ar chostas dúnta na ngnáth-scaireanna ar an 14ú Bealtaine.

Níl aon oibleagáid ann glacadh leis na cearta ach, mura nglactar, caolófar an tsealbhóireacht de bharr eisiúint na scaireanna nua. Sa gcás seo díolann an Banc na cearta ar son na scairshealbhóirí agus is dócha go mbeifear i dteideal fáltais ón díol seo.

Tá sé i gceist ag an mBanc €1.725bn a chruinniú ar an mbealach seo.

*Is cairte agus comhairleoir cáin é Conchúbhar Mac Con Carriage*

# Gnó: Deiseanna margaíochta do ghnóthaí bia na hÉireann

Glacadh le húsáid ceathracha éileamh sláinte agus cothaithe san Aontas Eorpach ag seimineár ar éilimh shláinte ar bhia agus forlíonta bia Dé Máirt. Údarás Sábháilteachta Bia na hÉireann (FSAI) a reáchtáil an seimineár. Tugann an nuacht seo deiseanna margaíochta nua do ghnóthaí bia in Éirinn. Beidh siad in ann na héilimh a úsáid ar a gcuid tairgí bia. A luaithe is a cheadaítear d'éileamh sláinte, is féidir úsáid a bhaint as ar tháirgí a dháiltear i 27 tír an Aontais Eorpaigh. Cruthóidh sé seo margadh leathan 50 milliún tomhaltóir do chomhlachtaí bia na hÉireann. (MNíE)

SIOPA an carn

132A Bóthar Thír Chiana, Machaire Rátha,
Co. Dhoire, BT46 5NH

## Bainisteoir Cúnta Siopa

Tá Siopa An Carn lonnaithe i gcroílár pobail dhátheangaigh ar imeall Mhachaire Rátha, Co. Dhoire. Is deis iontach é an post seo do Bhainisteoir Cúnta Siopa a bhfuil Gaeilge aige/aici a s(h)lí bheatha a fhorbairt agus a bheith mar chuid lárnach de cheann de na na tionscadail athbheochana teanga is tábhachtaí in Éirinn.

Sárthaispeántas is ea an siopa de réimse leathan d'ealaíona agus de cheardaíocht chomh maith le dlúthdhioscaí ceoil agus leabhair Ghaeilge agus d'acmhainní foghlama teanga. Is deis faoi leith é seo do dhuine bríomhar post a fháil inar féidir dul chun cinn a dhéanamh agus ina mbeidh deis ann an gnó agus scileanna pearsanta a fhorbairt. Áireofar leis na freagrachtaí a bheidh ar an té a cheapfar cúrsaí díolacháin agus margaíochta ó lá go lá, riarachán airgeadais chomh maith leis na horduithe a chuirfear trí láithreán Gréasáin an tsiopa a phróiseáil.

Beidh ar an té a cheapfar na critéir seo a leanas a chomhlíonadh:

- **Ardchumas labhartha agus scríofa sa Ghaeilge**
- **Taithí bliana ar a laghad in obair Shiopa /Mhiondíola**
- **5 GCSE nó a chomhionann.**
- **Liteartha ar ríomhairí.**
- **Taithí ar a bheith ag obair ar do chonlá féin.**
- **Scileanna láidre maidir le seirbhís do chustaiméirí agus an cumas le ceisteanna cúraim chustaiméirí a láimhseáil**

Is féidir foirmeacha iarratais agus mionchur síos poist le haghaidh iarratasóirí a fháil ach iarratas scríofa a chur chuig: Claire Doherty, Siopa An Carn, 132A Bóthar Thír Chiana, Machaire Rátha, BT46 5NH Nó le ríomhphost chuig: claire@ancarn.org

Ní mór foirmeacha comhlánaithe iarratais a chur ar ais faoin Dé hAoine 11ú Meitheamh, 2010 @5 i.n.

pobal

Tá POBAL, scátheagras phobal na Gaeilge, ar lorg

## Co-ordaitheoir na nEalaíon Gaeilge

Conradh bliana, ar dtús le síneadh ag brath ar mhaoiniú.

**Tuarastal: £19,817, NHC Grad 22.**
**Téann pinsean leis an phost seo.**

Tuilleadh eolais agus cur síos poist ar fáil ach teagmháil a dhéanamh linn ar 00 44 (0)28 90 438132,
**eolas@pobal.org**

Le hiarratas a chur isteach ar an phost seo, cuir CV chuig,
POBAL, Cultúrlann McAdam Ó Fiaich
216 Bóthar na bhFál, Béal Feirste BT12 6AH
**Spriocdhata: 12.00 nóin,**
**Aoine 11 Meitheamh 2010.**

arts council of Northern Ireland


Beidh na hagallaimh don phost seo ar siúl i ndiaidh 5 in, Dé hAoine 18 Meitheamh
Is fostóir Chomhionnanas Deise é POBAL

GAELSCÉAL
Dé hAoine, 28 Bealtaine, 2010

# 6 COMHSHAOL

# An bhfuil éinne eile amuigh ansin?

Pléann Conn Ó Muineacháin spás-thaiscéalaíocht na linne seo



Bhí mé bliain amháin d'aois nuair a shiúil Neil Armstrong ar an ngealach. Ní cuimhin liom rud ar bith faoin lá sin, ach is cuimhin liom na seachtóidí, faoi scáth eachtraí na misean Apollo, nuair a bhraith go leor daoine go raibh an cine daonna ar tháirseach úr taiscéalaíochta sa spás.

Nuair a d'eitil an spástointeálaí don chéad uair i 1981, lasadh an spéis athuair. Glúin eile spásárthach a bhí iontu, a bhí in ann tuirlingt ar níos eitleáin, seachas paraisiútáil sa bhfarraige. Ach seachas tubaistí Challenger agus Columbia, ní mór iad na ceannlínte móra a fuair na tointeálaithe i gcaitheamh na 30 bliain ó shin i leith.

Is dócha go raibh an méid sin ar intinn ag an Uachtarán George W Bush i 2004, tar éis tubaiste Columbia, nuair a nocht sé fís úr don taiscéalaíocht spáis. Iarracht ab ea é chun spiorad JFK a thabhairt chun chuimhne, an plean a d'fhógair sé chun filleadh ar an ngealach agus í a úsáid mar chéim ar an aistear go Mars. Glacadh leis freisin go raibh na tointeálaithe ag dul in aois, agus go gcaithfí glúin nua spásárthach a fhorbairt, nó tointeálaithe nua a thógáil.

Bunaíodh tionscnamh ar a tugadh Project Constellation chun polasaí rialtais Bush a chur i gcrích agus measadh go gcosnódh sé $230 billiún thar tréimhse scór bliana. Ansin, mí Feabhra seo chaite, d'fhógair an tUachtarán Obama go gcuirfí an tionscnamh ar ceal.

Chuir sé an milleán ar an ngéarchéim airgeadais, dár ndóigh, ach dúirt sé freisin gur chreid sé go gcaithfí bealaí úra nuálacha a aimsiú chun taiscéalaíocht spáis a dhéanamh.

"Bealach úr" amháin atá i gceist aige ná spreagadh a thabhairt do fhiontraithe príobháideacha chun páirt níos mó a ghlacadh.

Dúirt Obama go dtabharfaí tús áite do phlean chun dul caol díreach go Mars, gan bhacaint leis an ngealach, "uair éigin sna 2030í."

Tá polasaí Obama cáinte ag go leor daoine, ina measc polaiteoirí ó gach páirtí atá buartha faoin dtionchar a bheidh aige ar "gheilleagar an spáis" - go háirithe in áiteanna ina bhfuil go leor daoine fostaithe ag NASA agus ag na comhlachtaí aeraspáis atá ag obair ar chonarthaí do thionscnamh Constellation.

Agus tá sé cáinte go géar ag laoch na gealaí, Neil Armstrong, a dúirt go bhfuil sé dochreidte go bhfágfaí na Stáit Aontaithe gan a roicéad féin acu.

Tharraing Obama siar beagáinín i mí Aibreáin nuair a dúirt sé go leanfar leis an bhforbairt ar chuid amháin de Constellation: an modúl Orion, chun go bhféadfaí é a úsáid mar "bhád tarrthála" don Spás-Stáisiún Idirnáisiúnta.

Ach go fóill, is ar na Rúisigh a bheidh an spás-stáisiún sin ag brath. Dé Céadaoin, d'fhill an tointeálaí Atlantis go talamh don uair dheireannach. Níl ach misean amháin fágtha ag an dá árthach eile, Discovery agus Endeavour, sara gcuirfear críoch oifigiúil le ré na dtointeálaithe.

Tá an spás-thaiscéalaíocht costasach, gan dabht ar bith. Ach tá sé níos éasca agus níos saoire más róbait atá mar chriú agat seachas daoine. Tá go leor foghlamtha againn ó na hárthaigh bheaga uathoibríocha atá seolta ag NASA agus ag an Aontas Eorpach le roinnt bhlianta anuas, agus go hairithe ó na fánaithe beaga a landáil ar Mars, leithéidí Pathfinder agus Phoenix. Is é Phoenix a d'aimsigh "uisce faoi thalamh" (reoite) ar Mars i 2008.

Is cosúil gur i bhfithis íseal ar an ndomhan a bheidh formhór na hoibre ar siúl go ceann tamaill. Tá éileamh ar an spás-stáisiúin chun turgnaimh eolaíochta a dhéanamh faoi dhomhantarraingt íseal. Agus tá go leor comhlachtaí tráchtála sásta íoc as síob dá gcuid saitilítí. Tá Richard Branson ag díol ticéadaí don turasóireacht spáis, ach níl aon dáta fógartha fós don gchéad turas.

Beidh sé tamall eile, sílim, sara mbeidh ceannlínte chomh mór leis na cinn a bhí i 1969.

# Bígí sábháilte ar thránna na tíre

Le Treasa Bhreathnach

**TÁ an samhradh anois linn agus an ghrian ag scoilteadh na gcloch agus na tránna chomh lán sin nach féidir leat spás a fháil do do thuáille. Tá gach duine ag iarraidh cuimhní cinn sona sásta a bheith acu ar an samhradh, mar sin is fiú dúinn uile a bheith cliste agus sábháilte agus muid ag snámh nó in aice le huisce.**

Thosaigh seachtain feasachta agus sábháilteachta uisce Dé Luain na seachtaine seo a bheidh ar siúl go dtí an 31 Bealtaine nuair a sheol Brian Ormond, láithreoir RTÉ, feachtas sábháilteachta uisce i nDumhach Thrá i mBaile Átha Cliath. Mar chuid den fheachtas sábháilteachta tá Sábháilteacht Uisce Éireann (IWS) ag cur comhairle ar dhaoine don “14 chéim chun snámh go sábháilte” agus “Fan sábháilte ar do shaoire”. Bádh 158 duine ar meán in aghaidh na bliana in Éirinn ó 1998 go 2008; ina measc siúd a bádh bhí 46 páiste ar aois a 14 nó faoina bhun.

Is iad na 14 chéim a chabhróidh leat a bheith ag snámh go sábháilte ná:

**1.** Ná téigh ag snámh leat féin
**2.** Ná téigh ag snámh díreach tar éis greim le hithe
**3.** Ná téigh ag snámh nuair atá tú te nó tuirseach
**4.** Ná téigh ag snámh in áit nach bhfuil ar aithne agat
**5.** Ná téigh ag snámh i ndiaidh aon cheo atá ag imeacht le sruth
**6.** Ná fan san uisce rófhada
**7.** Snámh comhthreomhar leis an chladach
**8.** Déan cibé rud a deir an garda tarrthála leat
**9.** Ná húsáid bréagán inséidte riamh
**10.** Bí airdeallach do na comharthaí ar an trá
**11.** Ná bí i do bhulaí
**12.** Foghlaim cén chaoi le trealamh a úsáid sula n-úsáideann tú é
**13.** Foghlaim tacaí beatha bunúsacha

Tá comhairle á thabhairt do thuismitheoirí súil ghéar a choinneáil ar a bpáistí agus iad ag snámh nó in aice le huisce. Tá leabhrán de threoracha chun a bheith ag snámh go sábháilte le fáil ó stáisiún na ngardaí tarrthála atá lonnaithe ar thránna na tíre agus cuirtear míle fáilte roimh aon duine leabhrán a fháil uathu sin. Tá níos mó daoine ná mar a bhí riamh ag baint sult as uiscebhealaí na tíre gach bliain agus an IWS ag iarraidh go mbeidh na huiscebhealaí seo sábháilte do chách ar feadh na mblianta.



# Éisc na hÉireann do mhuintir na hÉireann

*ar lean ó leathanach a haon*

Tá timpeall 2,000 iascaire in Éirinn i láthair na huaire. Cé go bhfuil 60% d’iascach na tíre clúdaithe ag an 100 iascaire atá bainteach leis an scéim, ba mhaith leo go mbeadh 100% d’iascach na tíre clúdaithe. Sheol Bord Iascaigh Mhara scéim teastas le déanaí faoinar féidir le hiascairí deontas 40% a fháil chun iad a spreagadh le bheith freagrach ina gcuid iascaigh.

Tá €1.6 milliún ar fáil d’iascairí na hÉireann i mbliana, rud a chiallaíonn go mbeidh €4 mhilliún á chaitheamh san iomlán chun iascairí a mhealladh i dtreo an chineáil iascaigh seo. Is éard a dúirt Frank Fleming mar gheall ar phraghas an éisc ná “Ní féidir linn a bheith cinnte go mbeidh an t-iasc a chuireann muidne ar fáil níos saoire ná iasc atá iompórtáilte ach is féidir linn a chinntiú do dhaoine go ndearnadh an t-iascach ar bhealach ceart, go raibh na hiascairí freagrach as an timpeallacht, gurb as an gceantar an t-iascagus go bhfuil an t-iasc ar ardchaighdeán.”

## COMHSHAOL BLÚIRÍNÍ

### Sláinte: Nígí na torthaí sin!

DAR le taighde a rinneadh in Ollscoil Montreal agus Harvard, má itheann páistí torthaí nó glasraí sula mbíonn siad nite, tá an baol ann go dtiocfaidh Neamhord Hipirghníomhaíocht Easnamh Airde (ADHD) orthu. Is iad na lotnaidicídí a bhíonn ar an mbia is cúis leis seo dar leis an taighde. Cuirtear comhairle ar thuismitheoirí a chinntiú go nítear an bia sula dtugtar dá bpáistí é. (MNíE)

### Timpeallacht : Tacaíocht Rialtais don Bhithfhuinneamh

TÁ costas nua don bhithfhuinneamh fógartha ag an Aire Cumarsáide, Fuinnimh agus Acmhainní Nádúrtha, Eamon Ryan. Tá sé d’aidhm ag an rialtas deis a thabhairt do chomhlachtaí a gcuid leictreachais féin a ghiniúint agus aon bharrachas a dhíol. Creideann siad go neartóidh an costas nua cúrsaí eacnamaíochta faoin tuath. Mar gheall ar an tacaíocht seo, beidh 200 meigeavata de leictreachas in-athnuaite ar fáil don eangach náisiúnta. Beidh acmhainní nádúrtha in úsáid chun leictreachas a chur ar fáil, mar thoradh ar an scéim nua. (MNíE)

### Conradh caomhnaithe ceannródaíoch curtha i bhfeidhm i gCeanada

FÓGRAÍODH an conradh caomhnaithe coillte is uaillmhianaí riamh an tseachtain seo caite. Ar an 18ú Meitheamh, tháinig an ‘Canadian Boreal Forest Agreement’ i bhfeidhm. Tagann sé mar thoradh ar sheacht mbliana d’fheachtasaíocht chrua chun cosc a chur ar scriosadh Choillte Bóireacha Cheanada. Tá aontú ann anois idir Greenpeace, ocht n-eagraíocht eile agus tionscal na lománaíochta (logging industry), go gcuirfear stad sealadach leis an troid ar son na gCoillte Bóireacha. Tá os cionn scór comhlacht lománaíochta sásta stad láithreach a chur lena gcuid oibre i mbeagnach 29 milliún heicteár de choillte mar gheall air seo. (MNíE)

### Mairteoil ón mBrasaíl ina cúis buartha don FAÉ

Le Meadhbh Ní Eadhra

TÁ an tUachtarán ar Fheirmeoirí Aontaithe na hÉireann, John Bryan, i ndiaidh iarraidh ar Choimisiún na hEorpa cosc iomlán a chur i bhfeidhm arís ar allmhairí mairteola ón mBrasaíl. An tseachtain seo caite, d’aimsigh Roinn Talmhaíochta na Stát Aontaithe an tríú cás de mhairteoil ón mBrasaíl nár chloígh le caighdeán sásúil bia. Dúirt an tUasal Bryan go léiríonn sé seo an tábhacht a bhaineann le sábháilteacht bia a chinntiú do thomhaltóirí na hEorpa.



GAELSCÉAL
Dé hAoine, 28 Bealtaine, 2010



# 80 duine ag fáil bháis in Éirinn de bharr neamhord itheacháin gach uile bhliain

Fiosraíonn **ÁINE SEAGRAVE** an easpa seirbhísí do dhaoine le Neamhord Itheacháin



"Níl dóthain seirbhísí ar fáil sa tír seo chun déileáil le fadhbanna neamhord itheacháin", arsa Teresa Moorhead, Stiúrthóir Seirbhísí Cliniciúla i Lois Bridges, Ionad Cóireála do dhaoine le neamhord itheacháin. Agus, dar le Ruth Ní Eidhin as Bodywhys, Eagraíocht Neamhord Itheacháin na hÉireann, "Tá níos mó daoine ná riamh ag dul i dteagmháil leosan ag iarraidh cúnaimh."

Faigheann 80 duine in Éirinn bás de bharr neamhord itheacháin gach uile bhliain. Faoi láthair, tá timpeall 200,000 duine ag fulaingt ó neamhord itheacháin sa tír seo agus, de réir Bodywhys, bíonn 400 cás nua in Éirinn gach bliain.

De réir an doiciméid 'Vision-for-Change' a d'fhoilsigh an Roinn Sláinte & Leanaí ceithre bliana ó shin, bhí 15 leaba ar fáil idir Ospidéal St John of God i Stigh Lorgan agus Ospidéal Naomh Pádraig i mBaile Átha Cliath. Ach dúirt siad go raibh 24 leaba sa bhreis de dhíth chun cabhair a sholáthar don mhéid daoine a bhíonn ag fulaingt le neamhord itheacháin sa tír seo. Chomh maith leis sin, osclaíodh an chéad ionad cónaithe atá tiomnaithe d'fhulangaithe neamhord itheacháin amháin, Lois Bridges i mBaile Átha Cliath, i mbliana, le 6 leaba ann. Dá bhrí sin tá beagnach 20 leaba fós de dhíth. Is cuid den chóras sláinte príobháideach na leapacha go léir, áfach. Faigheann othair cistiú i gcásanna áirithe, ach de ghnáth caithfidh daoine íoc as seirbhísí iad féin. Dar le Ruth Ní Eidhin as Bodywhys, "níl ach trí leaba ar fáil sa chóras poiblí - in Ospidéal St. Vincent's, i mBaile Átha Cliath."

Tá Lois Bridges lonnaithe i gCill Fhionntáin, i mBaile Átha Cliath. Osclaíodh é i mí Feabhra agus tús á chur leis an Seachtain Náisiúnta do dhaoine le Neamhord Itheacháin. Tá stádas formheasta faighte ag an ionad ón gCoimisiún Meabhairshláinte.

"Tá géarghá anois le maoiniú d'othair atá ag iarraidh cabhrach sula dtéann cúrsaí in olcas. De bharr dhrochstaid na heacnamaíochta faoi láthair, níl an t-airgead ag daoine agus níl na bainc ag ceadú iasachtaí mar a bhí siad", arsa Teresa Moorhead.

Deir Teresa go bhfuil na céadta iarratasóir ag Lois Bridges ach "go dtí seo ní raibh ach 5 othar againn de bharr na gcostas ard. Cosnaíonn sé €4500 gach seachtain agus caithfidh na fulangaithe tréimhse 12- 14 seachtain a chaitheamh san ionad."

"Tá éileamh ollmhór ar chúnamh ach is cúrsaí airgeadais an fhadhb is mó", a mhínigh sí. Tá liosta feithimh de thrí mhí ar na 15 leaba atá tiomnaithe do neamhord itheacháin in Ospidéal St John of God agus in Ospidéal Naomh Pádraig.

Tá cainteanna leanúnacha ar siúl le bliain anuas idir Lois Bridges, Hibernian Aviva agus comhlachtaí Árachas Sláinte eile, chun costas na cóireála a chlúdach faoina bpolasaithe. Ar an drochuair, níor éirigh leo fós sin a dhéanamh, deir sí.

Tá trí mhórchineál neamhord itheacháin dhifriúla ann: anoireicse nervosa, búilime nervosa agus neamhoird eile nach bhfuil sainithe, ragús agus éigníocht ite san áireamh.





De réir staidéir a rinne an Roinn Sláinte in 2007, tá seans ann go bhfaighidh 1.2% de chailíní na hÉireann anoireicse agus 2% búilime.

Is éard atá sa ghalar anoireicse ná faitíos roimh raimhre agus íomhá coirp atá riastartha. Creideann fulangaithe go mbreathnaíonn siad ramhar, cé go bhfuil gach uile sheans ann go bhfuil cuma thanaí chaol orthu. Gearrann siad siar ar an méid a bhíonn siad a ithe agus déanann siad iomarca aclaíochta mar thoradh air sin.

Is éard atá i gceist le búilime ná duine a bheith ag ithe i bhfad an iomarca agus ansin é a aschur trína chur amach nó purgóidí a úsáid.

Go hiondúil is mná óga nó déagóirí a bhíonn thíos leis na tinnis seo, ach bíonn fir ag fulaingt ó neamhord itheacháin chomh maith. Deir Bodywhys gur fir iad idir 15% -25% dá gcliaint, de réir a gcuid staitisticí. Anuas air sin, "le blianta beaga tháinig cineálacha easláinte eile chun solais, ar nós neamhord itheacháin i measc páistí chomh hóg le 7 nó 8 mbliana d'aois," arsa Ruth Ní Eidhin. Tá éileamh á dhéanamh anois acu ar sheirbhís chóireála do pháistí.

Bíonn daoine a bhfuil neamhord itheacháin orthu ciaptha de shíor ag iarraidh iad féin a chaolú agus a thanú. Go minic is ag aithris ar íomhánna sna meáin a bhíonn siad. Bíonn pictiúir de 'réalta' nó daoine cáiliúla ar nós Cheryl Cole, Nadine Coyle nó Victoria Beckham agus cuma chaol thanaí orthu agus iad lom cnámhach le feiceáil sna páipéir gach uile lá.

I rith na seachtaine dúirt Cheryl Cole gur breá léi "a bheith mar inspioráid do mhná atá ag iarraidh meáchan a chailleadh," in alt darb ainm "Thinspiration." Fágann bolscaireacht den chineál seo go mbíonn gnáthdhaoine ag iarraidh dealbh 'idéalach' a bhaint amach; corp fada muscalach le haghaidh fir agus corp tanaí slíoctha le haghaidh mná.

Tá suímh ar fáil ar an idirlíon a thacaíonn le neamhord itheacháin - 'pro-ana', d'anaireicse agus 'pro-mia' do bhúilime. Tá na suímh seo páirteach i ngluaiseacht shóisialta a chuireann neamhord itheacháin i láthair mar dhea-rogha sa saol, seachas tinneas nó galar.

Tugann na suímh seo comhairle agus leideanna do mhná agus d'fhir óga ar na slite is tapúla agus is éifeachtaí le meáchan a chailleadh. Comhairlíonn na suímh seo cén chaoi leis an ngalar a cheilt ó ghaolta agus ó dhochtúirí chomh maith.

Bíonn lucht na suíomh seo den tuairim nach tinneas iad na galair éagsúla. Ceapann siad gurb é an bealach is fearr é le do shaol a chaitheamh. "Bíonn na fulangaithe den tuairim go bhfuil ceangal láidir idir tanaíocht agus rath agus sonas. Breathnaíonn siad ar an ocras mar chomrádaí a thugann sólás don té atá ag fulaingt," dar le Teresa Moorehead.

"Faigheann 80 duine bás in Éirinn de bharr neamhord itheacháin gach bliain ach ní chuirtear ar leathanach tosaigh na bpáipéar iad", a deir Teresa Moorehead. "Sin an difríocht idir an galar seo agus galair eile atá ag céasadh daoine sa tír."

Má tá aithne agat ar aon duine atá ag fulaingt ó neamhord itheacháin is féidir dul i dteagmháil leis na seirbhísí cabhrach seo a leanas chun cúnamh a fháil.

## TUILLEADH EOLAIS

- Bodywhys: 1890 200244
- Eating Disorder Resource Centre of Ireland: 01 4953577
- Eating Disorders Association N-Ireland: 028 90 235959
- Lois Bridges: 01 8396147



# **NUACHT** Litríochta



**Le Sophie Gahan**

## Rúnimirce an Anama

*Rogha Dánta, Nikola Madzirov, Gabriel Rosenstock a chuir i nGaeilge, Coiscéim, €7.50*

LEABHAR dánta de chuid Nikola Madzirov, eagarthóir agus scríbhneoir próis ó Strumica na Macadóine. Gabriel Rosenstock a chuir an leagan Gaeilge leis na dánta seo, tá saothar de chuid Madzirov aistrithe go 20 teanga cheana féin.





Tá breis is 60 dán roghnaithe ag Rosenstock don leabhar seo. An chéad rud a thugtar faoi deara ná cé chomh simplí is atá teideal gach dáin : 'Ciúnas', 'Níl a fhios agam', 'Scartha', 'Lá nua gach lá,' rud a mheallfaidh daoine chun iad a léamh.

"Ní mór do léitheoirí, do scríbhneoirí agus d'fhoilsitheoirí na Gaeilge neamhspleáchas teanga agus cultúir a neartú agus gan a bheith ag braith an iomarca ar dhomhan an Bhéarla", arsa Rosenstock sa réamhrá atá scríofa aige ag tús an leabhair.

## Paella is Pimientos

*Sracfhéachaint impriseanach ar Sevilla, Pádraig G.Ó Laighin, Coiscéim, €7.50*

CUNTAS ar thréimhse a chaith an t-údar i Sevilla na Spáinne áit a raibh sé ina mhúinteoir staire ar feadh tréimhse fhada. Tá leabhair staire foilsithe aige roimhe seo, chomh maith le haistí ina lán irisí staire.




Tugann sé tréithe staire faoi deara agus é ag déanamh cur síos ar chathair Sevilla. Déantar comparáid le saol na hÉireann tríd. Tugann sé aird ar na mionsonraí sa chathair chomh maith. "Dá mb'áil leat é, d'fhéadfadh tú dul ag spaisteoireacht ar do shuaimhneas tré na clósanna sin lán de thithe aoldaite, a bhfuil ar na mimosa cumhrach is bláthanna ildathacha eile greamaithe leo."

Níl an leabhar leagtha amach i gcaibidil, ach tá briseadh idir na scéalta éagsúla. Leabhar beag áisiúil é.

## "An Bhfuil Cead Agam Dul Amach, Más é do Thoil é?"

*Derry O'Sullivan, Coiscéim, €10*

DÁNTA de chuid Derry O'Suillivan, a rugadh i mBeantraí ach a bhfuil cónaí air i bPáras na Fraince le fada. Is léir an taithí atá ag O'Suillivan ar an chathair sna dánta, m.sh: 'Ceamara Jean-Max Albert', 'I gCaife "Le saint Placaide" i bPáras' nó 'Oíche Nollag in Amiens'. Tá íomhá tugtha ar an saol cónaithe i bPáras d'Éireannaigh.




Tá roinnt de na dánta bunaithe ar a shaol in Éirinn chomh maith, m.sh 'Corcaigh as a Meabhair.'

## Máirtín Ó Direáin : Na Dánta

*Cló Iar-Chonnacht, €20*

SA leabhar seo tá gach dán a scríobh ag Máirtín Ó Direáin bailithe le chéile faoi aon chlúdach amháin den chéad uair.




Leabhar faoi chlúdach crua atá ann le leathanaigh ghlasta. Is péintéireacht iad na pictiúir uile. Tá na dánta seo leagtha amach i mbailiúchán de réir na bliana inar scríobhadh iad, in ord cróineolaíoch.

Rugadh in Inis Mór Ó Direáin sa bhliain 1910. Bhog sé chuig cathair na Gaillimhe i 1928 agus ar aghaidh chuig Baile Átha Cliath i 1938. Tá an choimhlint idir an tuath agus an chathair, cúrsaí traidisiúnta agus nua-aimseartha, mar théamaí lárnacha aige.

## Foclóirín Línte agus Snaidhmeanna

*Words, Lines and Knots, Kleines Linien und Knotenvokabular, Púca Press, €25*


LEABHAR lámhdhéanta, trítheanga i gcomhar le naoi n-ealaíontóir déag ón Ghaeltacht agus thar lear. Smaointí an naonúr déag seo maidir le snaidhmeanna ceilteacha atá i gceist.

Tá meascán de scéalta, dánta agus tarraingtí le feiceáil ann, ar na leathanaigh bhunúla a úsáidtear don ealaín.

Is iad an Ghaeilge agus an Béarla an dá phríomhtheanga. Leabhar thar a bheith spéisiúil agus leithleach é an ceann seo. Ní go minic a fheictear leabhar ilteangach nó leabhar lámhdhéanta, agus is meascán den dá rud sin atá ann.

Úsáidtear cuid den trealamh a tháinig slán ó fhoilsitheoireacht thraidisiúnta na hÉireann chun leabhair Púca Press a chur i gcló.

De réir Dominique Lieb, úinéir an chomhlachta, d'fheadfá stiúideo Púca Press sa Daingean a aithint ina "mhúsaem beo beathach bríomhar" de bharr "crut seanda ar chuid de na háiseanna" atá ann.




## An Rogha 10

An Siopa Gaeilge, Oideas Gael, Gleann Cholm Cille

**Bealtaine 2010**

**1.**Enjoy Irish-Leabhar & CD, Eithne Ní Ghallchobhair, Oideas Gael
**2.** Ící Pící-Leabhar & CD, Nellie Nic Giolla Bhríde & Doimnic Mac Giolla Bhríde, Éabhlóid
**3.** An Foghlaimeoir Fásta, Alan Desmond, Comhar
**4.**Pádraic Ó Conaire: Rogha Scéalta, Diarmuid de Faoite a roghnaigh, Cló Iar-Chonnachta
**5.** Ar Muir is ar Sliabh, Dermot Somers, Cois Life
**6.** Na Tógálaithe, Maeve Binchy, New Island
**7.** Plúra Lúra & Na Bopóga-Lbhr & CD, Mary Ryan, Coiscéim
**8.** Teifeach, Pól Ó Muirí, Comhar
**9.** An Daid is Cliste ar Fad, Ross Collins, An Gúm
**10.** Mac Tíre na Draíochta, Laurence Bouruignon & Michael Derullieu, Leagan Gaeilge le Tadhg Mac Dhonnagáin, Futa Fata

## Aitheantas d'fhilí an lae amárach


BRONNADH duaiseanna ar cheathrar file óg le déanaí as dánta a scríobh siad do chomórtas filíochta. Ba iad Comhar na Múinteoirí, Corcaigh, a d'eagraigh an comórtas do dhaltaí meánscoile. Tháinig suas is anuas le ceithre chéad iarratas isteach ó scoileanna éagsúla sa chathair agus sa chontae. Is í Máiréad Ní Argáin a bhain an chéad duais amach dá dán "An Samhradh atá thart".

Bhuaigh Saoirse Ní Allmhuráin an dara duais agus roinneadh an tríú duais ar Elaine Wales agus Cathal Ó Conchubhair. Tiomnaíodh an comórtas seo do Mhicheál Ó Loingsigh. Bhí Micheál mar mhúinteoir agus cisteoir ar Chomhar na Múinteoirí ar feadh na mblianta i gCorcaigh. Ba é an file agus an scríbhneoir Mícheál Ó Ruairc a rinne moltóireacht ar an gcomórtas. Bhí sé an-tógtha le caighdeán na filíochta a tháinig faoina bhráid. Mhol sé do na filí óga leanacht orthu ag scríobh agus ag cumadh. Thagair sé freisin do ghluaiseacht INNTI, grúpa mac léinn a thosaigh ag scríobh filíochta agus iad i gColáiste na hOllscoile i gCorcaigh. Dar leis an tUasal Ó Ruairc, seans go mbeidh grúpa nua filí ag teacht ó Chorcaigh sna blianta amach romhainn.

## Seoladh leabhair anocht i gClub Chonradh na Gaeilge

SEOLFAR cnuasach gearrscéalta le Pádraig Ó Cléirigh ag a hocht a chlog anocht i gClub Chonradh na Gaeilge i mBaile Átha Cliath. Seán Ó hÉalaí a bheidh ag seoladh an leabhair, dar teideal "An Bhréag." Cé go bhfuil údar an leabhair imithe ar shlí na fírinne, maireann a chuid scéalta agus tá fáilte roimh dhuine ar bith freastal ar an ócáid seo. Vivian Uíbh Eachach a chuir an leabhar in eagar agus tá sé foilsithe ag Coiscéim.

**Cló Iar-Chonnacht**
Indreabhán, Co. na Gaillimhe
Teil: 091 593307 cic@iol.ie www.cic.ie




**Tuar Mhic Éadaigh: Stair agus Seanchas**
**Pádraig Standún**
€15 (bog)

Tá trácht sa leabhar seo ar chúrsaí bíobláireachta sa naoú haois déag, cur síos ar an saol a chaith na gnáthdhaoine sa seanreacht agus cuntas ar Chogadh na Saoirse sa cheantar, chomh maith le stair na bhfoirgneamh, na n-institiúidí agus na ndaoine atá ar marthain go fóill. Gheobhaidh muintir Thuar Mhic Éadaigh in Éirinn agus níos faide ó bhaile lón machnaimh agus cuimhne sa leabhar seo.

**Ceiliúradh 25 bliain CIC**

Seachtain cheiliúrtha ar RnaG 31 Bealtaine — 4 Meitheamh agus tairiscintí speisialta i siopa CIC le linn na seachtaine


Buail isteach chuig an siopa in Indreabhán le linn na seachtaine, ceannaigh trí tháirge ar luach €25 nó níos mó agus faigh an ceann is saoire in aisce.

**Sladmhargadh ar leabhair CIC**

Cúig bheartán fhichead (150 leabhar sa mbeart) ar €340

**Tá catalóg iomlán ar www.cic.ie**

# ROGHA TEILIFÍSE na Seachtaine



Le hÁine Seagrave

## TG4: Máirtín Ó Díreáin – An Charraig Stoite

CLÁR faoi shaol agus faoi shaothar an fhile chlúitigh Ghaeilge Máirtín Ó Direáin as Árainn agus faoin gcaoi a raibh air imeacht as an oileán de bharr chomh bocht is a bhí an saol ann. Leis sin cuireadh tús le gluaiseacht nua filíochta agus le saol fada liteartha.
*Dé Céadaoin 9.30i.n.*

## TG4: Croí Te na hAfraice

CLÁR faisnéise faoin obair mhór a dhéanann an Bráthair Aidan Clohessy le Misean Eoin Dé i Mzuzu i dTuaisceart na Maláive.

Tugann beirt dhaltaí as an idirbhliain i Scoil Chuimsitheach na Páirce Nua, An Charraig Dhubh cuairt ar an gceantar agus ar thionscadal Umoza Street Children a bhfuil baint ag trí eagraíocht dheonacha in Éirinn leis - Venture Malawi, Umoza Challenge agus Wells for Zoe.
*Dé Mairt 7.30i.n.*

## BBC 2: Áit is Ansa

DÉANANN an tsraith deich gclár, Áit is Ansa, ceiliúradh ar stair agus ar oidhreacht na sainchomharthaí tíre is clúití i dTuaisceart na hÉireann.

I measc na láithreoirí a bheidh ar na cláir beidh an ceoltóir Neil Martin, an t-iriseoir Pól Ó Muirí, an t-amhránaí Deirdre Bonner agus an craoltóir Brian Mullen. Tabharfaidh siad a gcuid smaointe ar áiteanna speisialta, mar Chnoc na hUaimhe, Bhéal Feirste, Glinntí Gleoite Aontroma agus an tarraingt turasóireachta is mó i dTuaisceart na hÉireann, Clochán an Aifir.

I ngach aon chlár, rachaidh an lucht féachana ar thuras speisialta thart ar shuíomh a bhfuil tábhacht ar leith ag baintleis don Ghaeilge sa Tuaisceart. *De Luain 11.55 i.n.*



**(Ó chlé go deas) Gráinne McElwaine agus Eibhlín Ní Chonghaile ag Gradaim Chumarsáide an Oireachtais i gcomhar le Gala. Bhí Eibhlín ainmnithe le haghaidh Pearsa Raidió na Bliana agus bhí an clár a chuireann sí i láthair, Iris Aniar ar RTÉ Raidió na Gaeltachta, ainmnithe don ghradam Sraith Raidió na Bliana.** GRIANGHRAF – SHANE O'NEILL, FENNELL PHOTOGRAPHY

# ROGHA RAIDIÓ na Seachtaine

Le hÁine Seagrave

## Raidió na Gaeltachta: Iris Aniar

CRAOLFAR an clár as Béal an Mhuirthead i gCo. Mhaigh Eo, áit a mbeidh Comórtas Peile na Gaeltachta ag tosú níos deireanaí tráthnóna.

Deireadh seachtaine mór peile atá geallta agus coimhlint ghéar idir na foirne Gaeltachta. Inniu ar an gclár beidh peileadóirí, lucht eagraithe agus lucht spóirt ag caitheamh súil chun cinn ar imeachtaí an deireadh seachtaine. Á chur i láthair ag Eibhlín Ní Chonghaile.
*Maidin Dé hAoine 9.08*

## FM104: Deireadh Seachtaine

CLÁR popcheoil atá ann ar stáisiún áitiúil i mBaile Átha Cliath á chur i láthair ag Miriam Maher. Bíonn na míreanna cainte idir na hamhráin ar fad i nGaeilge chomh maith le míreanna spraoiúla cosúil le 'Cé leis an guth' sa chlár.

Coimeádtar simplí é don lucht éisteachta i mBaile Átha Cliath.
*Maidin Dé Domhnaigh 8-10*

## Midlands 103: Céilí Lár Tíre

IS clár seachtainiúil é 'Céilí Lár Tíre' ar an stáisiún áitiúil do Chontae na hIarmhí curtha i láthair ag Paula Kinnarney. Is clár ceoil é a chuireann ceotóirí ceoil Éireannach chun cinn. Is féidir é a chloisteáil gach maidin Dé Domhnaigh.
*Dé Domhnaigh 12-2 i.n.*

## Raidió na Life: SNN: Scríbhneoirí na nAmhrán

TUGANN Roibeárd Ó Ciardha lucht éisteachta Raidió na Life ar thuras ceoil lena chlár SNN: Scríbhneoirí na nAmhrán. Tá an clár tiomnaithe do sheánra na gceoltóirí cáiliúla a chum is a chas a gcuid ceoil féin le daichead nó caoga bliain anuas. I measc na gceoltóirí a chloistear ar an gclár go rialta tá leithéidí Bob Dylan, Jackson Browne, Jimmy McCarthy, Joni Mitchell, na Beatles, Elvis agus tuilleadh nach iad.



Má thaitníonn na ceoltóirí seo leat, tabhair cluas éisteachta do Rob, tráthnóna Dé Domhnaigh idir a 3 agus a 4 i.n. ar Raidió na Life 106.4FM i mórcheantar Átha Cliath. Is féidir éisteacht leis an stáisiún ar an idirlíon freisin, ar www.raidionalife.ie
*Dé Domhnaigh 3-4i.n.*

## Spin 103.8: Hit 30 na hÉireann

'HIT 30 na hÉireann,' "an cháirt is mó, is tapúla agus is fearr sa tír" ar an stáisiún áitiúil seo i mBaile Átha Cliath. Gach uile tráthnóna Domhnach déanann Daithí Ó Dáibhín comhaireamh síos ar an 30 amhrán is mó sa tír chomh maith le Cáirt na hAlbam agus Cáirt Íoslódála na hÉireann le comhrá bríomhar san áireamh.
*Dé Domhnaigh 5:45-7.45*

ealaín
EALAÍN NA GAELTACHTA TEORANTA
FORBAIRT NA nEALAÍON DÚCHASACHA AGUS COMHAIMSEARTHA

**Scéim na Príomhréimsí**

Mar chuid de Straitéis Forbairt na nEalaíon sa Ghaeltacht beidh Ealaín na Gaeltachta Teo. ag glacadh le h-iarratais ó dhaoine aonair agus ó ghrúpaí leasmhara ar suim leo tionscadail nó seirbhísí ealaíon a fhorbairt nó a sholáthar sa Ghaeltacht sna príomh réimsí forbartha seo a leanas

- Forbairt/ cothú sraith imeachtaí ealaíon do lucht spéise na nEalaíon
- Na hEalaíona a eascraíonn as Traidisiún Béil na Gaeltachta
- Litríocht na Gaeilge
- Ealaíon don Aosach
- Drámaíocht na Gaeilge

Fáilteofar roimh iarratais i rith **Dé hAoine, 11ú Meitheamh 2010** ach réamh phlé a bheith déanta leis an Áisitheoir Ealaíon i do cheantar roimh ré.

**Foláireamh**
Tá maoiniú na scéime seo ag brath ar an leibhéal maoinithe a bheith ar fáil d'Ealaín (na Gaeltachta) Teo don bhliain 2010 agus déanfar athbhreithniú ar na scéimeanna dá réir.

the arts council an chomhairle ealaíon

**Breis eolais le fáil ó na hÁisitheoirí Ealaíon, Oifigí Údarás na Gaeltachta nó ó www.ealain.ie**

Údarás na Gaeltachta

# Lorg na gCloch

STAIR na healaíona ar chlocha greannta na hÉireann is ábhar don scannán gleoite seo. Is é George Morrison an stiúrthóir agus is é John Beckett atá i mbun an cheoil.

Tugtar ar turas sinn trí na haoiseanna ón tréimhse roimh Chríost go dtí aimsir na Normannach. Díol suntais ar leith scannánaíocht álainn Morrison ar na séadchomharthaí agus ar an timpeallacht ina bhfuil siad suite.

Rinneadh athchóiriú agus digitiú ar bhunscannán 1971 a thug na sonraí uile chun tsolais. Tá an tráchtaireacht as Gaeilge agus tá leagan Béarla ar an diosca freisin.Scannán é seo a mbainfidh idir thurasóirí, lucht oideachais agus gnáthphobal taitneamh as.

Tá an DVD ar fáil i siopaí agus ó Ghael Linn (www.gael-linn), Praghas: €12.

# Gradaim agus aitheantas do Rónán agus dá fhoireann

D'ÉIRIGH leis an gcraoltóir aitheanta Rónán Mac Aodha Bhuí dhá dhuais a bhaint amach ag Gradaim Chumarsáide an Oireachtais Dé hAoine seo caite. Bronnadh an gradam do Phearsa Raidió na Bliana air don dara bhliain i ndiaidh a chéile.



Anuas air sin, bhuaigh a chlár, Rónán Beo@ 3 an duais do shraith raidió na bliana. Bhí neart ceiliúradh le déanamh ag foireann Dhoirí Beaga de RTÉ Raidió na Gaeltachta an oíche sin, agus iad lan-sásta leo féin. Ghabh an tUasal Mac Aodha Bhuí buíochas ar leith d'éisteoirí Raidió na Gaeltachta, ag rá gurb iad na héisteoirí "is éirimiúla, is dóighiúla agus is dílse" in Éirinn iad. Bíonn meascán ábhar le cloisteáil ar chlár Rónán, idir cúrsaí ceoil, siamsaíochta, agallaimh, cúrsaí sláinte, scéalta nuachta agus go leor eile. Rinne Séamus Mac Géidigh, Bainisteoir Réigiún an Tuaiscirt, cur síos ar Rónán mar dhuine de mhór-chraoltóirí na tíre i nGaeilge agus i mBéarla. Ardmholadh go deo!

## CEOLTÓIR na Seachtaine

# Labhraíonn Dara Ó Ráinne le John Beag Ó Flatharta


**Céard atá ar siúl agat?**
"Díreach sa mbaile i gConamara. Tá cónaí orm i mo cheantar dúchais timpeall Leitir Mealláin. Tá mé tar éis dlúthdhiosca nua darb ainm 'Coinnigh léi a Sheáin' a chur ar an margadh Déardaoin seo caite, agus bhí an lainseáil Tigh Darby."

**Inis dúinn faoi do dhlúthdhiosca agus faoin inspioráid a bhí taobh thiar de**
"Tá meascán mór amhrán ar an gceirnín cinn a scríobh Ciarán Ó Fatharta as an Máimín, Tom a' tSeoighe as an Sconsa i Leitir Móir, an Ath. Eddie Bheairtle Ó Conghaile, Bidín Ua Clochartaigh, Johnny Seoighe agus Seán Ó Ceóinín.

Tá roinnt amhrán pearsanta air faoi mo shaol féin in Chicago agus cinn eile faoin tsochaí agus mar sin de. Thóg sé tamall an dlúthdhiosca a thaifeadadh in RTÉ Raidió na Gaeltachta agus san Forge Studio i nGaillimh."

Thug neart ceoltóirí tionlacan do John Beag ar an togra seo, daoine ar nós Colm Gannon, Michael Chang agus Ray Diamond.

**Cén sórt aiseolais a fuair tú faoi go dtí seo?**
"Fuaireas a lán aiseolais, go háirithe an tseachtain seo a tháinig an ceirnín amach. Tá an pobal amuigh breá sásta leis an lainseáil a bhí Tigh Darby agus bhí sé plódaithe go doras."




**Inis dúinn faoin bproiseas scríofa atá agat?**
"Scríobh me amhrán amháin ar an dlúthdhiosca. Tosaíonn an próiseas scríofa den chuid is mó le smaoineamh sa chloigeann a fhanann ar an lá go dtagann tionlacan oiriúnach don amhrán sin. Tá sé i gceist agam amach anseo roinnt mhaith amhrán a scríobh má chuirim dlúthdhiosca amach an chéad bhliain eile. Tá próiseas scríofa difriúil ag gach ceoltóir. Céard atá beartaithe agat a dhéanamh amach anseo? Ba breá liom an dlúthdhiosca a lainseáil sa Mhí, i gCiarraí, i Maigh Eo agus i bPort Láirge. Tá clár 35 nóiméid de mo lainseáil le dul amach ar TG4 i mí Mheán Fómhair, sa chlár bheidh mé ag comhrá ar scéal na n-amhrán."

**Cé hiad na ceoltóirí a thug inspioráid duit?**
"Is maith liom Johnny Cash, Jim Reeves agus Meryl Haggard. Bhí stíl álainn ceol tíre acu agus thaitin na hamhráin liom a bhí acu. Tá stíl andifriúil ag ceoltóirí anois, bíonn tionlacan difriúil ag gach ceoltóir. Ba é Luke Kelly an ceoltóir bailéad ab fhearr liom chomh mhaith leis na Wolfe Tones."

**Ar mhiste leat cur síos a dhéanamh ar do stíl féin?**
"Anam, croí, craic agus sonas. Is fearr dhuit sult a bhaint as bailéid scéalaíochta agus amhráin faoi chroí na Gaeilge i gConamara mar a chum Tom agus Ciarán."

**An bhfuil tú gnóthach le ceol sa teach tábhairne?**
"Bím roinnt mhaith gnóthach sna tithe tábhairne. Faighim roinnt mhaith scairteanna; bhí mé ag ceoil fadó i Londain agus in Chicago sula ndeachaigh mé fhéin agus mo mhac Liam go hÉirinn."

**Ceoltóir cáiliúil Chonamara tú a John, an bhfuil tú breá sásta leis an lucht tacaíochta?**
"Tá mé ag ceoil le roinnt mhaith blianta, agus is maith liom a rá go bhfuil an buíochas sin ag dul do mhuintir na hÉireann agus do lucht tacaíochta Chonamara a cheannaigh dlúthdhioscaí.

Tá roinnt mhaith oibre caite ar an CD agus tá mé ansásta leis."

*Tá dlúthdhiosca, 'Coinnigh léi a Sheáin,' John Beag Ó Flatharta á dhíol sna siopaí ar fud Chonamara ar luach €20.*

# An pobal agus a vótaí ag cur iontas ar mholtóirí 'Fame' ar RTÉ

**Le Meadhbh Ní Eadhra**

TÁ Ben Morris, Gaeilgeoir óg as Tamhlacht i mBaile Átha Cliath, sna babhtaí deireanacha de sraith theilifíse RTÉ, 'Fame'. Tá an t-ádh air nár cuireadh amach as an gcomórtas é coicís ó shin, nuair a bhí sé ar an bhfear leis an líon is lú vótaí. Tá an chumhacht ar fad ag an lucht féachana sa chomórtas seo agus roghnaíonn an pobal cé a fhágann an clár.

"Is léir nach leor ardchaighdeán a bhaint amach chun an comórtas seo a bhuachaint. Tá gach rud ag brath ar na vótaí ón lucht féachana. Thuig mé sin nuair a chuir mé isteach ar an gcomórtas, ar ndóigh."

Deis iontach atá anseo do Ben agus mar a mhínigh sé, ba bhreá leis a bheith in ann post gairmiúil a fháil in Éirinn ag aisteoireacht i gceoldrámaí móra. Tá an-phaisean ag Ben don aisteoireacht ach go háirithe. Cé go bhfuil na haisteoirí agus na hamhránaithe óga go léir in iomaíocht lena chéile, níl teannas le brath eatarthu.

"Táimid an-chairdiúil lena chéile agus tá sé ag éirí níos deacra agus níos deacra slán a fhágáil le duine éigin gach seachtain. Bhí muid go léir croíbhriste nuair a d'fhág Caoimhe an seó."

Is duine uaillmhianach é Ben, agus deir sé go bhfuil sé anchosúil le Nick, an carachtar a bheidh aige má éiríonn leis an bua a bhaint a fhál sa chomórtas.

Cé gur aisteoir proifisiúnta é Ben agus cé go bhfuil an-taithí aige ar bheith ag aisteoireacht i gceoldrámaí móra cosúil le 'Cinderella' agus 'Jack and the Beanstalk,' deir sé go mbíonn sé neirbhíseach agus é ag dul amach ar stáitse os comhair na moltóirí.

"Ní minic go mbíonn ort taispeántas a thabhairt agus ansin tuairimí na moltóirí a fháil beagnach láithreach bonn," ar sé. "Is rud neamhghnách é sin agus tá sé deacair dul i dtaithí air."

Tá Gaeilge líofa ag Ben agus nuair a bhí sé ina chónaí i Londain, labhair sé go minic í.

"Bhí pobal mór Éireannach thart orm i dTuaisceart Londain, agus bhí sé iontach an deis a fháil an Ghaeilge a labhairt leo. D'éirigh mo thírghrá níos láidre nuair a d'imigh mé ó Éirinn, mar a tharlaíonn go minic."

Beidh Ben ag canadh 'Home', ón gceoldráma 'The Wizz' Dé Domhnaigh beag seo. Roghnaigh na moltóirí na hamhráin go léir an tseachtain seo agus tá Ben iontach sásta leis an amhrán atá aige. Beidh vótaí ag teastáil go géar uaidh má tá sé le fanacht ar an gclár, agus deir sé go bhfuil an-tacaíocht faighte aige óna theaghlach agus óna chairde. Is é Ben an t-aon iomaitheoir ó Bhaile Átha Cliath atá fágtha sa chlár. Beidh 'Fame' ar siúl ag a 6.30i.n. ar RTÉ Dé Domhnaigh.






# 8 OIDEACHAS

## Uirlisí Gaeilge Oideachasúla á bhforbairt



**Le Gráinne McElwain**

TÁ Máire Ní Chatháin as an Spidéal i gCo. na Gaillimhe ag obair ar uirlisí úrnua oideachasúla Gaeilge chun páistí a spreagadh le Gaeilge a úsáid mar theanga chumarsáide sa seomra ranga sa bhunscoil agus sa mheánscoil.

Beidh curaclam na Gaeilge ag athrú in 2012 agus beidh béim mhór ar an Ghaeilge labhartha don Ardteist . Beidh 40% don scrúdú ag dul ar an teanga labhartha. Chonaic Máire ganntanas sa mhargadh do mhúinteoirí agus tá sí ag obair le ceardaí áitiúil faoi láthair ar chluichí gníomhacha agus míreanna meara a bhunú agus tá siad ag súil go mbeidh siad uilig ar fáil an Fómhar seo chugainn. “Bhí mé ag labhairt le roinnt múinteoirí agus níl na hacmhainní ar fáil sa seomra ranga. Sin an chúis go bhfuil muid ag obair air seo anois”.

Chaith Máire roinnt bliana ag teagasc agus ag dearadh cúrsaí in Ollscoil na hÉireann i nGaillimh. “Thaitin an obair liom agus bhí foireann álainn ann. Bhí mé ag obair mar Fheimeannach Teanga agus bhí go leor riarachacháin i gceist ach b’fhearr liom i bhfad ag plé le daoine. Nuair a rinne mé an cinneadh imeacht ón choláiste, cheap daoine go raibh mé craiceáilte agus bhí sé deacair ach tá sé ag fáil níos éasca. Bhí an spiorad sin ionam i gcónaí rudaí a dhéanamh difriúil. Bheadh an saol ag dul i leadrán dá mbeadh sé mar a chéile chuile lá. ”

Bhunaigh Máire a comhlacht féin “Abair Amach é” dhá bhliain ó shin agus cuireann sí seirbhísí cainte, aistriúcháin, léimh agus cóitseála trí mheán na Gaeilge ar fáil. “Tagann cliaint chugam chun feabhas a chur ar a gcuid Gaeilge agus iad ag iarraidh rudaí a rá amach ar an bhealach is éifeachtaí. Go leor de na cásanna bíonn siad ag iarraidh ullmhú don agallamh agus ní bhíonn mórán ama acu ná agamsa le réiteach. Tagann múinteoirí, daltaí scoile, comhairleoirí contae, polaiteoirí agus gnáthdhaoine anseo ag iarraidh cuidiú agus is breá liom an réimse éagsúil daoine a bhíonn ann.”

“Bíonn náire ar dhaoine uaireanta teacht mar go gceapann siad go mba chóir go mbeadh gach rud ar eolas acu. Bíonn daoine an-chrua agus diúltach leo féin agus uaireanta is muid féin an namhaid is measa atá againn féin. In ionad a bheith diúltach agus ag tabhairt amach fúinn féin, b’fhiú muid féin á moladh agus a rá anois táim in ann seo a dhéanamh.”

“Ciallaíonn cóitseáil domsa daoine a chur ar a gcompord agus an tallann atá acu a úsáid chomh maith agus a is féidir leo. Tá buanna againn ar fad agus an rud is measa gan na buanna seo a úsáid agus is féidir le gach duine a bheith níos treallúsaí agus go n-iarrfaidh siad na rudaí atá siad ag iarraidh a rá agus nach mbeidh aon doiléire i gceist”.

B’fhéidir nach bhfuil roinnt daoine tógtha leis an ghramadach sa Ghaeilge ach dar le Máire, tá sé ríthábhachtach a bheith cruinn. “Braithimse ar an ghramadach mar eochair agus bunchloch na teanga, osclaíonn sí gach doras. Is teanga chasta í an Ghaeilge ach tá sí go hálainn”. Chun dul i dteagmháil le Máire, cuir scairt uirthi ar 087-7794919 nó ríomhphost chuig eolas@abairamache.com

**CÚRSAÍ TEAGHLAIGH**

## Cúrsaí Leighis as Gaeilge

### An bhfuil Gaeilge ag do dhochtúir? Tá an ceart agat an cheist a chur!

**Le Meadhbh Ní Eadhra**

CUIREADH taighde nua i láthair ag comhdháil Acadamh na Lianna i nGaillimh an deireadh seachtaine seo caite. Is eagraíocht ar leith é seo do lucht leighis le spéis sa Ghaeilge. Bunaíodh sa bhliain 1968 é agus tá os cionn céad ball acu faoi láthair.

Labhair Máirtín Ó Maoláin, mac léinn leighis ó Ollscoil na hÉireann Gaillimh, faoi thaighde ceannródaíoch a rinne sé i dtaobh na Gaeilge in Ospidéal na Gaillimhe. “Meoin i dtaobh na Gaeilge i measc na foirne agus na n-othar in ospidéal géar-mhíochaine” an teideal a bhí ar an tionscadal. Bhí 170 ball foirne agus 50 othar páirteach sa taighde, agus mar a dúirt an tUasal Ó Maoláin, beidh forbairt á déanamh ar an tionscnamh amach anseo, mar go bhfuil an oiread sin spéise curtha ann.

Dúirt 80% den fhoireann a cuireadh faoi agallamh go ndéanfadh siad iarracht labhairt leis na hothair i nGaeilge dá mbeadh a fhios acu go raibh Gaeilge ag na hothair sin. Mar sin, ceann de na moltaí atá déanta ag Ó Maoláin mar thoradh ar an taighde seo, ná go mbeadh bosca ar leith ar chairt na n-othar a léireodh stádas teanga na n-othar. Fiafraíodh den fhoireann freisin an raibh siad ar an eolas go raibh Oifigeach Gaeilge ag Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte, agus dúirt 73% nach raibh. Bhí líon níos airde fós de na hothair nach raibh eolas acu ar an Oifigeach Teanga, is é sin 84%.

Mar sin, cé go bhfuil Oifigeach Teanga fostaithe ag an FSS, is léir nach bhfuil gaol cothaithe acu le foireann ná le hothair an ospidéil. Luaitear sa taighde freisin go raibh spéis ag trí cheathrú den fhoireann a ceistíodh, freastal ar ranganna Gaeilge dá mbeadh siad ar fáil. Is cinnte mar sin go bhfuil meon dearfach i leith na Gaeilge san ospidéal, ach tá deiseanna ann an teanga a chur chun cinn ar go leor bealaí eile. Mar chuid d’Acht na dTeangacha Oifigiúla (2003), tá sé de dhualgas ar an FSS scéim Ghaeilge a bheith acu. Mar sin, taighde fiúntach a bhí anseo a osclaíonn deiseanna chun an Ghaeilge a chur chun cinn i saol an leighis.



**Bhí ócáid stairiúil ar Choláiste Feirste inné 24 Bealtaine, nuair a bhronn an t-Aire Oideachais, Caitríona Ruane, teastais OCN i gCeannaireacht na hÓige ar 15 dhuine óga as Béal Feirste.**

## Gradaim na Gaeilge bronnta ar dhíograiseoirí teanga in Ollscoil Chorcaí

**Le Meadhbh Ní Eadhra**

BA iad Julanne Ní Mhurchú agus Neil Ó Briain a rug Gradam na Gaeilge leo i mbliana. Is duais ar leith é seo a bhronann Coláiste na hOllscoile Corcaigh ar mhic léinn gach bliain. Tá an duais €1000 urraithe ag Banc na hÉireann. Rinne Julanne agus Neil an-chuid oibre ar son na Gaeilge i rith na bliana agus mar gheall ar chumas na beirte agus an díograis a léiríodar, shocraigh na moltóirí go roinnfear an duais eatarthu. Bronnadh an Gradam seo ar na mic léinn ag ócáid a eagraíodh san Ollscoil. Ba í Meadhbh Harrington agus Bainisteoir an Bhainc, Gerry Ryan, a rinne an bronnadh. Bhí triúr moltóir ann agus reáchtáladh an Gradam faoi choimirce Choiste Gnó Bhord na Gaeilge.

# *Watch*áil do theanga!

## Ábhar don Fhoghlaimeoir Ghaeilge

**Le Séamus Ó Coileáin**

AG léamh Gaelscéal dom tamall ó shin thána ar an abairt seo, 'mar gheall gur páistí as Conamara iad níor thuig Diarmad an focal doirteal'. Cén focal a bheadh ag Diarma[i]d ar an ní sin a bhíonn sa chistin agus sa seomra folctha agus a gcuirtear uisce isteach ann le haghaidh níocháin?

Ní foláir gur sink a bheadh aige air fearacht go leor leor cainteoirí dúchais eile thart timpeall air. Chuimhníos ansin ar an uair go rabhas ag plé oideas dochtúra i gcomhair piolla(ir)í le mic léinn agus go ndúirt na cainteoirí dúchais liom nach in 'an chaoi a ndéarfadh muide é.' 'Cad a bheadh agaibh?' a d'fhiafraíos díobh. 'Prescription le haghaidh tablets.'

Tá cara agam, a bhfuil Gaeilge den chéadscoth aici ó dhúchas agus a bhfuil ardoideachas sa Ghaeilge uirthi leis, a mbíonn a cuid cainte breac leis na focail Bhéarla seo agus í ag caint le daoine ón gceantar céanna léi. I bhformhór na gcás, tá a fhios aici an leagan Gaeilge ach roghnaíonn sí go coinsiasach dul i muinín an Bhéarla ós rud é gurb in is nós le daoine eile. Is ábhar díomá é seo, dar liom.

Tá daoine agus deirid gur teanga mharbh í an Ghaeilge agus nach féidir le cainteoirí Gaeilge iad féin a chur in iúl san aonú haois is fiche. Tugann nósanna agus cleachtais den tsórt so armlón dóibh le hionsaí a dhéanamh ar an dteangain agus is trua san.

Tá dhá shaghas téarma i gceist anso agus ní mór idirdhealú a dhéanamh eatarthu. Ar an gcéad dul síos tá focail choitianta a bhfuil Gaeilge orthu le fada an lá agus ar chóir an leagan Gaeilge sin a bheith ar eolas ag cách. Áirím anseo focail cosúil le jam, friends, happy, alright, so, meetáil, ringeáil, away leis, an-time, sean(a)lady, ag tickeáil over, ag chatáil suas, turnáil sé suas, etc. Liosta le háireamh is ea é. I gcás go leor acu dhéanfadh focal amháin Gaeilge cúis ach i gcás cuid acu níor mhór dul i muinín na timchainte, cuir i gcás 'chonacthas arís é/tháinig sé i láthair' etc. Admhaím go bhfuil coincheapa áirithe ann a bhfuil sé deacair iad a chur in iúl ar an dtoirt, cuir i gcás excited agus to join. Tharlódh i gcás an dara ceann díobh sin gur chóir traslitriú a dhéanamh agus 'jaidhneáil' a thabhairt isteach sa teanga. D'fhéadfaimis club sacair a jaidhneáil nó dhá phíosa adhmaid a jaidhneáil lena chéile. Nach iomaí focal eile a tugadh isteach sa teangain ar an mbonn céanna. Cén uair go díreach a stopamair ag 'Gaelú' na bhfocal seo? Ná dhein an Nualánach trácht ar na dibhearseans agus na haidhbhintiurs a bhain do Bhónapárt Ó Cúnasa! Tá sé in am dúinn féachaint go grinn air seo, go háirithe agus foclóir nua amháin ar a laghad á chur le chéile.

Pé scéal é, cad is féidir a dhéanamh chun leaganacha Gaeilge na bhfocal so ar fad a chur ag cúrsaíocht? Ar chóir a leithéid a dhéanamh in aon chor? An cuma nach bhfuil na focail seo in úsáid ag cainteoirí dúchais agus go samhlaítear iad le 'teanga na leabhar' agus le foghlaimeoirí? I gcás an ghrúpa so focal, ceist athraithe meoin is ea é tabhairt ar chainteoirí dúchais úsáid a bhaint astu. Ní mór aird a tharraingt ar an scéal agus tabhairt ar dhaoine machnamh a dhéanamh ar an gceist. Is dóigh liom gurbh fhurasta go leor tabhairt ar dhaoine na focail Bhéarla so a dhíbirt nó a n-úsáid a mhaolú agus go bhféadfaí a leithéid a dhéanamh laistigh de thréimhse glúine amháin dá gcuirfí chuige i gceart.

Ar an dara dul síos, tá téarmaí teicniúla i gceist. Is féidir iad so a roinnt ina dhá ngrúpa: a) téarmaí a bhfuil a gcomhthéarmaí Béarla i mbéal an phobail (cuir i gcás codanna de ghluaisteán, clutch, accelerator, windscreen, boot; nó fridge, freezer, dishwasher, remote control etc.); agus b) téarmaí nach mbeadh cur amach ach ag dream beag ar a gcomhthéarmaí Béarla (cuir i gcás ionisation, scintillation, prosthesis, etc.) Murab ionann is na focail a pléadh thuas níl comhleaganacha Gaeilge na bhfocal so ar eolas ag go leor daoine ar an ábhar gur téarmaí iad go leor díobh a cumadh 'go lárnach' agus go raibh fáil ar na leaganacha Béarla sula raibh fáil ar na leaganacha Gaeilge. Go deimhin féin, tá obair sholáthartha na dtéarmaí sin ar siúl go leanúnach go háirithe i gcás ghrúpa b. Is le fás thionscal an aistriúcháin atá éileamh ar leaganacha Gaeilge na bhfocal so.

Bead ag caint amach anso ar chúrsaí aistriúcháin agus ar chumadh téarmaíochta. Is deacair liom a shamhlú go bhféadfaí tabhairt ar dhaoine eolas a chur ar leaganacha Gaeilge na dtéarmaí seo ná úsáid a bhaint astu sa ghnáthchaint. Cá bhfágann sé sin sinn? Cad deir sé faoi chúrsaí téarmaíochta? Cá bhfuil ár dtriall mar theanga?

DCU

Léachtóir Gaeilge – teagasc na teanga

**Conradh dhá bhliain ag tosú Meán Fómhair 2010**

Post léachtóireachta é seo a mbaineann dualgais teagaisc agus taighde leis. Tá folúntas ar an bhfoireann teagaisc do léachtóir Gaeilge a ghlacfaidh cúram de mhúineadh na teanga agus a léireoidh ceannaireacht acadúil i bhforbairt modheolaíochtaí teagaisc agus foghlama. Beidh dualgais teagaisc ar leibhéal bunchéime agus iarchéime i gceist.
Beidh an léachtóir rannpháirteach freisin i ngnéithe áirithe de thionscadail taighde FIONTAR: www.focal.ie; www.logainm.ie; www.ainm.ie; www.iate.europa.eu (na téarmaí Gaeilge).
**Cailíochtaí/taithí**
Beidh bunchéim onóracha sa Ghaeilge ag an léachtóir a cheapfar mar aon le taithí trí bliana sa teagasc agus/nó sa taighde. Beidh iarchéim i réimse cuí ag an iarrthóir agus beifear ag súil go mbeidh PhD bainte amach nó idir lámha aige/aici.
**Scála Tuarastail: €41,502-€43,181**
Spriocdháta iarratais: Dé hAoine, 14 Meitheamh 2010.

Breis eolais agus foirmeacha iarratais:
www.dcu.ie/vacancies/current.shtml
R-phost: hr.applications@dcu.ie
Fostóir comhdheiseanna is ea Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath.

*Tá formhór na dtionscadal taighde seo páirtmhaoinithe ag an Roinn Gnóthaí Pobail Tuaithe agus Gaeltachta.*

An Roinn Gnóthaí Pobail, Tuaithe agus Gaeltachta
Department of Community, Rural and Gaeltacht Affairs

# Scéim Dheontas na Mac Léinn níos fearr

**Le hÁine Seagrave**

CHUIR Aontas na Mac Léinn in Éirinn fáilte roimh fhógra faoi scéim dheontas na mac léinn 2010 agus córas iarratas ar dheontas níos fearr á thabhairt isteach.

Beidh na foirmeacha iarratais le haghaidh na ndeontas cothabhála ar fáil níos luaithe ná riamh agus is féidir le mic léinn iad a íoslódáil ón idirlíon, a dúirt an tAire Oideachais, Mary Coughlan.


Deir Peter Mannion, Uachtarán an Aontais "Tá imid muiníneach go mbeidh an fhoirm iarratais níos éasca ná na foirmeacha a bhí ann go dtí seo."

Cé go gcuireann Aontas na Mac Léinn fáilte roimh an fheabhsú, tá siad fós ag déanamh iarrachtaí chun an cinneadh le deireadh a chur le cáilíocht an mhic léinn lánfhásta le haghaidh deontais chothabhála a aisiompú.

Creideann an tAontas nach mbeidh an cumas ag formhór na mac léinn lánfhásta dul isteach san oideachas tríú leibhéal gan an deontas agus go gcaithfidh neart mic léinn lánfhásta (reatha) a gcuid cúrsaí a fhágáil mar gheall air sin.

"Leanfaidh feachtas an Aontais chun cóirithe móra a dhéanamh ar an gcóras deontais cothabhála iomlán agus próiseáil láithreach chun an Bille um Thacaíocht do Mhic Léinn a chur trí thithe an Oireachtais" arsa Mannion.

## Crosfhocal 28.05.2010



### NODANNA

**TRASNA**
1 Ar an taobh amuigh (8)
4 Deireadh; nó imeall tíre (6)
6 Ó thír eile, eachtrannach (6)
9 Bealach, dóigh (4)
10 Druma láimhe traidisiúnta na hÉireann (7)
11 Uisce ar an fhéar céad rud ar maidin (6)
13 Clocha ina luí ar bharr a chéile (4)
15 Bain úsáid as na cluasa (4)
17 Foilseachán, nó bean chéile Peter Robinson fiú (4)
21 Focal beag a chuireann coinníoll in abairt (2)
22 Macánta, ionraic (6)
23 Athrú a dhéanamh ar dhlíthe nó bilí sa Dáil (5)
24 Beart, rud á dhéanamh (6)
25 Slat, píosa adhmaid a chuidíonn le duine a shiúil (5)

**SÍOS**
1 Ar dhóigh, ar fheabhas, den ----- (5)
3 Scrios, loit (4)
5 Sé seachtaine troscaidh roimh an Cháisc (7)
6 Álainn, go deas (7)
7 Beart a dhéanamh go mailíseach le 'aisíoc' ar bheart duine eile (7)
8 Múineadh, ceachtanna ar scoil (8)
9 Cáil, iomrá (3)
11 Olc, a mhalairt ar 'maith' (4)
12 Cineál (3)
14 Rudaí atá le déanamh scríofa in ord (6)
16 Páiste, cailín (5)
18 Gortaithe le scian nó claíomh (5)
19 Amhrán naofa in eaglais (4)
20 Féile, féasta, coirm (4)

**Crosfhocal**
21.05.2010

**Buaiteoir na Seachtaine seo:**
Sal Uí Fhlatharta
An Caorán Mór
An Cheathrú Rua
Co. na Gaillimhe



### Duais na seachtaine

Bronnfar rogha leabhar Gaeilge ar bhuaiteoir na seachtaine.
Ní mór iarratais a bheith ar ais roimh 2 Meitheamh, 2010 chuig: Crosfhocal, Gaelscéal, An Chuasnóg, An Spidéal, Co na Gaillimhe.

Ainm ..............................................................

Seoladh ..............................................................

Uimhir Fóin..........................................

# 9 MIONFHÓGRAÍ

## Coláistí Chorca Dhuibhne Teo.

**Baile an Fheirtéaraigh, Trá Lí, Co. Chiarraí.**
**Fón: 066-9156100, Facs: 066-9156348 R-Phost: cfcd@cfcd.ie**

**Coláistí Samhraidh**


Áiteanna ar fáil sna Coláistí Samhraidh do dhaltaí 10 - 18 mbliana

**30 Meitheamh - 22 Iúil**
**23 Iúil - 14 Lúnasa**

## DRÁMAÍ GAEILGE

Ceardlanna • Léirithe • Leabharlann ar Líne
**www.drama-gaeilge.com**
An Comhlachas Náisiúnta Drámaíochta
Camas, Conamara
091-574146

Tóg mionfhógra linn ar feadh 10 seachtain ar chostas iomlán de €20.00 in aghaidh na seachtaine. Is cuma más seirbhís nó gnó é, ócáid nó ceol, seol chugainn é agus cuirfidh muid i gcló é. 4cm x 2cm costas €20.00 (+CBL21%). Iomlán €242.00
**Glaoigh ar Patricia ag 086 -0234251 nó fograi@gaelsceal.ie**




**www.COISCEIM.ie**

Coisceím. Foilsitheoirí leabhair Gaeilge




Ar bhfuair tú Do Leabhar le déanaí?


## Louis Mulcahy

**Siopa agus Caifé oscailte 7 lá sa tseachtain**

Clothar, Baile'n Fheirtéaraigh,
An Daingean, Co. Chiarraí
Fón: 066 9156229 Faics: 066 9156366
dingle@louismulcahy.com

"Ionad ar leith is ea Potadóireacht na Caolóige" R.T.E. Guide

"Tugann siad gliondar dom' chroí!" Mary Adams, Luimneach



Potadóireacht na Caolóige
www.louismulcahy.com

## Gaelscéal

www.gaelsceal.ie




## Oireachtas

Tír agus Teanga

**Spriocdháta iontrála do Chomórtais Liteartha an Oireachtais**

**1 Iúil 2010**

Oifig an Oireachtais
6 Sráid Fhearchair,
Baile Átha Cliath 2.
01/4753857
eolas@antoireachtas.ie

## Park Lodge Hotel

Óstán na Páirce, An Spidéal
Spiddal, Co. Galway

**I gcóir do bhainis nó cóisir**
**Glaoigh ar 091 553159**
**www.parklodgehotel.ie**

## GO PLAY® LIMITED

Quality Play Equipment

Brian Silke
Director

Mobile: 087 6823175
Office: 093 41100
E-Mail: bsilke@goplay.ie
Web: www.goplay.ie
Corofin, Tuam, Co. Galway

## Gael Linn

**Coláistí Samhraidh (Meitheamh-Lúnasa).**
**Líon teoranta áiteanna ar fáil.**
**Dún na nGall- Maigh Eo- Corcaigh**
**1890 675675**
**ww.gael-linn.ie**

# Lance na Láimhe Láidre, Landis agus na Líomhaintí



Le Páidí Ó Lionáird

SEACHTAIN dhochreidte rothaíochta. Faraor go raibh mo chuid seolta an tseachtain seo caite faoin am gur chualathas faoina raibh le rá ag Floyd Landis, buaiteoir dícháilithe agus náirithe an Tour De France in 2006. D'admhaigh sé gur ghlac sé drugaí le linn an tséasúir sin.

Níor stop sé ansan áfach. Lean sé air á rá gur cuid de chultúr na bhfoirne rothaíochta a bhí ann, go háirithe le linn a thréimhse leis an bhfoireann US Postal ó 2002 go 2004 - tréimhse ina raibh Lance Armstrong ina cheannaire ar an bhfoireann úd agus i measc na 7 mbliana gur bhuaigh sé an Tour. Mhaígh Landis go raibh a chomhghleacaithe ciontach sa choir chéanna, dópáil rialta le linn an tséasúir. Ina measc siúd gur ainmnigh sé bhí Lance na Láimhe Láidre agus Seoirse Mór Hincapie - iad ar fad faoi stiúir an bhainisteora Johan Bruyneel. Deir Landis fiú gur faoi orduithe Bhruyneel a fuair sé a chéad insteal-ladh erythropoietin nó EPO ó Lance Armstrong!




Lance Armstrong. PICTIÚR: SPORTSFILE

Tá na líomhaintí seo pléascach. Tá siad níos contúirtí ná aon líomhaintí eile a cuireadh i leith Armstrong roimhe seo. Cinnte tá a shaol rothaíochta gairmiúla caite ag fear Texas ag tabhairt agus ag glacadh dúshláin ó éagsúlacht foinsí - Paul Kimmage na hÉireann ina measc (féach youtube). Ar ndóigh ní bhfuarthas aon fhianaise riamh a chuirfeadh smál ar Armstrong ach tá na líomhaintí seo difriúil. Tá siad ag teacht ó dhuine a bhí ar an dtaobh istigh i dteannta na Láimhe Láidre. Ball foirne, comhghleacaí agus duine atá ag lorg a bhealaigh ar ais isteach i gcroíthe a mhuintire féin.

Ní mór nóiméad a ghlacadh ag cur chúlra an fhir seo i gcomhthéacs. Tógadh Landis i Farmersville, Pennsylvania mar Mheinniníteach deabhóideach - (an-chosúil le hAmanaigh - dian-chreideamh Críostaí agus iad an-tugtha do bhaisteadh lán-fhásta). Is beag teagmháil a bheadh ag Landis leis an “ndomhan mór” agus é ag fás aníos, ar an bhformhór mór é teoranta don gcor-chuaird ar an mbaile áitiúil d'éagsúlacht sóláistí. Saol simplí suaimhneach tuaithe a bheadh caite aige gan aon truailliú teilifíse ná gléasra nua-aimseartha ar nós gluaisteán ná aon ní mar sin. Simplí, bunúsach, cráifeach. É sin ar fad go dtí gur tugadh faoi ndeara go raibh cumas mínádúrtha rothaíochta aige.

Ní mó ná sásta a bhí a athair leis an bhfonn seo a bhí ar a mhac tabhairt faoi ghníomhaíochtaí “gan mhaith” agus thriail sé srian a chur air trí bhreis dualgas a chur air. Ceal ama chun traenála, théadh Landis óg amach i mbun traenála i lár na hoíche. Bhuaigh sé gach rás a cuireadh roimhe agus diaidh ar ndiaidh chuir a athair fíor-shuim i mbuanna a mhic. Is sa chomhthéacs sin ar fad a chaithfear glacadh lena bhfuil á rá anois aige faoina shaol mar rothaí gairmiúil. Tá sé ag lorg bealach ar ais chuig a mhuintir féin, chuig a dhúchas Críostaí agus a chreideamh. Sin a cheapaimse ar aon nós ach tá cor-chasadh eile a chaithfear a chur san áireamh freisin i mo thuairimse.

Tá am na sceithiúintí seo an-ábhartha. Ins na ríomhphoist a sheol sé chuig an iliomad oifigeach sinsearach i saol na rothaíochta idirnáisiúnta, an tÉireannach Pat McQuaid, Uachtarán an UCI, ina measc, chuir sé síos go mion beacht ar na dátaí, ar na hócáidí agus ar gach ar bhain lena mhí-úsáid féin agus le mí-úsáid a chomhghleacaithe. Dhein sé é seo mar go raibh reacht na dtréimhsí dlí ag teannadh leo. Deir sé gur dhein sé é seo ar fad mar ábhar faoistine. Bhuel, tá súil agam nach raibh aon bhaint aige sin le diúltú lucht eagruithe Chamchuairt Chalifornia dá fhoireann Bahati Foundation páirt a ghlacadh ann. Tá cor-chasadh sa scéal seo fós.

# Giro, California agus an Rás

Le Páidí Ó Lionáird

TÁ camchuairt amháin thart, dhá cheann eile ag teacht chun clabhsúir. In California, SAM, bhí seachtain iontach rásaíochta acu le cuid de na laochra móra Meiriceánacha ag glacadh páirte ann. Níorbh iad a bhainfeadh an sméar mullaigh amach áfach mar gur leis an Astrálach Michael Rogers (HTC Columbia - 33.08.30) a rachadh an gradam sin. Chuir sé tréan-iarracht isteach i ngach ceann de na 8 staid d'fhonn a shrón a choimeád chun cinn ar David Zabriskie (Garmin Transitions +00.09) sa dara háit agus Levi Leipheimer (Radioshack +00.25) a chríochnaigh sa tríú háit.

Tá go leor fós le teacht áfach ar an dtaobh seo den Atlantach. Tá 16 staid as 21 déanta agus mé ag scríobh agus is é an Spáinneach David Arroyo Duran (Caisse d'Epargne) atá chun cinn ach níl



PICTIÚR: SPORTSFILE

oiread is coiscéim coiligh idir é agus triúr fíochmhar atá sa tóir air - an tIodálach Ivan Basso a bhuaigh an Giro cheana in 2006 agus beirt Astrálach - Richie Porte (Saxo-Bank) agus an Curadh Domhanda Cadel Evans (BMC) agus iadsan laistigh de 3 nóiméad ón maillot Rosa. Tá siad go domhain ins na sléibhte anois agus is ann a chuireann Evans agus Basso barr feabhais ar a gceird. Tá siad ag rothaíocht idir Breschia agus Aprica inniu - 195 km ach sléibhte arda. Tá rothaithe Rás FBD Insurance gar do bhaile duine dár laochra rothaíochta féin, Seán Kelly - iad ag rothaíocht idir Carraig na Siúire agus Guaire. Rás fíor-oscailte atá ann i mbliana agus gan ach 2 nóiméad idir an chéad 11 rothaí; d'fhéadfadh éinne an bua a bhaint amach. I ndiaidh eachtra thubaisteach an Luain, nuair a chinn tiománaí jíp é a thiomáint in aghaidh na rothaithe a bhí ag teacht le fána ina choinnibh (gortaíodh ceathrar, beirt go dona). Timpiste a bhí ann ach fós, níor cheart go dtarlódh aon ní dá leithéid i rás gairmiúil. Agus mé ag scríobh tá fear Namibia, Dan Craven (Rapha Condor Sharp) fós ag barr an ardáin agus an geansaí buí ar a ghuaile aige ach ceapaim gur mó seans atá ag na hÉireannaigh Andrew Roche (Motorpoint Marshalls Pasta) nó buaiteoir staid na Máirte, David O' Loughlin (An Post, Seán Kelly) an Rás a bhreith leo de bharr na sár-aithne atá acu ar an gcúrsa ata rompu, go háirithe na cnoic idir Guaire agus Cill Chuilinn.

Críochnóidh an Rás agus an Giro Dé Domhnaigh.



Deireadh le foireann Pheil na mBan i Maigh Eo?
PICTIÚR: PAUL MOHAN / SPORTSFILE

# 'Praiseach' pheil na mban i Maigh Eo

Le Piaras Ó Raghallaigh

TÁ Coiste Peile na mBan i Maigh Eo tar éis an fhoireann sinsir a tharraing amach ón gCraobhchomórtas i mbliana. Rinne Bord na mBan i Maigh Eo an cinneadh an tseachtain seo tar éis do Pat Costello, an bainisteoir, éirí as de dheasca imreoirí ag lagú a údaráis le déanaí.

Dúirt imreoirí, cuid acu atá tar éis imirt le breis is deich mbliana anuas agus Cora Staunton ina measc, go bhfuil an-díomá orthu. Dúirt iar-pheileadóir de chuid Mhaigh Eo, Denise Horan, gur céim mhór chun cúil é seo. Dúirt sí go bhfuil aiféala ollmhór uirthi. “Laghdóigh sé an Craobhchomórtas agus is botún mór é do pheil na mban i Maigh Eo agus sa tír,” a deir sí.

“Ceapaim go bhfuil a lán slite eile ann chun an fhadhb a réiteach. Tugann sé droch-íomhá don chluiche agus do chailíní óga atá ag iarraidh imirt do Mhaigh Eo. Is míghar mór é do na himreoirí, do bhaill na gclubanna éagsúla agus do thuismitheoirí atá ag cur na peile chun cinn sa chontae. Caithfear teacht ar réiteach go luath don todhchaí amach romhainn,” a deir sí.

Dúirt Pat Costello, bainisteoir Mhaigh Eo, go bhfuil a chinneadh déanta aige agus nach mbeidh sé ag filleadh ar a phost arís.

GAELSCÉAL
Dé hAoine, 28 Bealtaine, 2010

# “Aon duine ag díol nó ag ceannach cúpla ticéad”



Le John Allen

Roimh an mbliain dhá mhíle is a dó bhí an-tábhacht ag baint leis an chéad bhabhta de na cluichí cúige sa pheil agus san iomáint mar, dá mba rud é gur chaill tú do chéad chluiche, bheadh do shéasúr thart.

Anois ní thosaíonn na craobhchluichí i gceart go dtí níos déanaí. Tá eisceacht ar gach riail dar ndóigh agus ar an Domhnach beag seo i bPáirc Uí Chaoimh beidh coimhlint fhíor-ghéar ann agus, cé go bhfuil seans eile ag an fhoireann a chailleann, ní bheidh ceachtar den dá fhoireann ag géilleadh go héasca. Tá an méid sin traidisiúin, staire, agus torthaí gan choinne ag baint le cluichí craoibhe idir Corcaigh agus Tiobraid Árann go bhfuil sé an-deacair tuar a dhéanamh ar aon chluiche idir na contaetha.

Beidh sé mar an gcéanna an deireadh seachtaine seo. Le trí bliana anuas, bhí an lámh in uachtar ag na Tiobradaigh ach thaispeáin Corcaigh nach bhfuil mórán idir na foirne sa chluiche sraithe i mbliana. Bhuaigh Corcaigh agus, dá bharr san, tá siad ag dul isteach sa chluiche seo le mórán dóchais. Thaispeáin foireann Liam Sheedy anuraidh go rabhadar beagnach ullamh le coróin na seaimpíní a chaitheamh áfach. Ach sin anuraidh.

Ar an Domhnach is cosúil go mbeidh Páirc Uí Chaoimh lán go doras agus nach iontach an radharc é, lucht leanta ón dá thaobh ag siúl le chéile ó lár na cathrach síos go ceantar na Carraige Duibhe, geansaithe nuacheannaithe ar chuid díobh agus mórán geansaithe eile nach iad ar ‘chaon sórt coirp. Gan dabht cloisfimid an liú “aon duine ag díol nó ag ceannach cúpla ticéad.” Beidh na mangairí uachtar reoite agus burgers ann agus gan dabht cloisfimid an glaoch “hataí, bratanna agus dathanna” agus muid ag iarraidh an cluiche a phlé agus a athphlé roimh chaitheamh isteach an sliotair. Is annamh nach mbíonn ráfla faoi imreoir éigin a bheith gortaithe agus, dar ndóigh, is ó ‘fhoinse inchreidte’ a thagann an scéal i gcónaí.

Tá na Tiobradaigh ag dul isteach sa chluiche le mórán ceisteanna faoi na tosaithe. Níl mórán foghlamtha acu ón Mheán Fómhair seo caite i mo thuairim. Ta ráflaí ag taisteal timpeall faoi thosaí óg, Brian O’Meara, a d’fheadfadh imirt sa chluiche tábhachtach seo cé nár imir sé aon nóiméad des na cluichí sraithe. Tá Eoin Kelly ag dul go maith agus níl aon dabht ach gur sar-imreoirí iad Callanan, McGrath agus Corbett ach níl ‘form’ léirithe acu i mbliana.

**Tá na Tiobradaigh ag dul isteach sa chluiche le mórán ceisteanna faoi na tosaithe. Níl mórán foghlamtha acu ó Mheán Fómhair seo caite i mo thuairim. Ta ráflaí ag taisteal timpeall faoi thosaí óg, Brian O'Meara, a d'fhéadfadh imirt sa chluiche tábhachtach seo cé nár imir sé aon nóiméad des na cluichí sraithe.**

Chomh maith leis sin ní dóigh liom go bhfuil fear lár páirce buan faighte acu a thabharfaidh cúnamh go Shane McGrath . Tríd is tríd, tá na cúlaithe dlúth go leor.

Mar a luaigh mé an tseachtain seo caite, ní dóigh liom go bhfuil Corcaigh sásta faoin chaoi ina bhfuil siad i láthair na huaire ach an oiread. Mar aon le Tiobraid Árann tá mórán ceisteanna faoi na tosaithe.

I ndeireadh na dála braitheann an cluiche ar ghoile mar ceapaim go bhfuil an dá fhoireann cothrom go leor ó thaobh imreoirí de. B’fhéidir go gcabhróidh “dlí na meán” le Corcaigh an uair seo mar aon le níos mó goile agus an cluiche sa bhaile acu.

Tráthnóna Dé Sathairn cuirfidh an Ghaillimh tús lena gcéad aistear iomána eile i mbliana. Léirigh siad le déanaí gurb iad an fhoireann is gaire do Chill Chainnigh i láthair na huaire iad. Chonaiceamar an bhearna ollmhór ó thaobh caighdeáin de a bhí idir na foirne i roinn a haon agus a dó sa dá chraobh sraithe. Bunaithe air sin amháin ba cheart go mbeadh bua éasca ag na Gaillimhigh. Ach…nach minic thar na blianta a chonaiceamar fir an iarthair go hiontach Domhnach amháin agus ansin go hainnis an chéad chluiche eile.

Caithfidh siad ullmhú do gach cluiche anois mar a bheadh a gcluiche deireanach ann. Caithfidh siad meas ceart a thabhairt don fhreasúra agus caithfidh siad a gcluichí a chríochnú amach nuair a bhíonn siad in uachtar.

Ta Loch Garman ag treabhadh leo ach beidh sé an-deacair orthu caighdeán fhir John McIntyre a shroicheadh i ndiaidh dhá bhliain a chaitheamh sa dara roinn den tsraith. Gheobhadh Keith Rossiter,Darren Stamp agus Diarmuid Lyng a n-áiteanna ar bhformhór na bhfoirne is fearr sa tír agus is deas Eoin Quigley a fheiceáil i mbarr a shláinte arís. Ach ní dóigh liom go mbeidh siad maith go leor an Satharn seo agus beidh orthu bheith sásta an cúldoras a úsáid chun dul chun cinn a dhéanamh arís i mbliana .

Beir Bua

# Súil ar an Liathróid

Le Gráinne McElwain




Gaillimh ag cur tús lena bhfeachtas Craoibhe PICTIÚR: DAVID MAHER / SPORTSFILE

**Craobhchluichí Peile agus Iománaíochta**
**Dé Sathairn 29ú Bealtaine**
**Craobh Iomána Uladh- Na Cluichí Ceathrú Ceannais**
Páirc Mhic Easmainn @ 2.30i.n
**Doire v Londain**
Bhuaigh Doire ar Londain go héasca sa tSraith 5-16 in aghaidh 0-8. Ní raibh Sraith iontach ag Londain agus ba chóir go mbeadh Doire níos láidre. Bua: Doire. @ 4.30i.n
**An Dún v Ard Mhacha**
Seo an chéad chluiche ag an Dún sa chomórtas Craoibhe le buanna maithe ag Ard Mhacha ar Dhún na nGall agus Tír Eoghain. An Dún chun an cluiche seo a bhaint. Bua: An Dún.
**Craobh Iomána Laighean- Cluiche Ceathrú Ceannais**
Páirc Uí Nualláin @ 7.00i.n.
**Gaillimh v Loch Garman**
Tús maith leath na hoibre le Comórtas na Sraithe i roinn a haon agus a dó buaite ag Gaillimh agus Loch Garman. Bhí gortuithe ag cur as d’ Ollie Canning, Ger Farragher agus Dónal Barry ach tá siad ábalta imirt anois. Ní bheidh Fergal Moore ar fáil mar gheall ar ghortú fadtéarmach. Dabht gortaithe fosta faoi PJ Nolan agus Richie Kehoe do Loch Garman. Níl Gaillimh tar éis Loch Garman buachan ar riamh sa chomórtas Craoibhe ach seans maith acu amárach. Bua: Gaillimh
**Dé Domhnaigh 30ú Bealtaine**
**Craobh Peile Uladh- Cluiche Ceathrú Ceannais**
Bealach Féich @ 2.00i.n
**Dún na nGall v An Dún**
Bhí droch-thaispeántas ag Dún na nGall in aghaidh Ard Mhacha sa tSraith ach d’éirigh leis an bhfoireann f-21 dul chomh fada le Cluiche Ceannais na hÉireann i mbliana. Ní bheidh Brendán Boyle ag imirt mar gheall ar ghortú bléine. Fuair an Dún ardú céime i mbliana go roinn a haon ach beidh siad gan an cosantóir Daniel McCartan atá ar fionraí. Tá dabht mór gortaithe faoi Ambrose Rogers, Brendan McArdle agus Damien Rafferty. Bua: An Dún
**Craobh Peile Chonnacht- Réamhbhabhta**
Ruislip, Londain @ 3.30i.n.
**Londain v Ros Comáin**
Tá triúr imreoir nua ainmnithe ar fhoireann Ros Comáin. Tagann Stephen Ormsby agus Cathal Dineen isteach sa chosaint agus beidh Paul Garvey ag imirt sa líne leath-thosach. Dícháilíodh Ros Comáin go roinn a ceathair ach bhuaigh siad Craobh Chonnacht f-21 níos luaithe i mbliana. Tá Dónal Shine agus Karol Mannion ar ais tar éis gortú. Níl Londain tar éis cluiche Craoibhe a bhaint ó 1977. Bhuail an dá fhoireann seo in aghaidh a chéile in 2005 nuair a bhuaigh Ros Comáin le pointe amháin. Níl Ros Comáin chomh láidir agus a bhí Gaillimh anuraidh agus beidh Londain ag súil le geit a bhaint astu.Bua: Ros Comáin
**Craobh Iomána Laighean- Cluiche Ceathrú Ceannais**
Páirc Pharnell @ 3.30i.n
**Aontroim v Uíbh Fhailí**
Tosóidh Thomas McCann a chéad chluiche le hAontroim. Chaill siad go trom in aghaidh Uíbh Fhailí anuraidh i mbabhtaí dícháilithe na Craoibhe. Ba é 1995 an bhliain dheireanach gur bhuaigh Uíbh Fhailí Craobh Laighean ach tá siad sásta gur choimeád siad a stádas i roinn a haon i mbliana. Bua: Uibh Fhailí
**Craobh Iomána na Mumhan- Cluiche Ceathrú Ceannais**
Páirc Uí Chaoimh @ 4.00i.n.
**Tiobraid Árann v Corcaigh**
Le trí bliana anuas, chaill Corcaigh in aghaidh Thiobraid Árann. Ba é 2008 an chéad bhliain gur chaill Corcaigh cluiche i bPáirc Uí Chaoimh le 86 bliain anuas. Tá Michael Cussen (lámh briste) agus Eoin Cadagon (gortú coise) ar ais agus seans maith go mbeidh an bheirt acu páirteach sa chluiche. Tá roinnt gortuithe ag cur isteach ar Thiobraid Árann le Pat Kerwick, Paul Kelly agus James Woodlock imithe mar gheall ar ghortuithe fadtéarmacha. Tá dabht mór faoi Benny Dunne ach tá scéal níos fearr faoi Lar Corbett atá tar éis teacht ar ais chuige féin ó ghortú glúine. Seo an bhliain dheireanach do chuid de shean-laochra Chorcaí.
Bua: Corcaigh.

# Deacracht tosaithe na Gaillimhe a stopadh

Le Gráinne McElwain

"BHÍ an-áthas orainn Comórtas na Sraithe, Roinn a Dó a bhuachan i mbliana mar ní raibh muid ag iarraidh bliain eile a chaitheamh thíos sa roinn sin. Is cuma cad a deir daoine níl aon chomparáid idir a bheith ag imirt in aghaidh Chill Chainnigh nó Thiobraid Árann i Roinn a hAon agus i gcoinne Chill Dara agus Laoise i Roinn a Dó" a deir captaen iománaithe Loch Garman, Diarmuid Lyng.

Beidh Loch Garman in aghaidh Sheaimpíní na Sraithe, Gaillimh, an Satharn beag seo i bPáirc Uí Nualláin, Cill Chainnigh. An mí-bhuntáiste é mar sin teacht as Roinn a Dó chun imirt in aghaidh na seaimpíní as Roinn a Aon? " Is mí-bhuntáiste ar bhealach é. Níl an luas céanna ann i Roinn a Dó ná na scileanna iomána a bhíonn i Roinn a hAon le leithéidí Chill Chainnigh, na Gaillimhe agus Thiobraid Árann".

"Gan dabht beidh sé deacair in aghaidh na Gaillimhe. Tá fir mhóra láidre acu ar fud na páirce agus tá John McIntyre tar éis béim a chur air go gcaithfidh gach duine a liathróid féin a bhuachan ar nós mar atá ráite ag Brian Cody le Cill Chainnigh. An deacracht a bheidh againn ná a gcuid tosaithe a stopadh. Níl Joe Canning leis féin níos mó".



Captaen Loch Garman Diarmuid Lyng PICTIÚR: MATT BROWNE / SPORTSFILE

Chaill Loch Garman Cluiche Ceannais na Sraithe i Roinn a Dó anuraidh in aghaidh Uíbh Fhailí agus, tar éis dhá bhliain ag imirt ann, bhí ocras mór ar an fhoireann ardú céime a bhaint amach. Ach thosaigh an chaint agus an t-iniúchadh ar fad arís nuair a chaill siad in aghaidh Cheatharlach sa tSraith. " Is féidir leat féachaint ar an scéal seo ar dhá bhealach" a deir Lyng. "Ní raibh an toradh go maith agus níor imir muid go maith ar an lá. Ach ní dóigh liom mar fhoireann gur féidir linn a bheith buartha faoi sin. D'imir Ceatharlach thar barr ar an lá sin agus seo foireann atá ag feabhsú. Bhí an bua tuillte acu". "Ach i mbliana, thug an bua i gCluiche Ceannais na Sraithe muinín dúinn agus tá níos mó taithí againn. Nuair a chaill muid anuraidh bhí sé an-deacair smaoineamh ar an chraobh. Tá níos mó taithí ag Colm Bonnar (Bainisteoir Loch Garman) agus ag na roghnóirí chomh maith agus aithne mhaith acu ar na himreoirí ar fad".

Bhí go leor conspóide ag baint leis na rialacha nua sa pheil ach an gceapann Diarmuid go dtarlóidh an rud céanna san iomáint? "Níor tháinig éinne chugainn chun na rialacha nua a thaispeáint dúinn ach ní thuigim cén fáth go bhfuil siad ag athrú rialacha. Sílim go bhfuil sé seafóideach anois nach bhfuil cead againn dul thar lear ar shaoire thraenála agus anois níl cead ag na maoir uisce teacht isteach ar an bpáirc. Tá an chuma ar an scéal go bhfuil athruithe á ndéanamh mar gur féidir iad a dhéanamh".

"Seo an t-ochtú bliain domsa ar fhoireann Loch Garman. Tháinig mé isteach ag leath-am in aghaidh Chorcaí in 2004 i gCluiche Leathcheannais na hÉireann chun Seán Óg Ó hAilpín a mharcáil. Bhí sé sin deacair."

"Go pearsanta bhí sé go hálainn corn a ardú níos luaithe i mbliana. Bhí a fhios agam go dtarlódh sé." Roinnt bliana ó shin bhí Lyng ina chaptaen ar fhoireann pheile idirmheánach a chlub, Cumann Naomh Máirtín; d'ardaigh sé an corn dóibh sin chomh maith agus roghnaigh sé an dá óráid a dhéanamh trí Ghaeilge. "Sílim go bhfuil sé tábhachtach an Ghaeilge a úsáid, go háirithe nuair atá sí agat".

"Bíonn tuilleadh brú ort mar chaptaen ach bheadh sé go deas corn nó dhó eile a ardú i mbliana."

# Croí agus cloigeann láidir ag teastáil

Le Gráinne McElwain

"BHÍ an-díomá orainn nuair a chaill muid in aghaidh Ard Mhacha sa tsraith ach shuigh muid síos agus phléigh muid amach cad a bhí mí-cheart. Bhí muid iontach buartha ag an am ach b'shin sin agus thosaigh muid ag ullmhú don Chraobh díreach ina dhiaidh. Tá muid uilig ag súil leis an Dún ar an Domhnach" a deir John Joe Doherty, bainisteoir Dhún na nGall.

Tá roinnt á rá nach n-imríonn Dún na nGall ar na laethanta móra, nuair a bhíonn sé ag teastáil. Níl a fhios ag éinne an chúis leis sin ach tarlaíonn sé. "Tá fadhb ag Dún na nGall cinnte le deich mbliana anuas agus buadh orainn go dona i roinnt cluichí. Bíonn sé an-díomách go háirithe ar an lucht tacaíochta, ach bíonn laethanta eile ann a mbainimid an cluiche."

Bhí an-seans ag Dún na nGall cáiliú do Chluiche Ceannais na Sraithe i Roinn a Dó i mbliana ach cé go raibh siad ag imirt sa bhaile in aghaidh Ard Mhacha buadh orthu go dona, 2-16 le 0-6. Lá mór eile agus cluiche eile caillte, ach cad is féidir a dhéanamh faoi? "Caithfidh cloigeann láidir a bheith ort chun an cluiche seo a imirt. Bhí cruinnithe againn agus labhair muid faoi agus bhí muid ag cuartú cúiseanna ar cad chuige gur tharla sé. Bhí seans ag gach duine labhairt faoi."

Nuair a cuireadh ceist ar Doherty an raibh aon síceolaí acu ar nós roinnt contaetha eile, phléasc sé amach ag gáire. "Níl a fhios agam an raibh an focal sin ag na seandaoine ach seo focal nua-aimseartha anois. B'fhéidir nach raibh an fhéin-mhuinín ag na himreoirí roimhe seo ach tá muid muiníneach as an ghrúpa atá againn."




Go leor le smaoineamh faoi ag John Joe Doherty PICTIÚR: OLIVER MCVEIGH / SPORTSFILE

Ar ndóigh braitheann go leor ar Michael Murphy agus Colm McFadden sna tosaithe. Chaill Michael amach ar bhonn Uile-Éireann f-21 le déanaí nuair a chaill sé cic éirice sna bomaití deireanacha ach, dar le John Joe, tá sé go breá anois faoi. "Tá Michael ag déanamh scrúduithe faoi láthair agus tá painéal láidir againn. Ní bheidh Brendan Boyle ag imirt mar gheall ar ghortú fadtéarmach ach bhí dabht i gcónaí faoi sin."

Fuair John Joe Doherty an réiteoir Jimmy White ó Dhún na nGall chun an pas láimhe a thaispeáint don fhoireann. "Is é an chomhairle a bhí ag Jimmy agus agamsa ná an dorn a úsáid i gcónaí ach níl ciall ar bith leis na rialacha nua seo."

"Tá mé ag iarraidh taispeántas maith ón fhoireann agus go dtabharfaidh siad 100%. Ní bhíonn mórán idir muid féin agus an Dún nuair a bhuaileann muid lena chéile agus beidh sé an-chothrom, ach caithfidh croí na leaids a bheith sa chluiche. Caithfidh siad dul amach agus a seacht ndícheall a dhéanamh."



John Allen agus Stádas Chorcaí

L. 30



Croí láidir ag teastáil do Dhún na nGall

L. 31

SPÓRT

Déan teagmháil linn ag **sport@gaelsceal.ie**

Gaelscéal

● 28.05.2010



# Ag iarraidh slán maith a fhágáil le Cheika

**Le Gráinne McElwain**

BEIDH Cúige Laighean agus na hOspreys ag tabhairt aghaidh ar a chéile an Satharn beag seo san RDS i mBaile Átha Cliath ag 6.30i.n. i gCluiche Ceannais na Sraithe Magners. Níl aon dabht faoi ach go bhfuil an dá fhoireann ag iarraidh corn a bhaint ach is é an cluiche deireanach é ag roinnt de na sean-laochra ag Cúige Laighean, an cóitseálaí Michael Cheika ina measc. Ní fheicfear Malcolm O'Kelly, Girvan Dempsey ná Bernard Jackman sa gheansaí gorm arís mar go mbeidh siad ag éirí as agus beidh Michael Cheika, Chris Keane agus CJ Van der Linde ag bogadh ar aghaidh go háiteanna eile. Ach ní cúis bróin é seo dar le Cheika a chaith cúig bliana leis an fhoireann. "Beidh muid ag díriú isteach ar an chluiche seo ag iarraidh é a bhaint seachas a bheith ag smaoineamh ar imeacht. Ní fúmsa atá an cluiche seo ná faoi na himreoirí eile atá ag fágáil ach an club a dhéanamh níos láidre agus an cluiche a bhaint."

Tá luas aisteach ag na hOspreys, go háirithe le Tommy Bowe agus Shane Williams amuigh ar an chliathán ach "Muna mbainfidh muid an cluiche seo, is drochshéasúr a bheidh ann dúinn" a deir cóitseálaí na nOspreys, Seán Holley. Chaill siad le pointe amháin in aghaidh Biarritz i gcluiche ceathrú ceannais an Choirn Heinken agus, cosúil le Cúige Laighean, tá siad ag iarraidh a dtríú Corn Ceilteach a bhuachan. Bhí go leor gortuithe ag cur isteach orthu i rith na bliana ach tá imreoirí ar nós Mike Phillips agus Adam Jones ag teacht ar ais chucu féin. Níor chaill Cúige Laighean sa bhaile sa Chomórtas Ceilteach ó Mheán Fómhair 2008. Ní bheidh Leo Cullen ag imirt mar gheall ar obráid ar a ghualainn; beidh Shane Jennings ina chaptaen ina áit. Is é an oidhreacht atá fágtha ag Cheika ina dhiaidh ná go bhfuil feabhas cuimsitheach tar éis teacht ar na tosaithe agus tá an bua tuillte aige, chomh maith leis an chorn sula bhfágfaidh sé an chúige.